



2026/1875

7.8.2026

CINNEADH (AE) 2026/1875 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Nollaig 2025

**maidir le Státchabhair SA.51268 (2021/C) (ex 2018/FC) arna chur chun feidhme ag an bhFrainc
d'Institiúid Náisiúnta na Fraince um Thaighde Seandálaíochta Coiscthí (INRAP)**

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 8737)

(Is é an téacs Fraincise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 108(2) de,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus go háirithe Airteagal 62(1)(a) de,

Tar éis a iarraidh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur isteach de bhun na bhforálacha thuasluaite,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

- (1) An 30 Bealtaine 2018, fuair an Coimisiún gearán, arna thaisceadh ag an ngnólacht Fhrancach *Études et valorisations archéologiques* ('EVEHA' nó an 'gearánach'), inar líomhnaíodh gur státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') a bhí ar neamhréir leis an margadh inmheánach a bhí i mbearta áirithe a glacadh ar mhaithe le hInstitiúid Náisiúnta na Fraince um Thaighde Seandálaíochta Coiscthí (*Institut national de recherches archéologiques préventives* -'INRAP').
- (2) I litir dar dáta an 20 Nollaig 2021, thug an Coimisiún fógra d'údaráis na Fraince faoina chinneadh an próiseas dá bhforáiltear in Airteagal 108(2) CFAE a thionscnamh i leith na mbeart sin ('an cinneadh tosaigh') ⁽¹⁾.
- (3) Foilsíodh an cinneadh tosaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ⁽²⁾. D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha maidir leis na bearta a chur isteach laistigh de mhí amháin ón dáta foilsithe.
- (4) Chuir an Fhrainc a barúlacha isteach an 3 Feabhra 2022. An 9 Bealtaine 2022, fuair an Coimisiún barúlacha i scríbhinn ó EVEHA freisin.
- (5) Chuir an Coimisiún barúlacha EVEHA maidir leis an gcinneadh tosaigh ar aghaidh chuig an bhFrainc i litir dar dáta an 16 Bealtaine 2022. Chuir an Fhrainc a barúlacha faoi bhráid an Choimisiúin i litir dar dáta an 23 Meitheamh 2022.
- (6) Tar éis glao comhdhála leis an gCoimisiún an 7 Feabhra 2024, thug EVEHA freagra ar iarraidh ar shoiléiriú ón gCoimisiún i litir dar dáta an 28 Meitheamh 2024.
- (7) I litir dar dáta an 28 Eanáir 2025, sheol EVEHA doiciméid bhreise chun tacú lena bharúlacha chuig an gCoimisiún.
- (8) I litir dar dáta an 28 Iúil 2025, d'iarr an Coimisiún soiléiriú forlíontach ar údaráis na Fraince; soláthraíodh é sin an 29 Meán Fómhair 2025.

⁽¹⁾ Cinneadh C(2021) 9729 final an 20 Nollaig 2021.

⁽²⁾ IO C 135, 25.3.2022, lch. 40.

2. TUAIRISC AR INRAP

- (9) Bunaíodh INRAP le Dlí Uimh. 2001-44 an 17 Eanáir 2001 maidir le seandálaíocht choiscitheach ('Dlí 2001') agus tháinig sé i gcomharbacht ar *Association pour les Fouilles archéologiques Nationales* ('AFAN'). Is comhlacht riaracháin phoiblí uathrialach é INRAP (*établissement public à caractère administratif*) atá faoi mhaoirseacht na hAireachta Cultúir agus na hAireachta Ardoideachais, Taighde agus Nuálaíochta (?).

2.1. Gníomhaíochtaí INRAP

- (10) Tá INRAP gníomhach i réimse na seandálaíochta coiscthí (?). Leagtar amach a chúraimí in Airteagail L. 523-1 agus R. 545-26 den Chód Oidhreachta.

2.1.1. Cúraimí seirbhíse poiblí neamhiomaíocha

- (11) Tá INRAP freagrach as meastóireachtaí seandálaíochta coiscthí a dhéanamh (?). Is réamhoibríochtaí iad sin a tharlaíonn roimh thionscadail forbartha talún (?) a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don oidhreacht seandálaíochta. Trí bhithin staidéar, suirbhéanna nó obair allamuigh, féachtar leis na hoibríochtaí sin aon ghné den oidhreacht seandálaíochta a d'fhéadfadh a bheith ar an láithreán a shainaitheint agus tuairisc a thabhairt uirthi agus na torthaí a chur i láthair i dtuarascáil (?). Tá faisnéis eolaíoch sa tuarascáil a chuireann ar a chumas don Stát na bearta coimirce oidhreachta iomchuí a ordú (tochailtí, leasuithe ar an tionscadal forbartha nó liostú mar shéadchomhartha stairiúil).
- (12) Sa chleachtas, nuair a chruthaíonn tionscadal forbartha baol go scriosfar taisí seandálaíochta, ordaíonn an Stát meastóireacht, tochailt seandálaíochta coiscthí nó beart chun caomhnú na hoidhreachta seandálaíochta *in situ* a áirithiú (leasú ar thionscadail forbartha nó liostú mar shéadchomharthaí stairiúla).
- (13) Is cúram seirbhíse poiblí í an obair mheastóireachta a mhaoinítear le fóirdheontas oibriúcháin a íocann an Stát le INRAP i bhfoirm leithreasuithe buiséid dá bhforáiltear sa Dlí Buiséadach (Clár 175 – 'Oidhreacht'). Roimh 2016, maoiníodh an ghníomhaíocht sin go bunúsach le cuid de na fáilais ón muirear seandálaíochta coiscthí (*redevance d'archéologie préventive* – 'RAP').
- (14) Ó 2003 i leith, roinneadh an ghníomhaíocht sin de chuid INRAP le ranna seandálaíochta poiblí na n-údarás áitiúil nó réigiúnach arna n-údarú ag an Stát. Ní faoin Stát, faoin bhforbróir ná faoi INRAP atá sé cinneadh a dhéanamh maidir le dáileadh na meastóireachtaí idir na húdaráis áitiúla nó réigiúnacha údaraithe agus INRAP. Is é (féach aithris 15 thíos) cinneadh neamhspleách na n-údarás áitiúil nó réigiúnach atá údaraithe chun meastóireachtaí a dhéanamh, cinneadh a dhéantar trí phróiseas a rialaítear go docht leis an gCód Oidhreachta. Iarrann an

(?) I gcomhréir le hAirteagal R.545-24 den Chód Oidhreachta (*Code du patrimoine*).

(?) In Airteagal L.521-1 den Chód Oidhreachta sainmhínítear an tseandálaíocht choiscitheach mar a leanas: 'Is dlúthchuid den tseandálaíocht í an tseandálaíocht choiscitheach, ar cúram seirbhíse poiblí í. Rialaítear é leis na prionsabail is infheidhme maidir le haon taighde eolaíoch. Is é is cuspóir dó a áirithiú, laistigh de thréimhse ama réasúnta, go ndéanfar míreanna oidhreachta seandálaíochta a ndéanann obair forbartha phoiblí nó phríobháideach difear dóibh nó ar dócha go ndéanfaidh obair forbartha phoiblí nó phríobháideach difear dóibh a bhrath, a chaomhnú nó a tharrtháil trí bhithin staidéar eolaíoch, ar talamh nó faoi uisce. Tá sé de chuspóir aige freisin torthaí na hoibre sin a léirmhíniú agus a scaipeadh.'

(?) I gcomhréir le hAirteagal L.523-1 agus R.545-26 den Chód Oidhreachta.

(?) Is é an maor réigiúnach a ainmníonn tionscadail forbartha talún a dteastaíonn meastóireacht seandálaíochta roimh ré ina leith. Is féidir leis an maor réigiúnach – nó, trí tharmligean, roinn réigiúnach na seandálaíochta (*Service Régional de l'Archéologie*) ag na stiúthóireachtaí réigiúnacha um ghnóthaí cultúrtha (*treoracha régionales des affaires culturelles*) – meastóireacht a ordú i gcás ina bhfuil fianaise acu gur dócha go ndéanfaidh tionscadal forbartha a tharchuirtear chucu difear do mhíreanna oidhreachta seandálaíochta. Faoi Airteagal R.523-4 den Chód Oidhreachta, ní mór an méid seo a leanas a tharchur chuig an maor réigiúnach: i) tionscadail forbartha atá faoi réir dearbhaithe nó cead faoin gCód Pleanála Uirbí (*Code d'urbanisme*) (cead pleanála, cead scartála, cead forbartha, cinneadh chun limistéir forbartha arna n-ainmniú go poiblí a chruthú (*zones d'aménagement concerté*, – 'ZACanna'), i gcás ina ndéantar iad i limistéir atá ainmnithe mar limistéir ar dóigh dóibh a bheith faoi réir cosanta seandálaíochta (*zones de présomption de prescription archéologique*); ii) ZACanna agus tionscadail tithíochta a chruthú ar mó ná trí heictear a n-achar; iii) tionscadail áirithe atá faoi réir réamhdhearbhaithe, ar nós tochailt ithreach, plandú crann, baint stumpaí, seolphiobáin uisce nó canálacha a chruthú, srl.; iv) oibreacha forbartha agus innealtóireachta agus staidéar tionchair roimhe sin i gcomhréir leis an gCód Comhshaoil (*Code de l'environnement*); agus v) oibreacha ar fhoirgnimh a liostaítear mar shéadchomharthaí stairiúla. I limistéir seachas limistéir atá ainmnithe mar limistéir ar dócha go mbeidh siad faoi réir cosaint seandálaíochta, féadfaidh na húdaráis atá freagrach as forbairtí a údarú cinneadh a dhéanamh tionscadail ar dócha go ndéanfaidh siad difear do ghnéithe den oidhreacht seandálaíochta a tharchur chuig an maor réigiúnach.

(?) Airteagal R. 523-15(1) den Chód Oidhreachta.

Stiúrthóireacht Réigiúnach um Ghnóthaí Cultúrtha (*direction régionale des affaires culturelles*)⁽⁸⁾ ar ranna seandálaíochta na n-údarás áitiúil nó réigiúnach ar dtús. Bíonn 14 lá ag na ranna sin chun cinneadh a dhéanamh cé acu a ghlacfaidh siad leis an tasc nó nach nglacfaidh. Má dhiúltaíonn siad (nó mura nglacann siad leis), is é INRAP a dhéanann an mheastóireacht. Déanann INRAP thart ar 80 % de na meastóireachtaí arna n-ordú ag an Stát, agus is iad ranna seandálaíochta údaráithe na n-údarás áitiúil nó réigiúnach a dhéanann an 20 % eile⁽⁹⁾.

- (15) Má tá gá le meastóireacht, féadfar í a chur de chúram ar roinn seandálaíochta de chuid údarás áitiúil nó réigiúnach, arna húdarú go cuí ag an Stát i gcomhréir le hAirteagal L. 522-8 den Chód Oidhreachta, nó, ina éagmais sin, ar INRAP. Amhail an 31 Nollaig 2024, tá an t-údarú ábhartha ag 63 roinn údaráis áitiúil nó réigiúnaigh.
- (16) Leis an údarú, tugtar de chumhacht do roinn an údaráis áitiúil nó réigiúnaigh na meastóireachtaí uile a ordaíodh, nó cuid díobh, a dhéanamh. I gcomhréir le hAirteagal L. 523-4 agus R. 523-25 den Chód Oidhreachta, féadfaidh údarás áitiúil nó réigiúnach a chinneadh:
- meastóireacht seandálaíochta coiscthí a dhéanamh i ndáil le tionscadal forbartha a dhéantar ar a chríoch; amhail an 31 Nollaig 2024, roghnaigh 51 roinn údaráis áitiúil nó réigiúnaigh é sin a dhéanamh; nó
 - na meastóireachtaí uile a ordaítear i ndáil le tionscadail forbartha a dhéantar ar a chríoch a dhéanamh ar feadh íostréimhse 3 bliana (Airteagal R. 523-27 den Chód Oidhreachta). Amhail an 31 Nollaig 2024, roghnaigh 12 roinn údaráis áitiúil nó réigiúnaigh é sin a dhéanamh.
- (17) Nuair a ordaíonn an Stát meastóireacht, is é seo a leanas an próiseas chun an t-oibreoir atá freagrach as an meastóireacht a dhéanamh a ainmniú:
- Má tá roinn údaráithe de chuid údarás áitiúil nó réigiúnach ar an gcríoch ar a bhfuil an fhorbairt beartaithe a roghnaigh na meastóireachtaí uile a dhéanamh, sanntar an mheastóireacht di go huathoibríoch.
 - Má tá roinn údaráithe amháin nó níos mó de chuid na n-údarás áitiúil nó réigiúnach ar an gcríoch ina bhfuil sé beartaithe an fhorbairt a dhéanamh, is é an t-oibreoir atá freagrach, in ord tosaíochta: an bardas, ansin an roinn, ansin an réigiún. Cuirfidh an t-údarás áitiúil nó réigiúnach, ar tugadh fógra dó in ord tosaíochta, an Stát ar an eolas faoina chinneadh maidir leis an meastóireacht laistigh de 14 lá ón bhfógra meastóireachta a fháil. Mura mian le haon roinn údaráithe de chuid údarás áitiúil nó réigiúnach an mheastóireacht a dhéanamh, sanntar í do INRAP.
 - Mura bhfuil aon údarás áitiúil nó réigiúnach údaráithe ar an gcríoch ar a bhfuil an fhorbairt beartaithe, sanntar an mheastóireacht go huathoibríoch do INRAP.
- (18) Tá INRAP freagrach freisin as staidéar eolaíoch a dhéanamh ar oibríochtaí seandálaíochta coiscthí agus as a dtorthaí a scaipeadh. Rannchuidíonn sé le teagasc, for-rochtain phoiblí agus cur chun cinn na seandálaíochta⁽¹⁰⁾.

2.1.2. Gníomhaíochtaí iomaíocha a bhaineann le tochair seandálaíochta

- (19) Déanann INRAP tochair seandálaíochta coiscthí freisin⁽¹¹⁾. Déantar na tochair seo roimh thionscadail forbartha talún ar dóigh dóibh damáiste a dhéanamh do na hiarsmaí seandálaíochta a bhraitear le linn meastóireachtaí. An 1 Lúnasa 2003, d'oscail an Fhrainc an margadh le haghaidh tochair seandálaíochta coiscthí don iomaíocht le Dlí Uimh. 2003-707.

⁽⁸⁾ Sa Fhrainc, is roinn dhéabhlóidithe den Aireacht Cultúir í stiúrthóireacht réigiúnach um ghnóthaí cultúrtha i ngach réigiún.

⁽⁹⁾ Tuarascáil ó Martine Faure, Feisire Parlaiminte, arna coimisiúnú ag an Aire Cultúir agus Cumarsáide, *Pour une politique publique équilibrée de l'archéologie préventive* (I dtreo beartas poiblí cothromaithe maidir le seandálaíocht choisctheach), Bealtaine 2015, le fáil ag: <https://www.banquedesterritoires.fr/sites/default/files/ra/Le%20rapport%20de%20Martine%20Faure%20sur%20l%27arch%C3%A9ologie%20pr%C3%A9ventive..pdf>.

⁽¹⁰⁾ I gcomhréir le hAirteagal L.523-1 den Chód Oidhreachta.

⁽¹¹⁾ I gcomhréir le hAirteagal L.523-1 agus R.545-26 den Chód Oidhreachta.

- (20) Féadfaidh forbróirí ceann de na hoibreoirí seo a leanas a roghnú anois chun ordú Stáit a chur chun feidhme: (i) INRAP, (ii) ranna seandálaíochta údaraithe na n-údarás áitiúil nó réigiúnach nó (iii) aon duine eile a rialaítear leis an dlí poiblí nó príobháideach, ar choinníoll go bhfuil a saineolas eolaíoch creidiúnaithe ag an Stát ⁽¹²⁾.

2.1.3. *Gníomhaíochtaí mar 'oibreoir na rogha deiridh' a bhaineann le tochailtí seandálaíochta*

- (21) Foráiltear le hAirteagal L 523-10 den Chód Oidhreacht a 'i gcás nach bhfuil na coinníollacha chun na tochailtí a dhéanamh curtha i bhfeidhm nó comhlíonta ag aon oibreoir eile, ní mór do [INRAP] iad a dhéanamh arna iarraidh sin don duine a bheartaíonn na hoibreacha a dhéanamh [...]'. Luaitear freisin in Airteagal L 523-13 den Chód Oidhreacht a 'i gcás ina scoirfidh an t-oibreoir tochailte dá ghníomhaíochtaí nó ina dtarraingeofar siar a fhormheas nó a údarú, leanfaidh [INRAP] d'aon oibríocht seandálaíochta nach bhfuil críochnaithe go fóill [...]'.
(22) Áirítear leis an oibleagáid sin a fhorchuirtear ar INRAP leanúnachas sheirbhís phoiblí na seandálaíochta coiscthí ar fud na críche náisiúnta. Is faoi shaoirse a roghnaíonn an forbróir an t-oibreoir seandálaíochta coiscthí, (INRAP, comhlacht príobháideach creidiúnaithe nó roinn údaraithe d'údarás áitiúil nó réigiúnach), agus aontaíonn sé le praghas na seirbhíse.
(23) Leis an oibleagáid sin gníomhú mar oibreoir na rogha deiridh, ceanglaítear ar INRAP láithreacht a choinneáil ar bun ar fud na críche náisiúnta agus an saineolas agus na hacmhainní is gá a bheith ar fáil dó i gcónaí chun a chúraimí a chomhlíonadh laistigh de na sprioc-amanna a leagtar síos le dlí. Dá bhrí sin, eascraíonn costas struchtúrach as nach féidir a chumhdach go hiomlán leis an luach saothair a fhaigheann INRAP nuair a ghníomhaíonn sé mar oibreoir na rogha deiridh.
(24) In éagmais iarrthóra, cuireann an forbróir a iarraidh faoi bhráid INRAP mar aon leis an ordú tochailte arna eisiúint ag an Stát a bhfuil sonraíocht tairisceana i gceangal leis, ina leagtar amach na socruithe teicniúla atá le comhlíonadh.
(25) Tá 2 mhí ag INRAP ansin chun dréachtchonradh a sheoladh chuig an bhforbróir ina leagtar amach na téarmaí chun an tochailt a dhéanamh. Ní mór a chuimsiú ann, *inter alia*, an tuairisc ar an tionscadal eolaíoch, dáta tosaigh sealadach an tochailte, fad an tochailte agus praghas na hoibríochta. Ní mór an conradh arna shíniú idir an forbróir agus INRAP a sheoladh chuig an maor réigiúnach a údaraíonn nó a dhiúltaíonn an tochailt ag brath ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann téarmaí an chonartha an t-ordú.
(26) Ní mór an praghas atá molta ag INRAP a chinneadh ar bhonn na gcritéar a bhfuil feidhm acu maidir le haon ghníomhaíocht iomaíoch (de réir phrionsabal na brabúsachta). Leagtar síos na critéir sin le cinneadh ó cheann INRAP i gcomhréir leis na socruithe arna leagan síos ag a bhord gobharnóirí.
(27) Is é an maor réigiúnach a réitíonn aon easaontú idir an forbróir agus INRAP maidir leis na téarmaí nó leis an bpraghas. Tá an eadráin sin ón Stát beartaithe chun ráthaíocht a sholáthar don fhorbróir, nach bhfuil rogha oibreora aige.
(28) Tá 6 mhí ag INRAP ó dháta eisiúna an údaraithe tochailte ag an maor réigiúnach chun an oibríocht a thionscnamh. Mura gcomhlíonfaidh sé an spriocdháta sin nó mura dtabharfar an oibríocht chun críche laistigh de 18 mí ón dáta sin (ar féidir síneadh a chur leis uair amháin le cinneadh ón maor réigiúnach), measfar an t-ordú tochailte arna eisiúint ag an Stát a bheith imithe i léig.
(29) Má scoireann oibreoir tochailte dá ghníomhaíochtaí nó má tharraingítear siar a fhormheas nó a údarú sula gcuirtear an tochailt i gcrích, ní mór do INRAP leanúint den tochailt neamhchríochnaithe.
(30) Agus staid dhul chun cinn na hoibríochta agus téarmaí na sonraíochta atá i gceangal leis an ordú tochailte arna eisiúint ag an Stát á gcur san áireamh, ní mór do INRAP tuairisc tionscadail eolaíoch a tharraingt suas chun an oibríocht a thabhairt i gcrích.
(31) Cinntear an praghas atá molta ag INRAP de réir na gcritéar céanna a bhfuil feidhm acu in éagmais iarrthóra chun an tochailt a dhéanamh (féach aithris 26).

⁽¹²⁾ Airteagal L.523-8 den Chód Oidhreacht.

- (32) I gcás comhaontaithe, leagtar amach i gconradh arna thabhairt i gcrích idir an forbróir agus INRAP an praghas agus na spriocdhátaí chun an tochailt a dhéanamh. Ní mór an conradh arna shíniú idir an forbróir agus INRAP a sheoladh chuig an maor réigiúnach, a údaraíonn nó a dhiúltaíonn an tochailt ag brath ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann téarmaí an chonartha an t-ordú.
- (33) I gcás easaontas idir an forbróir agus INRAP maidir leis an bpraghas agus/nó na sprioc-amanna, déanann an páirtí a ardaíonn an tsaincheist an t-ábhar a tharchur chuig an maor, a shocraíonn an praghas agus/nó na sprioc-amanna faoi na coinníollacha céanna agus a shocraítear in éagmais iarrthóir tosaigh chun na tochailtí a dhéanamh (féach aithris 27).

2.1.4. *Achoimre ar ghníomhaíochtaí INRAP*

- (34) Dá bhrí sin, cuirtear cúraimí ar INRAP nach dtéann sé in iomaíocht le hoibreoírí príobháideacha atá creidiúnaithe ag an Stát lena n-aghaidh (gníomhaíochtaí 'neamhiomaíocha' nó 'seirbhíse poiblí'). Is iad na cúraimí sin meastóireachtaí seandálaíochta coiscthí, staidéar eolaíoch ar oibríochtaí seandálaíochta coiscthí, scaipeadh torthaí, gníomhaíochtaí oideachais, for-rochtain phoiblí agus an tseandálaíocht a chur chun cinn. Os a choinne sin, téann INRAP in iomaíocht le hoibreoírí atá creidiúnaithe ag an Stát i réimse tochailtí seandálaíochta coiscthí ('gníomhaíochtaí iomaíocha'). I gcomhthéacs na ngníomhaíochtaí iomaíocha sin, tá INRAP faoi réir oibleagáid seirbhíse poiblí lena gceanglaítear air tochailtí a dhéanamh, arna iarraidh sin don fhorbróir agus faoi mhaoirseacht an Stáit, nuair nach bhfuil aon oibreoir eile ann atá in ann an t-ordú a chur chun feidhme.

2.2. **An chaoi a maoineítear INRAP**

- (35) Foráiltear le hAirteagal L 524-1 den Chód Oidhreacht go ndéanfar '[INRAP] a mhaoiniú leis an méid seo a leanas: ... (b) fóirdheontais ón Stát nó ó aon duine poiblí nó príobháideach eile; (c) luach saothair as na gníomhaíochtaí tochailte a dhéanann sí.
- (36) Maidir lena ghníomhaíochtaí neamhiomaíocha le linn na tréimhse 2008-2021, is é sin an tréimhse a chumhdaítear leis an ngearán, fuair INRAP an maoiniú poiblí seo a leanas:
- (a) go dtí an 31 Nollaig 2015, cuid de na fáiltais ón muirear seandálaíochta coiscthí (RAP) ⁽¹³⁾;
 - (b) fóirdheontais ó leithreasuithe buiséid ⁽¹⁴⁾;
 - (c) ón 1 Eanáir 2016, deontas oibriúcháin arna íoc ag an Aireacht Cultúir i bhfoirm leithreasuithe buiséid dá bhforáiltear sa Dlí Buiséadach (Clár 175) ⁽¹⁵⁾;
 - (d) deontas oibriúcháin arna íoc ag an Aireacht Cultúir i bhfoirm leithreasuithe buiséid dá bhforáiltear sa Dlí Buiséadach (Clár 186 – 'Taighde cultúrtha agus cultúr eolaíoch', ó 2021 arna chomhtháthú i gClár 361 'Eolas a tharchur agus cultúr a dhaonlathú') ⁽¹⁶⁾;
 - (e) fóirdheontais éagsúla ó eintitis phoiblí Fhrancacha nó neamh-Fhrancacha seachas na haireachtaí líne ⁽¹⁷⁾.
- (37) Leagtar amach méideanna na bhfoinsí maoiniúcháin sin go bliantúil i nDlí Buiséadach.

⁽¹³⁾ Go dtí an 31 Nollaig 2015, toibhíodh RAP cosúil le cáin ach a leithdháileadh go díreach é ar an gCiste Náisiúnta um Seandálaíocht Choisctheach (*Fonds national pour l'archéologie préventive*) agus ar oibreoírí meastóireachta (INRAP agus údarais áitiúla nó réigiúnacha) chun a chur ar a gcumas dóibh a gcúraimí meastóireachta agus taighde a chomhlíonadh. I gcomhréir le hAirteagal L. 524-2 den Chód Oidhreacht, tá RAP iníoctha ag aon duine, mar shampla comhúinéirí, a bheartaíonn obair a dhéanamh a dhéanann difear don fhoithir agus (a) atá faoi réir údarú nó réamhdhearbhú de bhun an Chóid um Pleanáil Uirbeach; (b) lena gceanglaítear measúnú tionchair de bhun an Chóid Comhshaoil; nó (c) i gcás obair tochailte ithreach, atá faoi réir dearbhú riaracháin roimh ré i gcomhréir le coinníollacha a leagtar amach i bhforaithne ón gComhairle Stáit. Má roinntear an obair, is é an limistéar talún atá le cur san áireamh limistéar an chláir oibre ghinearálta.

⁽¹⁴⁾ Mar chúiteamh ar an easpa fáiltais ó RAP, d'íoc an Stát fóirdheontais bhreise arís agus arís eile le INRAP ó leithreasuithe buiséid chun comhlíonadh a chúraimí meastóireachta agus taighde a chumhdach.

⁽¹⁵⁾ An 1 Eanáir 2016, tháinig an deontas sin in ionad bhailiú díreach RAP ag INRAP, a íocadh isteach i mbuiséad ginearálta an Stáit ó shin.

⁽¹⁶⁾ Rannchuidíonn an deontas sin le maoiniú chúraimí taighde agus scaipthe cultúrtha INRAP.

⁽¹⁷⁾ Íocadh na fóirdheontais sin le haghaidh oibríochtaí sonracha neamhiomaíocha, go háirithe ar bhonn glaonna ar thionscadail, agus bhí méideanna imeallacha i gceist leo.

- (38) Tar éis an dáta sin, tar éis ghlacadh Dhlí Bhuiséadach Uimh. 2015-1785 le haghaidh 2016 an 29 Nollaig 2015, lenar aisghaireadh pointe (a) d'Airteagal L. 524-1 thuasluaite, maoiníodh gníomhaíochtaí neamhiomaíocha INRAP go bunúsach le deontas oibriúcháin a d'íoc an Stát leis i bhfoirm leithreasuithe buiséid dá bhforáiltear sa Dlí Buiséadach (Clár 175 – 'Oidhreacht'). Íocadh RAP isteach i mbuiséad ginearálta an Stáit ó shin. Comhlíonann sé an sainmhíniú ar cháin anois.
- (39) Ba é EUR [900-1300] (*) milliún méid iomlán an mhaoinithe phoiblí a deonaíodh do INRAP le haghaidh a ghníomhaíochtaí neamhiomaíocha le linn na tréimhse 2008-2021 ⁽¹⁸⁾.
- (40) Ina theannta sin, le linn na tréimhse 2008-2021, ó 2015 ar aghaidh fuair INRAP fóirdheontais le haghaidh costais seirbhíse poiblí i ndáil lena ghníomhaíochtaí mar oibreoir na rogha deiridh le haghaidh tochairtí seandálaíochta. Bhí na fóirdheontais sin cothrom le EUR 22,69 milliún don tréimhse 2015-2018 ⁽¹⁹⁾. Don tréimhse 2019-2021, b'ionann an méid agus EUR 21,72 milliún (EUR 7,24 milliún in aghaidh na bliana). In 2019, áfach, roghnaigh INRAP an maoiniú poiblí uile a fuarthas ón Stát, mar shampla an fóirdheontas le haghaidh costais seirbhíse poiblí, a leithdháileadh ar a ghníomhaíochtaí a bhí go hiomlán neamhiomaíoch, i gcomhréir leis na gealltanais a tugadh don Údarás Iomaíochta. Dá bhrí sin, ó 2019 i leith, níor mhaoinigh aon fhóirdheontas le haghaidh costais seirbhíse poiblí gníomhaíochtaí tochairtí coiscthí INRAP.
- (41) Glacann an Pharlaimint an fóirdheontas bliantúil le haghaidh costais seirbhíse poiblí gach bliain mar chuid den Dlí Buiséadach. Déantar é a iontráil i leithreasuithe buiséid Chlár 175 – 'Oidhreacht'. Dá bhrí sin, is cineál maoiniúcháin tosaigh ar ráta comhréidh é agus ní aisíocaíocht ná cúiteamh é a íoctar ina dhiaidh sin as costais arna dtabhuí ag INRAP.
- (42) Suíodh an fóirdheontas sin mar gheall ar chrapadh suntasach an mhargaidh tochairtí ó 2012, agus ina dhiaidh sin tháinig laghdú [38-52] % ar ioncam INRAP idir 2013 agus 2017. Cé go raibh INRAP in ann na costais a d'eascair as a oibleagáid idirghabháil a dhéanamh mar oibreoir na rogha deiridh a chumhdach go dtí 2014 a bhí leis na barrachais a d'eascair as a ghníomhaíochtaí iomaíocha, ó 2015 ní raibh sé in ann é sin a dhéanamh a thuilleadh mar gheall ar chrapadh an mhargaidh. Dá bhrí sin, cinneadh fóirdheontais a íoc ó 2015 ar aghaidh go sonrach le haghaidh costais bhreise áirithe a gineadh leis an oibleagáid sin.
- (43) Idir 2015 agus 2018, bhain an fóirdheontas le haghaidh costais seirbhíse poiblí a íocadh le INRAP go sonrach leis na costais bhreise seo a leanas a gineadh leis na hoibleagáidí a d'fhorchuir an reachtóir ar an margadh tochairtí:
- **Láithreacht ar fud na críche:** Ní mór do INRAP líonra 54 oifig a oibriú chun an chríoch iomlán a chumhdach, ach níl ach 16 oifig ag an bpríomhoibreoir príobháideach a dhéanann tochairtí ar fud chríoch na Fraince, nach bhfuil faoi réir oibleagáid den sórt sin. Gineann na 38 n-oifig bhreise costais bhreise i dtéarmaí cíosa, cuirear agus cothabhála.
 - **An cumas idirghabháil a dhéanamh i gcónaí agus i ngach timpeallacht:** Ní mór do INRAP thart ar 60 speisialtóir a fhosú ar bhonn buan (seandálaithe-zóleolaithe, pailíneolaithe, srl.). Tá costais imeallacha ar luach saothair agus ar mhuirir i gceist leis an oibleagáid sin.
 - **Plean chun aghaidh a thabhairt ar an bhfostaíocht fhorbhásach:** ar bhonn comhaontú polaitiúil idir an tAire Cultúir agus na ceardchumainn, ghlac INRAP plean chun aghaidh a thabhairt ar fhostaíocht fhorbhásach le linn na tréimhse 2014-2016 trí 210 ball foirne a bhí ag obair cheana féin ag INRAP ar chonarthaí ar théarma seasta a earcú ar chonarthaí neamhiata, i gcomhthéacs crapadh an-ghéar sa mhargadh tochairtí.
 - **Costais chánach bhreise:** tá na costais chánach bhreise nasctha leis an gcáin ghnó réigiúnach (*Contribution Économique Territoriale – CET*), arb é atá inti cáin mhaoine an ghnólachta (*Cotisation Foncière des Entreprises – CFE*) agus an ranníocaíocht bhreisluacha ghnó (*Cotisation sur la Valeur Ajoutée des Entreprises – CVAE*).
 - Cáin mhaoine an ghnólachta: eascraíonn méadú uathoibríoch ar cháin mhaoine an ghnólachta as na costais bhreise a ghineann na 38 n-oifig bhreise atá á reáchtáil ag INRAP. Ba cheart a thabhairt faoi deara go sanntar an cháin ghnó réigiúnach ina hiomláine don earnáil iomaíoch.

(*) Rún gnó.

⁽¹⁸⁾ Foinse: Údarás na Fraince.

⁽¹⁹⁾ Ibid.

- Ranníocaíocht bhreisluacha gnó: Bhí INRAP faoi dhliteanas na ranníocaíochta breisluacha gnó ag ráta 1,5 % den bhreisluach chun críoch cánach. Ós rud é gur mhéadaigh an fóirdheontas le haghaidh costais seirbhíse poiblí costais seirbhíse poiblí, bhí an méid inchánach níos airde dá réir sin, rud a ghin costas breise atá inchurtha i leith na hearnála iomaíche. Ó 2019 i leith, leithdháileadh an fóirdheontas ar an earnáil neamhiomaíoch, a raibh sé d'éifeacht aici a tionchar ar an mbreisluach a neodrú agus, dá bhrí sin, ar mhéid na ranníocaíochta breisluacha gnó.

- (44) Le linn na tréimhse 2008-2021, bhain INRAP tairbhe freisin as an gcreidmheas cánach le haghaidh taighde (*crédit d'impôt recherche* – 'CIR') ⁽²⁰⁾. Focadh an creidmheas cánach le haghaidh taighde ó 2016 ar aghaidh le haghaidh na mblianta ó 2013. Is é EUR [55-75] milliún méid an chreidmheasa cánach le haghaidh taighde a deonaíodh le haghaidh na mblianta 2013-2021 ⁽²¹⁾.
- (45) Ar deireadh, fuair INRAP instealladh caipitil EUR [20-25] milliún ón Aireacht Cultúir thar 3 bliana airgeadais as a chéile (2015, 2016 agus 2017) chun a chur ar a chumas dó an fiachas a thabhaigh sé nuair a bunaíodh é le *Agence France Trésor* (AFT) a sheirbhísiú ⁽²²⁾.
- (46) De réir thuascáil 2020 ar ghníomhaíochtaí INRAP ⁽²³⁾, an 31 Nollaig 2020 bhí an méid seo a leanas aige: 2 286 bhall foirne, ioncam EUR 175 mhilliún in 2020, agus glanioncam EUR 6,4 milliún.

2.3. Láithreach INRAP ar an margadh le haghaidh tochairí seandálaíochta coiscthí

- (47) Tá INRAP i láthair sna réigiúin Auvergne – Rhône-Alpes, Bourgogne – Franche-Comté, Ile-de-France, Grand Est, Grand Ouest, Hauts-de-France, Midi-Méditerranée agus Nouvelle-Aquitaine agus sna críocha thar lear.

Léarscáil 1

Láithreach INRAP sa Fhrainc an 1 Eanáir 2024



Foinse: Tuarascáil ar ghníomhaíochtaí INRAP do 2023

- ⁽²⁰⁾ Is beart é an creidmheas cánach le haghaidh taighde a thacaíonn le gníomhaíochtaí taighde agus forbartha (T&F) ar féidir na costais a thabhaítear ina leith a asbhaint ó cháin chorparáide faoi choinníollacha áirithe agus a oiread a bhraitheann ar mhéideanna na n-infheistíochtaí.
- ⁽²¹⁾ Foinse: Údaráis na Fraince. D'áitigh údaráis na Fraince go comhsheasmhach gur beart neamhroghnaitheach é an creidmheas cánach le haghaidh taighde a thacaíonn le gníomhaíochtaí taighde agus forbartha seachas, dar leo, státhabhair.
- ⁽²²⁾ Foinse: Údaráis na Fraince.
- ⁽²³⁾ Tuarascáil ar ghníomhaíochtaí INRAP do 2020: *inrap_ra2020_vexe-bd_1.pdf*.

- (48) Chun na cuspóirí atá leagtha síos ag an reachtóir a chomhlíonadh maidir le comhleánúnachas agus feidhmiú rianúil na seirbhíse poiblí seandálaíochta coiscthí (Airteagal L. 522-1 den Chód Oidhreachta), ní mór don Aireacht Cultúir fardal a dhéanamh den mhargadh i dtoghailtí seandálaíochta coiscthí. Chuige sin, braitheann sé ar shreabhadh rialta faisnéise ó ranna seandálaíochta an Stáit maidir leis na conarthaí go léir a thugtar i gcrích idir oibreoirí agus forbróirí atá ar fáil do na ranna i gcomhréir le hAirteagal R 523-45 den Chód Oidhreachta.
- (49) Ní mór a chuimsiú san fhardal sin den mhargadh le haghaidh toghailtí seandálaíochta coiscthí an líon toghailtí údaráithe agus méideanna measta na gconarthaí arna dtabhairt i gcrích idir forbróirí agus oibreoirí.

Tábla 1

Dáileadh an líon toghailtí seandálaíochta a údaráíodh sa Fhrainc le linn na tréimhse 2009-2024

Bliain	INRAP		Oibreoirí eile		Iomlán
	An líon toghailtí seandálaíochta coiscthí údaráithe	%	An líon toghailtí seandálaíochta coiscthí údaráithe	%	
2009	[...]	[...]	[...]	[...]	368
2010	[...]	[...]	[...]	[...]	457
2011	[...]	[...]	[...]	[...]	448
2012	[...]	[...]	[...]	[...]	525
2013	[...]	[...]	[...]	[...]	490
2014	[...]	[...]	[...]	[...]	457
2015	[...]	[...]	[...]	[...]	447
2016	[...]	[...]	[...]	[...]	458
2017	[...]	[...]	[...]	[...]	431
2018	[...]	[...]	[...]	[...]	478
2019	[...]	[...]	[...]	[...]	460
2020	[...]	[...]	[...]	[...]	413
2021	[...]	[...]	[...]	[...]	442
2022	[...]	[...]	[...]	[...]	462
2023	[...]	[...]	[...]	[...]	496
2024	[...]	[...]	[...]	[...]	468
Iomlán	[3 600-4 000]	[38-53]%	[3 300-3 700]	[40-50]%	7 300

- (50) Is léir ón bhfaisnéis atá ar fáil go poiblí don tréimhse 2009-2024 go bhfuil seasamh suntasach ag INRAP ar an margadh le haghaidh toghailtí seandálaíochta coiscthí agus go ndéanann sé ar an meán [38-53] % de na toghailtí coisctheacha údaráithe ⁽²⁴⁾, i gcomparáid le [40-50] % arna ndéanamh ag oibreoirí eile sa Fhrainc ⁽²⁵⁾.

⁽²⁴⁾ Is í an uimhir thagartha an líon toghailtí údaráithe, toisc go n-ordaítear líon níos airde toghailtí de ghnáth ach nach n-údaraítear ná nach ndéantar riamh iad.

⁽²⁵⁾ Foinsí: An Aireacht Cultúir, Sonraí uimhriúla a bhaineann leis an tseandálaíocht choisctheach (go dtí seo an 1 Aibreán 2025), agus tuarascálacha ar ghníomhaíochtaí INRAP.

Tábla 2

Dáileadh an sciar den mhargadh tochailte de réir luacha le linn na tréimhse 2009-2024

Bliain	INRAP		Oibreoirí eile		Iomlán
	Costais tochailte réamh-mheasta (na milliúin euro)	%	Costais tochailte réamh-mheasta (na milliúin euro)	%	
2009	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
2010	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
2011	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
2012	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
2013	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
2014	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
2015	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
2016	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
2017	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
2018	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
2019	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
2020	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
2021	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
2022	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
2023	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
2024	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
Iomlán	[...]	[52-61]%	[...]	[41-49]%	[...]

- (51) Le linn na tréimhse 2009-2024, ba é [52-61] %, ar an meán, sciar INRAP de réir luacha den mhargadh tochailte coiscthe, i gcomparáid le [41-49] % i gcás oibreoirí eile (ranna údaraithe na n-údarás áitiúil nó réigiúnach agus oibreoirí príobháideacha) ⁽²⁶⁾.

⁽²⁶⁾ Measann údarais na Fraince gurb é is cúis leis an difríocht sin éifeacht maidir le méid agus éifeacht maidir le praghas: éifeacht maidir le méid, toisc go ndéanann INRAP, ar an meán, líon níos mó oibríochtaí in aghaidh na bliana ná a iomaitheoirí; agus éifeacht maidir le praghas, toisc go raibh na praghsanna díola in aghaidh an heicteáir a thairg INRAP go bliantúil le linn na tréimhse 2009-2024 beagnach i gcónaí níos airde ná praghsanna oibreoirí eile agus [...] % níos airde ar an meán ná an meán náisiúnta (EUR [...] le haghaidh INRAP, i gcomparáid le EUR [...] le haghaidh gach oibreora eile).

3. AN NÓS IMEACHTA IMSCRÚDAITHE FOIRMIÚIL

3.1. **Tuairisc ar na bearta a chumhdaítear leis an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil**

- (52) Baineann an gearán a thaisc EVEHA (i) leis an tras-fhóirdheonú a d'fhéadfadh a bheith ann idir gníomhaíochtaí iomaíocha agus neamhiomaíocha INRAP, agus (ii) leis na fóirdheontais le haghaidh chostais seirbhíse poiblí INRAP.

3.1.1. *Tras-fhóirdheonú féideartha idir gníomhaíochtaí iomaíocha agus neamhiomaíocha INRAP.*

- (53) Mar a léirítear in aithris 29 den chinneadh tosaigh, áitíonn EVEHA nach bhfuil deighilt chuntasaíochta chuí ag INRAP idir a ghníomhaíochtaí neamhiomaíocha agus iomaíocha.
- (54) Ar an gcéad dul síos, maidir leis an tréimhse 2008-2018, a chomhfhreagraíonn do chuid den tréimhse a chumhdaítear le réamhscrúdú an Choimisiúin ar na bearta sin, sular cuireadh deighilt chuntasaíochta nua INRAP chun feidhme ⁽²⁷⁾:

— Thug an Coimisiún dá aire ina chinneadh tosaigh gur ardaíodh an gá atá le cuntasáocht chostála INRAP a fheabhsú roinnt uaireanta ó 2013. Dá bhrí sin, chuir Céad Uachtarán Chúirt Iniúchóirí na Fraince in iúl i meabhrán Uimh. 67181 an 6 Meitheamh 2013 a díriodh chuig an Aire Cultúir agus Cumarsáide agus chuig an Aire Ardoideachais agus Taighde [gur cosúil] go raibh géarghá le roinnt gníomhaíochtaí chun iomaíocht chóir a áirithiú agus chun cáilíocht eolaíoch na n-oibríochtaí tochailte a chaomhnú. Go háirithe, rinneadh tagairt don ghá atá le '[feabhas] a chur ar an modh cuntasáochta costála atá in úsáid faoi láthair ag INRAP'. Thairis sin, i dtuarascáil phoiblí bhliantúil 2016 ón gCúirt Iniúchóirí, d'aithin an tAire Airgeadais agus Cuntas Poiblí agus an Státrúnaí Buiséid 'nach bhfuil cuntasáocht chostála tugtha isteach go hiomlán fós laistigh de INRAP'.

— Ina theannta sin, mar a luaigh EVEHA ⁽²⁸⁾ agus mar a thug an Coimisiún dá aire sa chinneadh tosaigh, chuir Údarás Iomaíochta na Fraince in iúl ina chinneadh an 1 Meitheamh 2017 ⁽²⁹⁾ nár ráthaigh cuntasáocht chostála INRAP cuntasáocht dhoshéanta agus iontaofa agus deighilt airgeadais idir gníomhaíochtaí neamhiomaíocha agus iomaíocha INRAP ⁽³⁰⁾. Dúirt sé freisin 'nach féidir, dá bhrí sin, a chur as an áireamh go bhfuil riosca tras-fhóirdheonaithe ann idir a ghníomhaíochtaí [neamhbhrabúsacha agus brabúsacha], ar dócha go mbeidh cur i bhfeidhm cleachtas praghsála mar thoradh air a d'fhéadfadh a bheith ina phraghsáil chreachach nó a bhféadfadh éifeacht plódú amach a bheith mar thoradh air. ⁽³¹⁾ Thug an tÚdarás Iomaíochta dá aire 'go raibh an t-ioncam a shann INRAP dá ghníomhaíochtaí brabúsacha níos ísle ó 2013 i leith ná na costais a sannadh do na gníomhaíochtaí brabúsacha céanna sin, d'ainneoin gur lean a sciar de ghníomhaíocht fhoriomlán INRAP a mhalairt de threocht, rud a thugann le fios gurb iad a ghníomhaíochtaí neamhbhrabúsacha is mó a spreagann gníomhaíocht fhoriomlán INRAP (ós rud é gurb é gníomhaíocht fhoriomlán INRAP suim a ghníomhaíochtaí brabúsacha agus neamhbhrabúsacha)' ⁽³²⁾. Dá bhrí sin, ghlac an tÚdarás Iomaíochta leis na gealltanais a thug INRAP maidir le 'córas cuntasáochta costála a thabhairt isteach lena bhféadfaí, ní hamháin cuntasáocht dhocht (dhoshéanta agus iontaofa) agus deighilt airgeadais dhocht a áirithiú idir a ghníomhaíochtaí neamhbhrabúsacha agus brabúsacha, ach freisin inrianaitheacht na n-acmhainní a leithdháiltear ar gach ceann dá chúraimí a áirithiú chun aon riosca tras-fhóirdheontais a chosc' ⁽³³⁾ agus rinne sé éigeantach iad.

- (55) Ar an dara dul síos, maidir leis an tréimhse tar éis an 1 Eanáir 2018, tugann an Coimisiún dá aire ina chinneadh tosaigh, i gcomhréir leis na gealltanais a tugadh i gcomhthéacs chinneadh an Údaráis Iomaíochta an 1 Meitheamh 2017, gur chuir INRAP córas cuntasáochta costála i bhfeidhm lenar féidir ioncaim agus costais a bhaineann le gníomhaíochtaí iomaíocha agus neamhiomaíocha faoi seach a shainaithint ar bhealach níos beaichte.

⁽²⁷⁾ Féach aithris 35 den chinneadh tosaigh. Ón 1 Eanáir 2018, tá córas nua cuntasáochta costála á úsáid ag INRAP chun gur féidir ioncaim agus costais a bhaineann le gníomhaíochtaí iomaíocha agus neamhiomaíocha, faoi seach, a shainaithint ar bhealach níos soiléire.

⁽²⁸⁾ Féach aithris 42 den chinneadh tosaigh.

⁽²⁹⁾ Cinneadh 17-D-09 an 1 Meitheamh 2017 maidir le cleachtais arna gcur i bhfeidhm ag an Institiúid Náisiúnta um Thaighde Seandálaíochta Coiscthí i réimse na seandálaíochta coiscthí.

⁽³⁰⁾ Míreanna 132 go 137 de chinneadh an Údaráis Iomaíochta an 1 Meitheamh 2017.

⁽³¹⁾ Mír 149 de chinneadh an Údaráis Iomaíochta an 1 Meitheamh 2017.

⁽³²⁾ Mír 147 de chinneadh an Údaráis Iomaíochta an 1 Meitheamh 2017.

⁽³³⁾ Féach achoimre ar chinneadh an Údaráis Iomaíochta an 1 Meitheamh 2017. Maíonn EVEHA nár comhlíonadh na gealltanais sin tráth an ghearáin. Deir EVEHA gur tharchuir sé INRAP chuig an Údarás Iomaíochta an 6 Feabhra 2018 toisc nár chomhlíon sé na gealltanais sin, ar bhonn Airteagal L. 464-2(2) den Chód Tráchtála (*Code de commerce*).

- (56) Thug an Coimisiún dá aire, áfach, gur chosúil gur mheas an t-iniúcháir neamhspleách ar tugadh sainordú dó córas cuntasaíochta costála nua INRAP a sheiceáil, a iniúchadh agus a dheimhniú, ina ráiteas comhlíontachta le haghaidh 2018, go bhféadfaí cuntasaíocht chostála INRAP a fheabhsú fós. Agus é á dheimhniú aige go raibh cuntasaíocht chostála INRAP 'i gcomhréir le prionsabail chuntasaíochta ghinearálta', 'gur urramaíodh prionsabal na deighilte cuntasaíochta' agus 'nár nochtadh aon tras-fhóirdheonú', thug an t-iniúcháir dá aire 'gur gá an mhodheolaíocht chun costais indéacha a leithdháileadh a fhorbairt agus a fheabhsú a thuilleadh amach anseo'.
- (57) Ar deireadh, thug an Coimisiún dá aire ina chinneadh tosaigh nár tagraíodh a thuilleadh i ráiteas comhlíontachta 2020 don ghá atá leis an modheolaíocht chun costais indéacha a leithdháileadh a fhorbairt agus a fheabhsú a thuilleadh. Dúradh ann 'nach nochtar sna cuntais chostais ina bhfoirm reatha aon tras-fhóirdheonú'. Mar sin féin, thug an Coimisiún dá aire, d'ainneoin an fheabhsaithe sin, nár chuir an t-iniúcháir riosca an tras-fhóirdheonaithe as an áireamh go sainráite ⁽³⁴⁾.

3.1.2. Fóirdheontais le haghaidh costais seirbhíse poiblí

- (58) Is ionann na fóirdheontais a deonaíodh le haghaidh ghníomhaíochtaí iomaíocha INRAP agus EUR 22,69 milliún le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an ngearán. Deonaíodh na fóirdheontais sin le linn na tréimhse 2015-2018.

3.2. An cinneadh tosaigh

- (59) Sa chinneadh tosaigh, chuir an Coimisiún amhras in iúl maidir le tras-fhóirdheontas a d'fhéadfadh a bheith ann idir gníomhaíochtaí iomaíocha agus neamhiomaíocha INRAP a d'fhéadfadh a bheith ina státchabhair neamhdhleathach (féach aithris 74 den chinneadh tosaigh).
- (60) Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur státchabhair iad na fóirdheontais le haghaidh costais seirbhíse poiblí de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE (féach aithrisí 48 go 65 den chinneadh tosaigh).
- (61) Níor chuir maíomh údarais na Fraince ina luí ar an gCoimisiún ach oiread go dtagann na fóirdheontais le haghaidh costais seirbhíse poiblí faoi chreatacáim SA.42681, arna cur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 53 den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine ⁽³⁵⁾ ('RGBD') ⁽³⁶⁾, agus dá réir sin go bhfuil siad comhoiriúnach leis an margadh inmheánach (féach aithris 78 den chinneadh tosaigh).
- (62) Chuir an Coimisiún in iúl, in éagmais deighilt chuntasaíochta iontaofa idir gníomhaíochtaí iomaíocha agus neamhiomaíocha, nach bhféadfaí an méid cabhrach le haghaidh gníomhaíochtaí iomaíocha (a chumhdaítear leis na fóirdheontais le haghaidh costais seirbhíse poiblí) a chinneadh go cruinn, agus nach bhféadfaí a ráthú dá bhrí sin go raibh an chabhair comhréireach de réir bhrí Airteagal 53(7) RGBD.
- (63) Ina chinneadh tosaigh, chuir an Coimisiún in iúl gur shéan údarais na Fraince go raibh tras-fhóirdheontas ann a chuaigh chun tairbhe ghníomhaíochtaí iomaíocha INRAP. Thug sé dá aire freisin nár sholáthair an Fhrainc aon fhianaise chun comhoiriúnacht na cabhrach a d'eascair as tras-fhóirdheontas féideartha a shuí. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún amhras in iúl freisin maidir le comhoiriúnacht bheart (i) i gcás ina suífi gur státchabhair a bhí ann.
- (64) Thairis sin, ina chinneadh tosaigh bheartaigh an Coimisiún scrúdú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht an dá bheart go comhpháirteach faoi Airteagal 107(3)(d) CFAE (féach aithrisí 82 go 100 den chinneadh tosaigh).
- (65) Shonraigh an Coimisiún, de réir na tuisceana atá aige ar reachtaíocht ábhartha na Fraince, gur cosúil go gcuireann seandálaíocht choisctheach agus gníomhaíochtaí uile INRAP le cur chun cinn an chultúir agus chaomhnú na hoidhreachta, agus, in aon chás, gur faoin bhFrainc atá sé a chinneadh cé na tionscadail nó na gníomhaíochtaí a thagann faoi chur chun cinn an chultúir agus chaomhnú na hoidhreachta, ós rud é nach bhfuil sé de chumhacht ag an gCoimisiún ach scrúdú a dhéanamh an raibh earráid fhollasach measúnaithe ann (féach aithrisí 86 agus 87 den chinneadh tosaigh).

⁽³⁴⁾ Féach aithrisí 42 go 44 den chinneadh tosaigh.

⁽³⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagal 107 agus 108 den Chonradh, IO L 187, 26.6.2014, lch. 1.

⁽³⁶⁾ Féach aithris 18 den chinneadh tosaigh.

- (66) Ós rud é gur cosúil go bhfuil sé i gceist leis an maoiniú poiblí uile a dheonaítear do INRAP cultúr agus caomhnú na hoidhreacht a chur chun cinn, d'ardaigh an Coimisiún sa chinneadh tosaigh an fhéidearthacht go bhféadfaí a mheas go bhfuil sé riachtanach, iomchuí agus comhréireach, agus nach ndéanfaidh sé dochar do dhálaí trádála ná don iomaíocht a oiread atá contrártha don leas coiteann.
- (67) I ndáil leis sin, chuir an Coimisiún roinnt fóras ar aghaidh, ar dtús, óna bhféadfaí teacht ar an gconclúid go raibh an maoiniú a deonaíodh do INRAP riachtanach, iomchuí agus comhréireach leis na cuspóirí maidir leis an gcultúr a chur chun cinn agus an oidhreacht a chaomhnú agus nach ndearna sé dochar do dhálaí trádála ná don iomaíocht a oiread a bhí contrártha don leas coiteann.
- (68) Mar sin féin, d'fhiafraigh an Coimisiún an bhféadfaí anailís chomhoiriúnachta a dhéanamh faoi Airteagal 107(3)(d) CFAE gan gá a bheith le cinneadh roimh ré maidir le haicmiú na mbearta atá i gceist mar stáitchabhair ⁽³⁷⁾.
- (69) Dá bhrí sin, i bhfianaise amhras a bheith ann a d'fhág go raibh sé dodhéanta láithreach stáitchabhrach i bhfabhar INRAP a chur as an áireamh go cinntitheach nó a chomhoiriúnacht leis an margadh inmheánach a shuí go cinnte, chinn an Coimisiún próiseas imscrúdaithe foirmiúil a thionscnamh chun deis a thabhairt do pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur isteach ina leith sin agus teacht ar chonclúid maidir leis na bearta a bhí á gconspóid ag EVEHA.

4. BARÚLACHA Ó EVEHA

- (70) Níor chuir ach EVEHA barúlacha maidir leis an gcinneadh tosaigh faoi bhráid an Choimisiúin.
- (71) A mhéid a bhaineann le stáitchabhair a bheith ann i bhfabhar INRAP, áitíonn EVEHA, ar an gcéad dul síos, go n-aontaíonn sé le hanailís an Choimisiúin maidir leis an gcinneadh gur stáitchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE iad na fóirdheontais le haghaidh costais seirbhíse poiblí, ar fóirdheontais iad le haghaidh gníomhaíochtaí atá oscailte don iomaíocht.
- (72) Ar an dara dul síos, athdhearbhaíonn EVEHA an seasamh a leagtar amach ina ghearán gur leor ann féin (i) go bhfuil INRAP ag gabháil do ghníomhaíochtaí iomaíocha agus neamhiomaíocha araon agus (ii) gur theip ar INRAP córas cuntasíochta costála atá iontaofa go leor a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go gcoinneofar an dá ghníomhaíocht sin go docht ar leithligh, chun a shuí gurb ann do stáitchabhair i bhfabhar ghníomhaíochtaí iomaíocha INRAP.
- (73) Maidir leis an bhféidearthacht a d'ardaigh an Coimisiún go bhféadfadh an chabhair a bheith comhoiriúnach — dá n-aicmeofaí maoiniú INRAP mar chabhair — ar bhonn Airteagal 107(3)(d) CFAE, áitíonn EVEHA, ar an gcéad dul síos, go bhfuil an cur chuige dá dtagraíonn an Coimisiún, arb é atá ann anailís a dhéanamh ar an maoiniú a deonaíodh do INRAP gan idirdhealú a dhéanamh idir na gníomhaíochtaí a maoiníodh (iomaíoch/neamhiomaíoch), mícheart sa dlí, agus ar an dara dul síos, nach bhfuil sé infheidhme sa chás seo.

4.1. Tá an cur chuige atá molta ag an gCoimisiún curtha ó bhail mar gheall ar earráid dlí

- (74) Measann EVEHA, ar an gcéad dul síos, nach féidir measúnú a dhéanamh ar an maoiniú uile a dheonaítear do INRAP ina iomláine gan idirdhealú a dhéanamh idir an sciar den mhaoiniú sin a leithdháiltear ar gach cineál gníomhaíochta INRAP. Cuireann EVEHA na hargóintí seo a leanas chun cinn:
- (a) sa mheasúnú ar chomhoiriúnacht birt, glactar leis go ndéanfar é a aicmiú roimh ré mar stáitchabhair;
 - (b) ní féidir bearta a aicmiú mar stáitchabhair ach amháin ar bhonn gníomhaíochta de réir gníomhaíochta agus i bhfianaise gach margaidh ábhartha;
 - (c) leis na rialacha maidir le stáitchabhair, cuirtear cosc ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh go comhpháirteach ar an maoiniú uile a dheonaítear do INRAP; agus
 - (d) deimhnítear le hanailís ar a chleachtas cinnteoireachta nach féidir leis an gCoimisiún, ach amháin in imthosca speisialta, cur chuige 'domhanda' a ghlacadh ar nós an cur chuige a bheartaítear in aithrisí 82 et seq. den chinneadh tosaigh.

⁽³⁷⁾ Féach aithris 100 den chinneadh tosaigh.

- (75) Ar an gcéad dul síos, míníonn EVEHA gurb é atá i gceist leis an anailís ar chomhoiriúnacht birt cabhrach measúnú a dhéanamh, d'fhonn, ar cé acu ba cheart nó nár cheart an beart a aicmiú mar státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE agus, má tá, cé acu atá nó nach bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach, ar bhonn Airteagal 107(2) CFAE nó ar bhonn Airteagal 107(3) CFAE.
- (76) Ar an dara dul síos, measann EVEHA gur gá scrúdú a dhéanamh ar roinnt critéar chun aicmiú mar státchabhair a dhéanamh, cuir i gcás cé acu atá nó nach bhfuil na gníomhaíochtaí lena mbaineann de chineál eacnamaíoch agus cé acu atá nó nach bhfuil riosca saofa iomaíochta ann a bhaineann leis an mbeart.
- (77) Tagraíonn EVEHA do bhreithiúnas na Cúirte in *Congregación de Escuelas Pías Provincia Betania*, ina luaitear 'chun a chinneadh an gníomhaíochtaí de chuid "gnóthais" iad na gníomhaíochtaí atá i gceist de réir bhrí dhlí iomaíochta an Aontais, is gá a fháil amach cad é cineál na ngníomhaíochtaí sin: dá bhrí sin, ní mór scrúdú a dhéanamh ar gach ceann de ghníomhaíochtaí éagsúla eintitis ar leith chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil sé le haicmiú mar 'ghníomhaíocht eacnamaíoch' ⁽³⁸⁾.
- (78) Is é tátal EVEHA as sin, i gcás bunaíocht a dhéanann cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí, cosúil le INRAP, go gceanglaítear leis an gcásdlí sainaithint roimh ré (i) ar ghníomhaíochtaí na bunaíochta sin atá de chineál eacnamaíoch agus iad siúd, os a choinne sin, nach de chineál eacnamaíoch iad, agus (ii) ar an margadh nó ar na margáí ábhartha ar dócha go ndéanfaidh an maoiniú a dheonaítear don bhunaíocht difear dóibh.
- (79) Ar an tríú dul síos, maidir leis an anailís chomhpháirteach ar mhaoiniú gníomhaíochtaí uile INRAP, de réir EVEHA, ní fhéadfaí an cur chuige atá beartaithe ag an gCoimisiún a leanúint ach amháin ar choinníoll go bhféadfaí an maoiniú uile a dheonaítear do INRAP a aicmiú mar státchabhair
- (80) Mar sin féin, áitíonn EVEHA, sa chás seo, nach gcomhlíontar an coinníoll sin ós rud é, ar thaobh amháin, go measann údarais na Fraince nach de chineál eacnamaíoch iad cuid de ghníomhaíochtaí INRAP (rud a chuireann cosc ar a maoiniú a aicmiú mar státchabhair) agus, ar an taobh eile, go ndéantar gníomhaíochtaí INRAP, fiú má bhí siad de chineál eacnamaíoch (mar a áitíonn EVEHA), go páirteach i margáí nach bhfuil oscailte don iomaíocht agus nach féidir aon saobhadh iomaíochta a aimsiú orthu dá bhrí sin (rud a chuireann cosc, arís, ar a maoiniú a aicmiú mar státchabhair).
- (81) Cuireann EVEHA in iúl freisin go nglactar leis, le haicmiú an mhaoinithe mar státchabhair, ar réamhriachtanas é chun measúnú a dhéanamh ar a chomhoiriúnacht, go bhfíoraítear freisin gur ann do shaoibhadh iomaíochta (chomh maith le cineál eacnamaíoch na ngníomhaíochtaí arna maoiniú a fhíorú). De réir EVEHA, ní féidir an measúnú sin a dhéanamh ach amháin ar leibhéal gach margaidh ábhartha. Sa chás seo, agus go neamhspleách ar chineál monaplach roinnt de ghníomhaíochtaí INRAP, ní féidir leis an gCoimisiún, de réir EVEHA, measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na cabhrach a fuair INRAP ina hiomláine gan a chinneadh ar dtús cén margadh (tochailtí seandálaíochta, meastóireachtaí, srl.) ar dócha go mbeadh éifeacht ag an gcabhair sin air.
- (82) Ar an gceathrú dul síos, áitíonn EVEHA, de réir a anailíse ar chinntí an Choimisiúin maidir le státchabhair ⁽³⁹⁾, nuair a dhéanann an Coimisiún measúnú ar chomhoiriúnacht sraithe beart, go gceanglaítear air, i bprionsabal, gach beart a shainaithint agus ansin beart a mheas, beart ar bheart, an státchabhair é agus an bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.
- (83) Baineann EVEHA de thátal as na samplaí dá dtagraíonn sé ina bharúlacha, ach amháin i gcás ina bhfuil roinnt beart 'dlúthnasctha', nach ndéanann an Coimisiún Eorpach measúnú riamh ar an maoiniú uile le haghaidh gnóthais 'go comhpháirteach', go háirithe i gcás ina ndéanann an gnóthas sin roinnt cineálacha gníomhaíochtaí agus ina bhfuil an maoiniú i roinnt foirmeacha éagsúla.

⁽³⁸⁾ Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 27 Meitheamh 2017, *Congregación de Escuelas Pías Provincia Betania*, C-74/16, ECLI:EU:C:2017:496, mír 51.

⁽³⁹⁾ Mar léiriú air sin, tagraíonn EVEHA do Chinneadh (AE) 2020/1412 ón gCoimisiún an 2 Márta 2020 maidir leis na bearta SA.32014, SA.32015, SA.32016 (11/C) (ex 11/NN) arna gcur chun feidhme ag an Iodáil le haghaidh Tirrenia di Navigazione agus le haghaidh a fhaighteora Compagnia Italiana di Navigazione (IO L 332, 12.10.2020, lch. 45); Cinneadh (AE) 2021/1428 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2020 maidir leis an státchabhair SA.31662 – C/2011 (ex NN2011) arna cur chun feidhme ag an Rómáin le haghaidh Aerfort Idirnáisiúnta Timișoara – Wizz Air (IO L 308, 1.9.2021, lch. 1); agus Cinneadh ón gCoimisiún an 10 Bealtaine 2007 maidir leis an státchabhair C 1/06 (ex NN 103/05) arna chur chun feidhme ag an Spáinn le haghaidh Chupa Chups (IO L 244, 19.9.2007, lch. 20).

4.2. Níl feidhm ag Airteagal 107(3)(d) CFAE maidir leis na bearta atá i gceist

- (84) Measann EVEHA nach dtagann na bearta atá i gceist faoi raon feidhme Airteagal 107(3)(d) CFAE.
- (85) I ndáil leis sin, áitíonn EVEHA an méid seo a leanas:
- (a) ní féidir Airteagal 107(3)(d) CFAE a úsáid chun údar a thabhairt le tras-fhóirdheonú, rud atá ar neamhréir go bunúsach leis an margadh inmheánach;
 - (b) ní féidir Airteagal 107(3)(d) CFAE a úsáid chun fóirdheontais ghinearálta a bhailíochtú i réimse an chultúir; agus
 - (c) Níor agair údarais na Fraince Airteagal 107(3)(d) CFAE riamh sa chás seo.
- (86) Ar an gcéad dul síos, cuireann EVEHA in iúl go mbaineann a ghearán go príomha le ceist an tras-fhóirdheonaithe. In éagmais deighilt chuntasaíochta idir gníomhaíochtaí éagsúla INRAP, ní féidir a chur as an áireamh go sáraíonn na fóirdheontais a dheonaítear do INRAP i leith a ghníomhaíochtaí neamhiomaíocha na riachtanais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin agus go maoiníonn siad gníomhaíochtaí iomaíocha INRAP go hindíreach freisin.
- (87) Áitíonn EVEHA go gcuireann Airteagal 107 CFAE an fhéidearthacht ar fáil do Bhallstát fóirdheontais a dheonú do ghnóthas atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí iomaíocha agus neamhiomaíocha araon faoi réir an choinníll go gcuirfidh an gnóthas lena mbaineann deighilt dhocht cuntas chun feidhme lena n-áirithítear nach ndéanfar an dá chineál gníomhaíochtaí sin a thras-fhóirdheonú ⁽⁴⁰⁾.
- (88) Ina bharúlacha, áitíonn EVEHA go gcruthaítear leis an gcásdlí toirmeasc ginearálta ar aon chineál tras-fhóirdheonaithe nach bhféadfadh aon scéim chomhoiriúnachta maolú a dhéanamh air.
- (89) Áitíonn an gearánach go bhfuil feidhm ag an gcásdlí sin maidir le hearnáil an chultúir freisin agus tagraíonn sé do 'eangach anailíseach' ⁽⁴¹⁾ an Choimisiúin chun measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Airteagal 107 CFAE maidir le maoiniú bonneagair, a gcumhdaítear cultúr le ceann amháin acu agus a shonraítear an méid seo a leanas ann: 'Má úsáidtear bonneagar cultúrtha le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus neamheacnamaíocha araon (mar shampla, comhdhálacha agus imeachtaí tráchtála a eagrú i músaeim nó in ionaid chultúir), ní thiocfaidh maoiniú poiblí ina leith faoi na rialacha maidir le státhchabhair ach amháin a mhéid a chumhdaíonn sé na costais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá i gceist. Sna cásanna sin, ní mór do na Ballstáit a áirithiú nach féidir an maoiniú poiblí a sholáthraítear le haghaidh na ngníomhaíochtaí neamheacnamaíocha a úsáid chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha an eintitis a thras-fhóirdheonú. Is féidir é sin a áirithiú go háirithe tríd an maoiniú poiblí a theorannú do ghlanchoistas (agus costas caipitil san áireamh) na ngníomhaíochtaí neamheacnamaíocha, atá le sainaithint ar bhonn deighilt shoiléir cuntas ⁽⁴²⁾'.
- (90) Tagann EVEHA ar an gconclúid nach féidir Airteagal 107(3)(d) CFAE a úsáid chun údar a thabhairt le tras-fhóirdheonú, ós rud é go bhfuil toirmeasc bunúsach air i ndlí an Aontais.
- (91) Ar an dara dul síos, áitíonn EVEHA nach dtugann an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 107(3)(d) CFAE údar ach le cabhair chun tionscadail chultúrtha shonracha a mhaoiniú, ar nós saothair a thabhairt ar iasacht idir músaeim, pleananna chun saothair chineamatagrafacha oidhreacht a dhigitiú nó tacaíocht do léiriú cineama agus closamhairc. Ní féidir é a úsáid, mar shampla, chun údar a thabhairt le fóirdheontais ghinearálta i réimse an chultúir (mar shampla teilifís phoiblí a mhaoiniú).

⁽⁴⁰⁾ Féach fonóta 39.

⁽⁴¹⁾ An Coimisiún Eorpach, 'Eangach anailíseach bonneagair don chultúr, don oidhreacht agus do chaomhnú an dúlra', pointe 10 (le fáil ag: https://competition-policy.ec.europa.eu/document/download/150466fe-fe27-4fef-8b4b-2ccc5ae36ce5_en?filename=notion_of_aid_grid_culture_en.pdf).

⁽⁴²⁾ Aistriúchán go Fraincis: 'Si les infrastructures culturelles sont utilisées à la fois pour des activités économiques et non économiques (par exemple, l'organisation de conférences et de manifestations commerciales dans des musées ou des centres culturels), leur financement public ne relèvera des règles en matière d'aides d'État que dans la mesure où il couvre les coûts liés aux activités économiques en question. Dans de tels cas, les États membres doivent veiller à ce que le financement public prévu pour les activités non économiques ne puisse pas être utilisé pour subventionner de manière croisée les activités économiques de l'entité. Cela peut notamment être assuré en limitant le financement public au coût net (y compris le coût du capital) des activités non économiques, à déterminer sur la base d'une séparation comptable claire.'

- (92) De réir EVEHA, mínítear an riail sin (i) leis an bhfóras gur eisceacht é Airteagal 107(3)(d) CFAE ar Airteagal 107(1) CFAE atá le léirmhíniú go docht, ar nós aon eisceacht, agus (ii) leis na coinníollacha substainteacha nach mór a chomhlíonadh chun go mbeidh feidhm ag Airteagal 107(3)(d) CFAE (go háirithe, coinníollacha an riachtanais agus na comhréireachta).
- (93) Ina theannta sin, bunaíonn EVEHA a argóintí ar a anailís ar chleachtas cinnteoireachta an Choimisiúin, lena léirítear, i gcás ina bhfuil bearta a dhearbhaítear a bheith comhoiriúnach ar bhonn Airteagal 107(3)(d) CFAE ceaptha chun tacú le hearnáil nó le gníomhaíocht i gcoitinne (rud is annamh), nach bhfuil siad forchoimeáda d'oibreoir aonair ach go bhfuil feidhm acu maidir le gach oibreoir a rannchuidíonn le forbairt na hearnála.
- (94) Dá bhrí sin, tagann an gearánach ar an gconclúid, murab ionann agus an méid a mhol an Coimisiún ina chinneadh tosaigh, nach féidir Airteagal 107(3)(d) CFAE a úsáid chun a dhearbhu go bhfuil an maoiniú iomlán le haghaidh bunaíocht phoiblí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ar an bhforas go n-oibríonn sé in earnáil an chultúir agus ar an bhforas sin amháin.
- (95) Ar deireadh, mar mhalairt air sin, cuireann EVEHA in iúl, go bhfios dó, nach raibh údarais na Fraince, in ainneoin iad a bheith freagrach as fógra a thabhairt faoi na bearta cabhrach a deonaíodh do INRAP agus, dá bhrí sin, i bprionsabal, as comhoiriúnacht na mbeart sin a léiriú, ag brath tráth ar bith ar Airteagal 107(3)(d) CFAE (go háirithe ina mbarúlacha a cuireadh isteach i mí Eanáir agus i mí Dheireadh Fómhair 2019) chun comhoiriúnacht na mbeart cabhrach sin a léiriú.
- (96) De réir EVEHA, is léiriú an-láidir é nár thug údarais na Fraince fógra riamh faoi aon bheart maoiniúcháin do INRAP agus nár agair siad Airteagal 107(3)(d) CFAE riamh (mar shampla ina malartuithe leis an gCoimisiún tar éis do EVEHA a ghearán a thaisceadh) nach bhfuil an t-údar sin éifeachtach sa chás seo.

4.3. Ní chomhlíontar na coinníollacha in Airteagal 107(3)(d) CFAE sa chás seo

- (97) Ar deireadh, ina bharúlacha míníonn EVEHA, fiú dá mbeadh an cur chuige maidir le comhoiriúnacht na mbeart dá dtagraíonn an Coimisiún sa chinneadh tosaigh indéanta, nach gcomhlíonfaí in aon chás na coinníollacha is gá chun Airteagal 107(3)(d) CFAE a chur i bhfeidhm.

4.3.1. Níl gá leis an gcabhair a dheonaítear do INRAP

- (98) Ar an gcéad dul síos, tuigeanann EVEHA ó mhínithe an Choimisiúin ina chinneadh tosaigh (aithrisí 91 agus 92) go bhfuil nasc idir an gá atá leis an maoiniú a dheonaítear do INRAP agus na hoibleagáidí seirbhíse poiblí sonracha a fhorchuireann Stát na Fraince ar INRAP agus na hoibleagáidí sin amháin.
- (99) Áitíonn EVEHA nach bhfuil an argóint sin inghlactha.
- (100) Ar an gcéad dul síos, cuireann EVEHA in iúl nach mór státhchabhair arna deonú i bhfoirm cúitimh ar chostais seirbhíse poiblí a mheasúnú go heisiach i bhfianaise Airteagal 106(2) CFAE agus na rialacha arna nglacadh ag an gCoimisiún ar an mbonn sin, agus ní i bhfianaise Airteagal 107(3)(d) CFAE.
- (101) Trí thagairt a dhéanamh do 'sheasamh ar leith' INRAP (is é sin, na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a fhorchuirtear air) chun údar a thabhairt leis an ngá atá leis an gcabhair, ní fhéadfadh an Coimisiún a léiriú, ar a mhéad, ach an gá atá leis an maoiniú a dheonaítear do INRAP mar chúiteamh ar chostais seirbhíse poiblí agus ní de bhua cultúr agus oidhreacht a chur chun cinn.
- (102) Ar an dara dul síos, áitíonn EVEHA, in aon chás, nach dtugann aon cheann de na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar INRAP agus dá dtagraítear in aithrisí 91 agus 92 den chinneadh tosaigh údar le haon chúiteamh.
- (103) De réir EVEHA, is mar sin atá go háirithe i gcás oibleagáid INRAP oibríochtaí tochailte a ghlacadh ar láimh nach bhfuil aon iarrthóir tagtha chun cinn ina leith nó a mainníonn an t-oibreoir roghnaithe ina leith. Áitíonn EVEHA go bhfuil seirbhísí den sórt sin – nach gcaitheann EVEHA amhras ar an oibleagáid atá ar INRAP iad a sholáthar – le híoc ar phraghsanna atá le sócrú gan bhac (faoi réir eadráin Stáit i gcás easaontas idir na páirtithe). Ós rud é go bhfuil na seirbhísí sin le híoc as 'ar an ngnáthbhealach', ní féidir le haon cheann de na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar INRAP údar a thabhairt le haon chúiteamh.

4.3.2. *Tá an modh a leagtar amach sa chinneadh tosaigh chun measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht na cabhrach míchuí*

- (104) De réir EVEHA, ní féidir a mheas go bhfuil státhabhair comhréireach ach amháin ‘mura féidir an toradh céanna a bhaint amach le níos lú cabhrach agus le níos lú saofa’. Dá bhrí sin, i gcás ina sáraíonn an chabhair an t-íosmhéid is gá, tairbhíonn a faighteoir de bhrabús eisceachtúil a d’fhéadfadh an iomaíocht a shaobhadh gan ghá, agus dá bhrí sin ní féidir a mheas go bhfuil an chabhair comhoiriúnach leis an gcómhargadh.
- (105) Is é tátal EVEHA as sin nach féidir a mheas go bhfuil cabhair a íoctar le hoibreoir comhréireach ach amháin ar choinníoll go bhfuil a méid teoranta don íosmhéid docht is gá agus gur dearadh na socruithe maidir lena híoc nó lena húsáid ar bhealach a chuireann teorainn a mhéid is féidir le haon saobhadh ar an iomaíocht.
- (106) Dar le EVEHA, ní chomhlíontar na coinníollacha sin sa chás seo.
- (107) Tugann EVEHA faoi deara, ar an gcéad dul síos, go bhfuil léiriú an Choimisiúin ina chinneadh tosaigh bunaithe ar mhír ghearr amháin agus ar thábla ina sonraítear ‘rátaí corrlaigh oibriúcháin’ INRAP le haghaidh na ngníomhaíochtaí uile le chéile, (i) nach bhfuil aon chiall eacnamaíoch agus chuntasaíochta leo agus (ii) nach bhfuil leordhóthanach in aon chás chun comhréireacht na cabhrach a léiriú.
- (108) Measann EVEHA freisin, in éagmais cuntasaíocht chostála lenar féidir ioncaim agus costais a leithdháileadh i gceart ar ghníomhaíochtaí éagsúla INRAP, nach féidir critéar na comhréireachta a chomhlíonadh – de réir sainmhínithe – ós rud é nach gcuirtear an chabhair chun feidhme faoi choinníollacha lena n-íoslaghdaítear aon saobhadh iomaíochta.

4.3.3. *Ní léirítear oiriúnacht na mbeart*

- (109) Ina bharúlacha maidir leis an gcinneadh tosaigh, maíonn EVEHA nár léirigh an Coimisiún de réir an chaighdeáin dhlíthiúil is gá conas nach bhféadfaí, le bearta eile a d’fhéadfadh níos lú dochair a dhéanamh don iomaíocht, easpa brabúsachta (measta) INRAP a leigheas mar thoradh ar na srianta ar leith a fhorchuirtear air.
- (110) Measann EVEHA gur leor bearta maoiniúcháin phoiblí a theorannú don mhéid a bhfuil fíorghá leis, arna chinneadh ar bhonn cuntasaíocht chostála a fhágann gur féidir ioncam agus costais INRAP a leithdháileadh i gceart ar a ghníomhaíochtaí éagsúla, chun na héifeachtaí díobhálacha a d’fhéadfadh a bheith ag an maoiniú poiblí a fhaigheann INRAP ar an iomaíocht a theorannú. Dar le EVEHA, is leor an fíoras sin amháin chun a léiriú nach bhfuil an chabhair ar thairbhígh INRAP di ó bunaíodh í iomchuí sa chaoi ar cuireadh i bhfeidhm í.

4.3.4. *Is léir go ndéanann an maoiniú atá i gceist difear do dhálaí trádála agus iomaíochta*

- (111) Ar deireadh, cuireann EVEHA i gcoinne na mínithe a chuir an Coimisiún ar aghaidh ina chinneadh tosaigh, ar dá réir nach ndéanann an chabhair atá i gceist dochair do dhálaí trádála ná don iomaíocht a oiread atá contrártha leis an leas coiteann.
- (112) Ar an gcéad dul síos, cuireann EVEHA i gcoinne thiomhde an Choimisiúin nach bhfuil na rátaí a ghearrann INRAP ina bpraghsaí chreachach ná nach bhfuil éifeacht phlódaithe amach acu, rud atá bunaithe ar chomparáid idir an meánphraghas in aghaidh an heicteáir a ghearrann INRAP agus an praghas a ghearrann a iomaitheoirí.
- (113) De réir EVEHA, tá trí chlaontacht staidrimh sa mhodh seo:
- (a) Ar an gcéad dul síos, ní chuirtear san áireamh leis an modh sin seasamh ar leith INRAP ar an margadh. Mar an t-oibreoir atá ann faoi láthair (agus an príomhghníomhaí sa mhargadh), déanann INRAP idirghabháil de ghnáth ar na tionscadail is sofaisticiúla agus is mó ar mhórsála, tionscadail nach mbíonn rochtain i gcónaí ag oibreoirí beaga nach bhfuil na hacmhainní is gá acu orthu.
 - (b) Ar an dara dul síos, ní chuirtear san áireamh leis an modh sin go mbaineann cuid de ghníomhaíocht INRAP le suíomhanna a raibh air seilbh a ghlacadh orthu mar oibreoir na rogha deiridh agus a raibh sé in ann a phraghsanna a shocrú ina leith gan aon bhrú iomaíoch.
 - (c) Ar an tríú dul síos agus ar deireadh, measann EVEHA nach bhfuil an coincheap ‘praghas in aghaidh an heicteáir’ dá dtagraítear sa chinneadh tosaigh ábhartha chun anailís a dhéanamh ar bheartas praghsála na n-oibreoirí éagsúla atá ar an margadh tochailte. Ní féidir costas tochailte seandálaíochta a mheasúnú ar bhonn an achair dromchla amháin, ní mór castacht an tochailte, caomhnú taisí agus na srianta teicniúla agus eolaíocha a leagtar síos sa tsonraíocht a chur san áireamh freisin (go háirithe i dtéarmaí acmhainní daonna – laethanta duine)

- (114) Ina theannta sin, i gcomhthéacs an phróisis imscrúdaithe fhoirmiúil, chuir EVEHA isteach ceithre bhreithiúnas a thug Cúirteanna Riaracháin (*Tribunaux administratifs*) Caen agus Amiens⁽⁴³⁾ idir 2022 agus 2024, lenar neamhbhailíodh próisis soláthair phoiblí le haghaidh tochairtí seandálaíochta coisctí as ar eascair roghnú INRAP chun dochair do EVEHA. Sna ceithre bhreithiúnas sin, chuir an Chúirt Riaracháin – cé nach ndearna sí cinneadh maidir le praghsáil chreachach a bheith ann – na próisis soláthair phoiblí ar neamhní ar an bhforas nach ndearna an t-údarás conarthach na bearta is gá chun a áirithiú nach bhfuarthas tairiscintí INRAP, a bhí níos buntáistí ná tairiscintí EVEHA, ó bhuntáiste a d'eascair as na hacmhainní a leithdháileadh ar INRAP dá chúraimí seirbhíse poiblí.
- (115) Áitíonn EVEHA freisin go bhfuil léiriú an Choimisiúin ina chinneadh tosaigh curtha ó bhail mar gheall ar dhá earráid mhodheolaíocha.
- (a) Ar an gcéad dul síos, tugann EVEHA dá aire, cé go n-airbheartaíonn an cinneadh tosaigh éifeachtaí dearfacha na cabhrach a fhaigheann INRAP a 'ualú' in aghaidh a héifeachtaí diúltacha, nach ndéanann sé a éifeachtaí a chainníochtú ar bhealach ar bith tráth ar bith.
- (b) Ar an dara dul síos, tugann EVEHA dá aire go dteorannaítear leis an gcinneadh tosaigh a anailís do chleachtais phraghsála INRAP amháin, gan an iliomad buntáistí iomaíocha eile atá ar fáil dó (ar nós rochtain phribhléideach ar fhaisnéis a fhaightear trína ghníomhaíochtaí meastóireachta) a chur san áireamh mar gheall ar a stádas agus/nó ar an maoiniú poiblí atá aige.
- (116) De réir EVEHA, ba cheart don Choimisiún buntáistí den sórt sin a chur san áireamh freisin ina anailís, faoi Airteagal 107 CFAE, ar chomhoiriúnacht an mhaoinithe a dheonaítear do INRAP.

5. BARÚLACHA ÓN BHFRAINIC

- (117) Tharchuir údaráis na Fraince a mbarúlacha maidir leis an gcinneadh tosaigh le litir dar dáta an 3 Feabhra 2022 agus maidir leis na barúlacha ó EVEHA maidir leis an gcinneadh tosaigh le litir dar dáta an 23 Meitheamh 2022.
- (118) Mar réamhphointe, tugann údaráis na Fraince dá n-aire a thábhachtaí atá earnáil an chultúir agus chaomhnú na hoidhreachta sa Fhrainc agus ról lárnach INRAP san earnáil sin.
- (119) Go háirithe, chuir údaráis na Fraince na mínithe seo a leanas ar fáil.

5.1. Cultúr agus caomhnú na hoidhreachta a chur chun cinn sa Fhrainc

- (120) Chun Coinbhinsiún Eorpach Vaileite an 16 Eanáir 1992⁽⁴⁴⁾ ('Coinbhinsiún Vaileite') a chur chun feidhme sa dlí náisiúnta, ghlac an Fhrainc dlí in 2001, lenar cuireadh creat struchtúrtha don tseandálaíocht choisctheach i bhfeidhm, ina bhfuil ról mór ag INRAP. Is é príomhaidhm an chreata seo a áirithiú go ndéanfar an oidhreacht seandálaíochta a ndéanann oibreacha forbartha difear di nó ar dócha go ndéanfaidh siad difear di a chosaint agus staidéar a dhéanamh uirthi trí riachtanais faoi seach an taighde eolaíoch, caomhnú na hoidhreachta agus na forbartha eacnamaíche agus sóisialta a chomhtháthú.
- (121) Trí shaothrú a dhéanamh ar an gcuspóir maidir le caomhnú na hoidhreachta seandálaíochta a chur chun cinn, le Dlí 2001 bhíodhas in ann scriosadh oidhreachta eisceachtúil na Fraince a sheachaint, lena stair fhada, arb é is príomhthréith di láithreachta dhaonna atá leanúnach, leathan ó thaobh na tíreolaíochta de agus dlúth ón ré réamhstairiúil i leith. Bhí sé bunaithe ar chomhlacht riaracháin phoiblí a bhunú.
- (122) Sin an chaoi ar cruthaíodh agus ar cuireadh INRAP faoi mhaoirseacht na hAireachta Cultúir agus na hAireachta Ardoideachais, Taighde agus Nuálaíochta; ghlac sé chuige féin cearta agus oibleagáidí AFAN.

⁽⁴³⁾ Cúirt Riaracháin Amiens, an 2 Meitheamh 2022, *EVEHA v Communauté d'agglomération du Beauvaisis*, Uimh. 2000766; Cúirt Riaracháin Caen, an 23 Nollaig 2022, *EVEHA v Syndicat mixte pour l'aménagement et la promotion du parc d'activités de Cerisé*, Uimh. 2202744; Cúirt Riaracháin Caen, an 23 Bealtaine 2024, *EVEHA v Communauté urbaine de Caen*, Uimh. 2201752; Cúirt Riaracháin Caen, an 27 Bealtaine 2024, *EVEHA v Communauté communes Argentan*, Uimh. 2201719.

⁽⁴⁴⁾ Comhairle na hEorpa, an Coinbhinsiún maidir le hOidhreacht Seandálaíochta na hEorpa a Chosaint (athbhreithnithe), Vaileite, 16 Eanáir 1992, Sraith Chonarthaí Chomhairle na hEorpa Uimh. 143.

- (123) Luaitear i gCoinbhinsiún Vaileite, a bhfuil Ballstáit uile an Aontais Eorpaigh ina sínitheoirí leis, '[gur cheart] an gá atá leis an oidhreacht seandálaíochta a chosaint a léiriú i mbeartais pleanála baile agus tuaithe agus i mbeartais forbartha cultúrtha' agus ceanglaítear leis ar na Stáit is Páirtithe 'córas dlí a thionscnamh, ar mhodh is iomchuí don Stát atá i gceist, chun an oidhreacht seandálaíochta a chosaint'. Ceanglaítear leis freisin ar Stáit 'tábhacht eolaíoch na hoibre taighde seandálaíochta a ráthú' agus 'na hacmhainní ábhartha le haghaidh na seandálaíochta tarrthála a mhéadú'.
- (124) Tá ról tábhachtach ag INRAP i slabhra oibríochtúil na seandálaíochta coiscthí agus é i mbun gníomhaíochtaí neamhiomaíocha agus iomaíocha trí na misin a chuirtear de chúram air a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar an oidhreacht seandálaíochta, í a chaomhnú agus í a chur chun cinn.
- (125) Is éard atá i gceist lena ghníomhaíocht neamhiomaíoch den chuid is mó meastóireachtaí a dhéanamh chun taisí a bhrath agus a chaomhnú, ar taisí iad a d'fhéadfadh tionscadail forbartha a scriosadh. Rannchuidíonn INRAP freisin le scaipeadh cultúrtha agus le cur chun cinn na seandálaíochta agus le comhroinnt eolais leis an bpobal eolaíochta.
- (126) Bíonn INRAP i mbun gníomhaíochtaí eacnamaíocha freisin ar mhargadh na tochailte coiscthí. Ní mór tochailtí a dhéanamh chun taisí seandálaíochta a bhraitear le linn meastóireachtaí a dhéantar roimh thionscadail forbartha a chosaint. Ó 2003 i leith, foráiltear leis an dlí go bhféadfaidh forbróirí iarraidh ar oibreoirí poiblí (INRAP agus ranna seandálaíochta na n-údarás áitiúil nó réigiúnach) nó ar oibreoirí príobháideacha oibríochtaí tochailte a dhéanamh.
- (127) Roghnaigh an reachtóir a cheangal ar INRAP tochailtí a dhéanamh nach dtagann aon oibreoir eile chun cinn ina leith nó a bhfuil oibreoir ar mainneachtain ina leith, do chríoch uile na Fraince, do gach tréimhse seandálaíochta agus i ngach suíomh. In éagmais iarrthóra ar thochoilt a dhéanamh (nó iarrthóir a chomhlíonann na coinníollacha chun an tochoilt a dhéanamh) nó i gcás ina scoirfidh oibreoir seandálaíochta coiscthí dá ghníomhaíocht nó ina ndéanfar a chreidiúnú nó a údarú a tharraingt siar le linn tochailte, tá sé d'obleagáid ar INRAP an tochoilt a dhéanamh nó leanúint di. Dá bhrí sin, ceanglaítear ar INRAP easnaimh nó mainneachtainí oibreoirí eile a chúiteamh.
- (128) Sa chéad chás, i gcás nach ndéanann aon oibreoir seandálaíochta coiscthí tairiscint tochoilt a dhéanamh nó nach gcomhlíonann aon oibreoir na coinníollacha chun í a dhéanamh, ceanglaítear ar INRAP an tochoilt a dhéanamh arna iarraidh sin don fhorbróir. Ní mór don fhorbróir a iarraidh a chur faoi bhráid INRAP, in éineacht leis an ordú lena bhforordaítear an tochoilt arna eisiúint ag an Stát, a bhfuil an tsonraíocht eolaíoch i gceangal leis. Tá 2 mhí ag INRAP ansin chun dréachtchonradh a sheoladh chuig an bhforbróir ina leagtar amach na téarmaí chun an tochoilt a dhéanamh. Ní mór tuairisc ar an tionscadal eolaíoch, dáta tosaigh sealadach an tochailte, fad an tochailte agus an praghas atá beartaithe chun an oibríocht a dhéanamh a bheith san áireamh ann. Ní mór don fhorbróir an conradh arna shíniú idir an forbróir agus INRAP a chur ar aghaidh chuig an maor réigiúnach. Údaraíonn an maor réigiúnach an tochoilt ansin, nó diúltaíonn sé é a údarú mura gceadaítear leis an gconradh an t-ordú tochailte a fhorgníomhú. Ní mór do INRAP praghas na hoibríochta atá beartaithe aige a chinneadh de réir na gcritéir céanna a úsáidtear le haghaidh aon ghníomhaíocht iomaíoch. Ní mór na critéir sin a shainiú le cinneadh ó cheann INRAP i gcomhréir leis na socruithe arna leagan síos ag a bhord rialaithe. Ní mór aon easaontú idir an forbróir agus INRAP maidir le téarmaí nó maoiniú an tochailte a réiteach le cinneadh ón maor réigiúnach. Tá sé beartaithe leis an bpróiseas eadrána sin ag an Stát ráthaíocht a sholáthar d'fhorbróirí, nach bhfuil rogha oibreora acu. Ó dháta eisiúna an údaráithe tochailte ag an maor réigiúnach, tá 6 mhí ag INRAP chun an oibríocht a thionscnamh. Mura gcomhlíonfaidh sé an spriocdháta sin, nó mura dtabharfar an oibríocht chun críche laistigh de 18 mí ón dáta céanna sin (ar féidir síneadh a chur leis uair amháin le cinneadh ón maor réigiúnach), measfar an t-ordú tochailte arna eisiúint ag an Stát a bheith imithe i léig.
- (129) Sa dara chás, i gcás ina scoirfidh oibreoir seandálaíochta coiscthí dá ghníomhaíocht nó ina dtarraingeofar siar a chreidiúnú nó a údarú sula gcuirfean an tochoilt i gcrích, beidh sé d'obleagáid ar INRAP leanúint den tochoilt. Agus staid dhul chun cinn na hoibríochta agus téarmaí na sonraíochta atá i gceangal leis an ordú tochailte arna eisiúint ag an Stát á gcur san áireamh, ní mór do INRAP tuairisc tionscadail eolaíoch a tharraingt suas chun an oibríocht a thabhairt i gcrích.
- (130) Ní mór praghas na hoibríochta atá beartaithe ag INRAP a chinneadh de réir na gcritéir céanna agus a bhí sa chéad chás (féach aithris 128 thuas).
- (131) Ina mbarúlacha maidir leis an gcinneadh tosaigh, leagann údaráis na Fraince béim ar a thábhachtaí atá sé oidhreacht seandálaíochta a chaomhnú, ar cuid thábhachtach d'oidhreacht na hEorpa í, ionas gur féidir í a chur ar aghaidh chuig na glúnta atá le teacht.

- (132) Áitíonn siad go bhfuil an tábhacht sin cumhdaithe in Airteagal 167(1) CFAE, lena bhforáiltear 'go rannchuideoidh an tAontas le borradh chultúir na mBallstát, agus a n-éagsúlacht náisiúnta agus réigiúnach á hurramú aige agus ag an am céanna an chomhoidhreacht chultúrtha á tabhairt chun suntais aige.' Déanann siad tagairt freisin d'Airteagal 167(4), lena bhforáiltear 'go gcuirfidh an tAontas gnéithe cultúrtha san áireamh ina ghníomhaíocht faoi fhorálacha eile na gConarthaí, go háirithe chun éagsúlacht a chultúr a urramú agus a chur chun cinn.'
- (133) Míníonn údaráis na Fraince go bhfónann an tseandálaíocht do cheanglais sháraitheacha ar mhaithe le leas an phobail a bhaineann le caomhnú na hoidhreacht stairiúla agus ealaíonta náisiúnta, le saothrú cuspóirí beartais chultúrtha agus le cosaint an chomhshaoil agus na timpeallachta uirbí. Féadfaidh oidhreacht stairiúil agus ealaíonta, a luaite a nochtfar í, tairbhe a bhaint freisin as cosaint seoda náisiúnta de réir bhrí Airteagal 36 CFAE.
- (134) Ar deireadh, áitíonn údaráis na Fraince go bhfuil a éifeachtacht cruthaithe ag samhail na Fraince de sheandálaíocht choisctheach, a chomhlíonann oibleagáidí Choinbhinsiún Vaileite, trí chothromaíocht iomchuí a áirithiú idir an gá atá leis an oidhreacht a chosaint ina saibhreas uile agus cur chun feidhme tionscadal forbartha. Dá bhrí sin, rinneadh mórfhionnachtana le blianta beaga anuas, mar is léir ó na tochairtí a rinne INRAP le déanaí in Lavau (i roinn Aube) ar thuama prionsa Cheiltigh (an 5ú céad RCh), nó ón ngnólacht tochairt creidiúnaithe Archeodunum SAS in Sainte-Colombe (i roinn Rhône) ar lonnaíocht Galló-Rómhánach (an 1ú-4ú haois AD).
- (135) Míníonn údaráis na Fraince freisin go gcuireann INRAP torthaí tochairtí chun cinn go rialta i bhfoilseacháin eolaíocha nó phríomhshrutha, agus trí thaispeántais, ar nós an taispeántas a réachtáiltear ag Músaem na hEolaíochta agus an Tionscail i bPáras (*Cité des sciences et de l'industrie*) atá dírithe ar áitritheoirí na Gaille láir agus thuaidh idir an 3ú agus an 1ú céad RCh.

5.2. INRAP a mhaoiniú faoi na rialacha maidir le státhabhair

- (136) Ina mbarúlacha, cuireann údaráis na Fraince in iúl go n-aithníonn an Coimisiún, ina fhógra maidir le coincheap na cabhrach ⁽⁴⁵⁾, '[g]ur meán féiniúlachtaí, luachanna agus bríonna é an cultúr a léiríonn agus a mhúnlaíonn sochaithe an Aontais. Cumhdaíonn réimse an chultúir agus chaomhnú na hoidhreacht réimse leathan cuspóirí agus gníomhaíochtaí, *inter alia*,... láithreáin seandálaíochta... Agus a gcineál ar leith á chur san áireamh, féadfar gníomhaíochtaí áirithe a bhaineann leis an gcultúr, leis an oidhreacht agus le caomhnú an dúlra a eagrú ar bhealach neamhthráchtála agus, dá bhrí sin, féadfar iad a bheith de chineál neamheacnamaíoch. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé nach státhabhair é maoiniú poiblí na gcistí sin. Thairis sin, tá go leor gníomhaíochtaí caomhnaithe cultúrtha nó oidhreacht neamh-inionadaithe go hoibiachtúil ... agus ar an gcaoi sin eisiatar fíormhargadh a bheith ann. Dar leis an gCoimisiún, cháileodh gníomhaíochtaí den sórt sin mar ghníomhaíochtaí de chineál neamheacnamaíoch freisin.'
- (137) Ina theannta sin, braitheann údaráis na Fraince ar mhínte an Choimisiúin san fhógra maidir le coincheap na státhabhair chun a áitiú nach bhfuil feidhm ag na rialacha maidir le státhabhair ach amháin i gcás inar 'gnóthas' é tairbhí birt, '[g]o mbraitheann aicmiú eintitis ar leith mar ghnóthas go hiomlán ar chineál a ghníomhaíochtaí dá bhrí sin', agus '[n]ach measfar eintiteas a dhéanann gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus neamheacnamaíocha araon a bheith ina ghnóthas ach amháin i ndáil leis an gcéad cheann'.
- (138) Ar an mbonn sin, áitíonn údaráis na Fraince, chun measúnú a dhéanamh ar na bearta a chonspóideann EVEHA, nach mór idirdhealú a dhéanamh ar dtús idir cásanna ina mbíonn INRAP ag gabháil do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus cásanna ina mbíonn sé ag gabháil do ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha.

5.2.1. Gníomhaíochtaí neamheacnamaíocha INRAP

- (139) Cuireann údaráis na Fraince in iúl go bhfuil sé beartaithe leis an gcuid is mó den mhaoiniú poiblí a dheonaítear do INRAP misin neamheacnamaíocha leasa ghinearálta a chumhdach (meastóireachtaí, taighde agus cur chun cinn).
- (140) De réir údaráis na Fraince, is é príomh-mhisean neamheacnamaíoch INRAP meastóireachtaí a dhéanamh, arb iad bunchloch na seandálaíochta coiscthi iad.

⁽⁴⁵⁾ Fógra ón gCoimisiún maidir le coincheap na státhabhair dá dtagraítear in Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (IO C 262, 19.7.2016, lch. 1).

- (141) Is é is cuspóir do mheastóireachtaí taisí sa talamh a bhrath agus a aicmiú trí bhíthin uirlisí teicniúla iomchuí, gan beann ar áit, am agus cineál na n-oibreacha forbartha atá beartaithe, chun a sheiceáil an dócha go ndéanfaidh na hoibreacha dochar do ghnéithe den oidhreacht seandálaíochta. Sna tuarascálacha a tharraingítear suas i dtaca leis na hoibríochtaí sin tá faisnéis eolaíoch a chuireann ar a chumas don Stát ordúithe réasúnaithe a eisiúint le haghaidh cibé bearta cosanta oidhreachta a mheasann sé a bheith iomchuí (tochailtí, leasuithe ar an tionscadal forbartha nó liostú mar shéadchomharthaí stairiúla).
- (142) Míníonn údaráis na Fraince gurb é ceann eile de mhisin INRAP rannchuidiú le scaipeadh cultúrtha agus le cur chun cinn na seandálaíochta agus le comhroinnt eolais leis an bpobal eolaíochta, a thagann faoi raon feidhme na gníomhaíochtaí a eisiatar ó na rialacha maidir le státchabhair mar a léirítear faoi mhír 31 den Fhógra ón gCoimisiún maidir le coincheap na státchabhrach.
- (143) Dá réir sin, áitíonn údaráis na Fraince nach mór na gníomhaíochtaí thuasluaite, ar gníomhaíochtaí leasa ghinearálta iad a dhéantar le maoiniú poiblí (a raibh EUR [900-1300] milliún i gceist leo le linn na tréimhse 2008-2021), a mheas mar gníomhaíochtaí neamheacnamaíocha.
- (144) De réir údaráis na Fraince, ba cheart a mheas, dá bhrí sin, go bhfuil na gníomhaíochtaí sin lasmuigh de raon feidhme Airteagal 107(1) CFAE.

5.2.2. Gníomhaíochtaí eacnamaíocha INRAP mar oibreoir na rogha deiridh

- (145) Míníonn údaráis na Fraince, sa bhreis ar a ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha a mhaoineítear go poiblí, go ndéanann INRAP tochailtí seandálaíochta coiscthí freisin mar oibreoir na rogha deiridh a maoiníodh, le linn na tréimhse 2008-2021, beagnach go heisiach leis an ioncam a ghin INRAP ar an margadh tochairle, le fóirdheontais phoiblí (is é sin fóirdheontais le haghaidh costais seirbhíse poiblí) nach raibh i gceist leo ach [...] % den ioncam a bhailigh INRAP ó na gníomhaíochtaí sin.
- (146) Míníonn údaráis na Fraince gurb é is cuspóir do na fóirdheontais sin le haghaidh tochailtí seandálaíochta coiscthí cabhrú le INRAP na costais leasa ghinearálta a fhorchuirtear air leis an dlí a íoc, chun a áirithiú go ndéanfar tochailtí coisctheacha i gceart i ngach imthoisc, ionas nach ngearrfar pionós ar an margadh forbartha agus tógála.
- (147) De réir na mínithe a thug údaráis na Fraince, tá sé d'oibleagáid ar INRAP an méid seo a leanas a dhéanamh:
- (a) saineolas a bheith acu a chumhdaíonn gach tréimhse sheandálaíochta agus gach comhthéacs geomoirfeolaíoch;
 - (b) tochailtí a dhéanamh i gcás nach gcuirtear aon tairiscintí isteach faoi ghlaonna ar thairiscintí arna n-eisiúint ag forbróirí; agus
 - (c) rith láithreáin a ghlacadh ar láimh má mhainníonn an t-oibreoir le linn oibríochta.
- (148) Chun tábhacht na n-oibríochtaí sin agus an gá atá lena maoiniú trí fhóirdheontais a léiriú, tugann údaráis na Fraince na sonraí seo a leanas ar aird:

Tábla 3

Costais bhreise a eascraíonn as gníomhaíochtaí INRAP mar oibreoir na rogha deiridh le linn na tréimhse 2008-2021

	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	IOMLÁN
Costais bhreise a bhaineann le háitreabh	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
Costais bhreise a bhaineann le speisialtóirí	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
Costais bhreise a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar an bhfostaíocht fhorbhásach	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]

	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	IOMLÁN
Costais bhreise a bhaineann le cáin mhaoine ghnólachta	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
Costais bhreise a bhaineann le ranníocaíocht bhreisluacha gnó	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
Iomlán na gcostas imeallach breise atá le maoiniú	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
Fóirdheontas le haghaidh costais seirbhíse poiblí	3 850 000.	5 800 000.	5 800 000.	7 242 000.	-	-	-	22 692 000.
Difríocht idir costais INRAP agus an fóirdheontas	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	- [...]

- (149) Míníonn údaráis na Fraince, don tréimhse 2015-2017, go bhfuil méid bliantúil an fhóirdheontais le haghaidh costais seirbhíse poiblí a leithdháiltear iarbhair ar an earnáil eacnamaíoch fós faoi bhun na gcostas imeallach a íocann INRAP. Le haghaidh 2018, an bhliain inar tháinig an córas cuntasaíochta costála nua i bhfeidhm (arna chur chun feidhme ón 1 Eanáir 2018), bhí na costais imeallacha a d'íoc INRAP níos ísle ar deireadh ná méid an fhóirdheontais bhliantúil. De réir údaráis na Fraince, is féidir an difríocht sin a mhíniú go páirteach leis an laghdú ar na costais imeallacha a bhaineann le háitribh iomadúla, mar thoradh ar éifeacht ghearrthéarmach a eascraíonn as an gcóras cuntasaíochta costála nua a thabhairt isteach agus as an éifeacht fhadtéarmach a bhaineann leis na costais a ghineann an t-áitreabh a rialú. Ina fhianaise sin, áitíonn údaráis na Fraince nach gcumhdaíonn an fóirdheontas le haghaidh 2018 an difríocht iomlán idir méid carnach an fhóirdheontais le haghaidh costais seirbhíse poiblí agus na costais bhreise iomlána a gineadh thar an tréimhse 2015-2018, arb ionann iad agus EUR [...] milliún. Le linn na tréimhse 2019-2021, cumhdaíodh an EUR [...] milliún i gcostais imeallacha arna nginiúint ag na srianta a forchuireadh ar INRAP ar an margadh tochairle beagnach go heisiach le hacmhainní dílse INRAP.
- (150) Cé go nglacann siad leis go bhféadfar an maoiniú sin a aicmiú mar státhabhair, cuireann údaráis na Fraince i gcoinne an amhrais a chuir an Coimisiún in iúl ina chinneadh tosaigh maidir le neamh-chomhoiriúnacht fhéideartha na cabhrach sin le forálacha Airteagal 53 RGBD.
- (151) Áitíonn údaráis na Fraince go gcomhlíonann an maoiniú thuasluaite ceanglais Airteagal 53 RGBD, lena ndíolmhaítear, *inter alia*, cabhair oibriúcháin do chaomhnú cultúir agus oidhreacht faoi bhun EUR 50 milliún roimh 2017, EUR 75 mhiliún ó 2017 go 2023 agus EUR 82,5 milliún tar éis 2023, in aghaidh an ghnóthais in aghaidh na bliana, ón oibleagáid fógra a thabhairt in Airteagal 108(3) CFAE (Airteagal 4(1)(z) RGBD).
- (152) Áitíonn údaráis na Fraince, le linn na tréimhse faoi scrúdú i ndáil leis an ngearán, gurbh ionann na fóirdheontais le haghaidh costais seirbhíse poiblí agus EUR 22,69 milliún a íocadh idir 2015 agus 2018 ⁽⁴⁶⁾, is é sin méid a bhí go mór faoi bhun na dtairseach thuasluaite.

⁽⁴⁶⁾ Le linn na tréimhse 2019-2021, ba é EUR 21,72 milliún (EUR 7,24 milliún in aghaidh na bliana) an méid a bhí i gceist. In 2019, áfach, roghnaigh INRAP an maoiniú poiblí uile arna sholáthar ag an Stát, agus an fóirdheontas le haghaidh costais seirbhíse poiblí san áireamh, a leithdháileadh ar a ghníomhaíochtaí atá go hiomlán neamheacnamaíoch, i gcomhréir leis na gealltanais a tugadh don Údarás Iomaíochta. Dá bhrí sin, ó 2019 i leith, níor mhaoinigh aon fhóirdheontas le haghaidh costais seirbhíse poiblí gníomhaíochtaí tochairle coiscthí INRAP.

- (153) Míníonn údaráis na Fraince go gcumhdaítear gníomhaíochtaí INRAP le hAirteagal 53(2) RGBD, agus go háirithe fomhír (b) de, ina liostaítear 'oidhreacht inlámhsithe mar shampla gach cineál oidhreachtach cultúrtha sochorraithe nó dochorraithe agus láithreáin seandálaíochta, séadchomharthaí, láithreáin stairiúla agus foirgnimh; oidhreacht nádúrtha atá nasctha leis an oidhreacht chultúrtha nó má aithníonn údaráis phoiblí inniúla Ballstáit go foirmiúil í mar oidhreacht chultúrtha nó nádúrtha'.
- (154) De réir údaráis na Fraince, maoinítear leis na fóirdheontais a ndéantar agóid ina gcoinne sa ghearán costais atá incháilithe faoi Airteagal 53(5)(d), (e) agus (f) RGBD (costais a bhaineann le háitreabh a fháil ar cíós agus a fheistiú ar fud na críche náisiúnta, costais foirne a eascraíonn as an ngá go gcumhdóidh INRAP gach réimse eolaíoch agus go mbeidh foirne eolaíoch buana ar fáil dó chun a áirithiú go mbeidh sé d'acmhainn aige idirghabháil a dhéanamh áit ar bith ar an gcriche agus in aon timpeallacht (plean chun aghaidh a thabhairt ar fhostaíocht fhorbhásach)).
- (155) Tugann údaráis na Fraince dá n-aire, in aithris 78 den chinneadh tosaigh, go sonraíonn an Coimisiún 'nach féidir a chur as an áireamh go maoiníonn an chabhair a dheonaítear faoi Airteagal 53 RGBD INRAP thar a bhfuil riachtanach chun brabús réasúnta a dhéanamh'.
- (156) Mar sin féin, i bhfianaise na méideanna atá i gceist, creideann siad go gcomhlíonann na fóirdheontais a dheonaítear na ceanglais maidir le déine agus comhréireacht a leagtar amach in Airteagal 53(7), rud a fhágann gur féidir brabús réasúnta a dhéanamh.
- (157) Ar an gcéad dul síos (féach Table 3), níor leor an chabhair oibriúcháin a deonaíodh i bhfoirm an fhóirdheontais le haghaidh costais seirbhíse poiblí chun na costais bhreise uile a gineadh le linn na tréimhse 2015-2018 a chumhdach, arbh ionann é agus EUR [...] milliún. Is amhlaidh is mó atá i gcás na tréimhse 2015-2021, ós rud é gur scoireadh de na fóirdheontais le haghaidh costais seirbhíse poiblí a chur in áirithe do ghníomhaíochtaí INRAP mar oibreoir na rogha deiridh ó 2019 agus gur EUR [7.03-28.8] milliún a bhí sna costais bhreise. Ar an dara dul síos, i gcás gach gníomhaíochta tochailte seandálaíochta coiscthe (agus gníomhaíochtaí mar oibreoir na rogha deiridh san áireamh), is é EUR [...] milliún (ollleibhéal barrachais oibriúcháin, tar éis cuntas a thabhairt ar an gcreidmheas cánach taighde agus forbartha (*crédit d'impôt-recherche – CIR*)) i gcaitheamh bhlianta airgeadais 2008-2021 (féach Tábla 5 thíos), arb ionann é agus corrlach oibriúcháin thart ar [2,8-4,6] % agus, dá bhrí sin, brabús réasúnta. Cinneadh méideanna na cabhrach sin ar bhonn réamh-mheastacháin réasúnacha ar na costais a bhaineann leis na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar INRAP leis an gCód Oidhreachtach i leith tochailtí, is é sin réimse gníomhaíochta lena gcumhdaítear an chríoch ar fad, acmhainní daonna atá cáilithe chun gach tréimhse seandálaíochta, gach suíomh agus gach timpeallacht a chumhdach, agus idirghabhálacha i gcás nach bhfuil iarrthóirí ann nó i gcás mainneachtana ar thaobh an oibreora tosaigh.
- (158) Ós rud é go measann údaráis na Fraince gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin, go háirithe a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí, costais incháilithe agus déine cabhrach, ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, cuireadh na fóirdheontais faoi chreatacáim SA.42681 ⁽⁴⁷⁾.

5.3. Deighilt chuntasaíochta INRAP

- (159) Mar réamhphointe, tugann údaráis na Fraince le fios gur ann do dheighilt chuntasaíochta INRAP agus staid na deighilt sin, deighilt a neartaíodh agus a ndearnadh mionchoigeartú uirthi de réir a chéile.

5.3.1. An tréimhse 2008-2017

- (160) Go sonrach don tréimhse 2008-2017, míníonn údaráis na Fraince gur choinnigh INRAP cuntais ar leithligh dá ghníomhaíochtaí neamheacnamaíochta, a bhí maoinithe ag an Aireacht Cultúir, agus dá ghníomhaíochtaí eacnamaíochta.
- (161) Roimh an 1 Eanáir 2018, bhí cuntais INRAP bunaithe ar na prionsabail leithdháilte seo a leanas:

Céim 1: Leithdháileadh costais dhíreacha ar réimsí gníomhaíochta agus ar aonaid eagraíochtúla. Leithdháil INRAP na costais dhíreacha uile ar dtús ar a réimse gníomhaíochta (tochailtí, meastóireachtaí, taighde, cur chun cinn, srl.) agus ar a aonaid eagraíochtúil (stiúirtheoireachtaí ceanncheathrúna, stiúirtheoireachtaí idir-réigiúnacha nó ionaid taighde seandálaíochta). Sannadh tomhaltas seirbhísí tacaíochta (lóisíocht, TF, oiliúint, srl.) agus forchostais do chostais indíreacha agus do chostais struchtúracha.

⁽⁴⁷⁾ SA.42681 – Régime cadre exempté de notification relatif aux aides en faveur de la culture et de la conservation du patrimoine.

Céim 2: Sannadh costais dhíreacha do ghníomhaíochtaí agus d'earnálacha. Sannadh gníomhaíochtaí d'earnáil – i gcás tochairtí agus gníomhaíochtaí comhairle saíneolaithe, don earnáil iomaíoch.

Secteur Concurrentiel	Secteur Non concurrentiel	Secteur Mixte
Charges de Fouilles loi 2003	Charges de Diagnostics loi 2003	Charges Indirectes
Charges de Conseil Expertise Formation	Charges de Diagnostics loi 2001*	Charges de Structure
	Charges de Fouilles loi 2001*	Fiscalité
	Charges de Valorisation	
	Charges de Recherche	
	Charges de Fouilles programmées initiative INRAP**	

Céim 3: Leithdháileadh costais (indíreacha) a bhaineann leis an earnáil mheasctha (iomaíoch agus neamhiomaíoch). Is éard a bhí i gceist leis an gcéim sin na costais a bhaineann leis an earnáil mheasctha a leithdháileadh. Leithdháil INRAP na costais oibriúcháin indíreacha ar na gníomhaíochtaí seandálaíochta uile ar thacaigh siad leo ar bhonn an líon laethanta duine a gealladh do gach gníomhaíocht. Rinneadh forchostais choiteanna, arbh ionann iad agus costais is coiteann d'earnálacha iomaíocha agus neamhiomaíocha, a mhiondealú de réir an líon laethanta duine de réir gníomhaíochta agus earnála. Leithdháileadh costais chánach de réir rialacha sonracha freisin:

- Leithdháileadh 100 % den cháin ghnó réigiúnach (CET) ar an earnáil bhrabúsach.
- Leithdháileadh an creidmheas cánach taighde agus forbartha (CIR) ar an ngníomhaíocht 'tochairt'.
- Leithdháileadh an cháin phárolla ina hiomláine ar an earnáil neamhiomaíoch.

Céim 4: Leithdháileadh ioncam. Sannadh ioncaim dhíreacha ar dtús dá réimse gníomhaíochta agus dá n-aonad eagraíochtúil. Leithdháileadh fóirdheontais mar a leanas:

- Leithdháileadh 100 % den deontas oibriúcháin ('RAP buiséadaithe') ar ghníomhaíochtaí neamhiomaíocha.
- Leithdháileadh 100 % den fhóirdheontas taighde ar an ngníomhaíocht 'taighde'.
- Leithdháileadh an deontas oibriúcháin ar an earnáil neamhiomaíoch.
- Leithdháileadh an fóirdheontas le haghaidh costais seirbhíse poiblí ar an earnáil iomaíoch.

- (162) Cuireann údaráis na Fraince in iúl go ndearnadh mionchoigeartú ar an gcóras cuntasaíochta sin i bhfianaise na comhairle agus na moltaí a fuarthas.
- (163) Mar fhreagairt ar líomhaintí EVEHA ina ghearán agus ar mhínithe an Choimisiúin ina chinneadh tosaigh, áitíonn údaráis na Fraince gur luaigh cuspóirí agus conradh feidhmíochta INRAP do 2011-2013, arna tharraingt suas idir INRAP agus a aireachtaí líne agus arna leathnú chun 2014 a chumhdach, go raibh 'cuntasaíocht chostála i bhfeidhm cheana féin ag INRAP lena feidir costais a idirdhealú agus a leithdháileadh idir na hearnálacha neamhbhrabúis agus brabúis agus gníomhaíochtaí a stiúradh feadh mhóraiséanna: meastóireachtaí, tochairtí, taighde, cur chun cinn agus gníomhaíocht idirnáisiúnta.'
- (164) I ndáil leis sin, cuireann údaráis na Fraince in iúl go n-aithnítear i meabhrán Uimh. 67181 an 6 Meitheamh 2013 arna eisiúint ag Céad Uachtarán na Cúirte Iniúcháirí chuig an Aire Cultúir agus Cumarsáide agus chuig an Aire Ardoideachais agus Taighde agus lena gcomhdaítear an tréimhse 2002-2011, a luaigh an gearánach cheana féin, gurb ann do chuntasaíocht chostála, cé go gcuireann sé i bhfios go láidir gur gá í a fheabhsú ⁽⁴⁸⁾.
- (165) Áitíonn údaráis na Fraince freisin, tar éis thuarascáil 2013 ón gCúirt Iniúcháirí, gur thagair cuspóirí agus conradh feidhmíochta INRAP do 2015-2017, a leathnaíodh chun 2018 a chumhdach, don fhóras 'go raibh sé ag gabháil do chuntasaíocht chostála a bhunú ar feadh roinnt blianta, d'fhonn feabhas a chur ar cháilíocht na faisnéise faoina phraghsanna costais agus faoina struchtúr agus faoina gcomhpháirteanna athraitheacha.'

⁽⁴⁸⁾ Luadh sa mheabhrán 'easnamh sa chuntasaíocht chostála reatha'.

- (166) Míníonn údaráis na Fraince go bhfuil bearta déanta ag INRAP chun feabhas a chur ar cháilíocht a bhuiséid, a bhainistíochta cuntasáiochta agus anailíse trí phróiseas rialaithe inmheánaigh críochnúil. De réir údaráis na Fraince, tá INRAP dírithe ar a chóras a neartú trí bhithin uirlisí nuashonraithe, bailíochtaithe agus i gcomhréir lena chéile chun na próisis éagsúla a stiúradh. Cuirtear an creat rialaithe inmheánaigh, an mhapáil riosca agus na pleananna gníomhaíochta faoi bhráid bhord na ngobharnóirí gach bliain lena bplé.
- (167) Áitíonn údaráis na Fraince go gcaithfidh sé go raibh an Chúirt Iniúchóirí cinnte faoi iarrachtaí INRAP feabhas a chur ar a chóras bainistíochta, ós rud é go luaitear i dtuarascáil bhliantúil 2016 uaithi, maidir le beartas seandálaíochta INRAP, '[i] réimse airgeadais, gur feabhsaíodh cuntasáiocht chostála na hinstiúide, agus go bhfuil cur in úsáid an chórais faisnéise chun gnéithe éagsúla na n-oibríochtaí meastóireachta agus tochailte a bhainistiú (pleanáil acmhainní, bainistiú buiséid, monatóireacht ar an am a chaitear) beagnach críochnaithe. Leis na huirlisí sin, beifear in ann idirdhealú a dhéanamh, ar fhorais oibiachtúla, idir caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí na hinstiúide, arna mhaoiniú ó chistí poiblí, agus costas a gníomhaíochtaí brabúis (tochailtí go príomha), ionas nach ndéanfar iomaíocht le hoibreoirí eile a shaoibhadh. Tá an t-eolas níos fearr ar chostais agus an glanioncam do gach gníomhaíocht mar thoradh air sin ina luamhán tábhachtach freisin chun bainistíocht na hinstiúide a fheabhsú. Cuireadh próisis inmheánacha cuntasáiochta agus rialaithe bhuiséadaigh i bhfeidhm de réir a chéile freisin' ⁽⁴⁹⁾.
- (168) Míníonn údaráis na Fraince freisin, murab ionann agus líomhaintí EVEHA, nár chinn an tÚdarás Iomaíochta ina chinneadh in 2017 ⁽⁵⁰⁾ gur sháraigh INRAP dlí na hiomaíochta, agus dá bhrí sin nár fhorchuir sé pionós. Thairis sin, áitíonn údaráis na Fraince nár chinn an tÚdarás Iomaíochta nach raibh aon deighilt chuí cuntas idir gníomhaíochtaí iomaíocha agus neamhiomaíocha INRAP, ach thug siad dá n-aire go bhféadfaí an córas a fheabhsú ⁽⁵¹⁾.
- (169) Mar fhocal scoir, áitíonn údaráis na Fraince, le linn na tréimhse 2008-2017, go raibh córas cuntasáiochta costála ag INRAP, ar cuireadh feabhas air leis na bearta éagsúla a rinneadh ó 2013 i gcomhréir leis an gcreat rialála a bunaíodh le Forathne Uimh. 2012-1246 an 7 Samhain 2012 maidir le bainistiú buiséadach agus cuntasáiocht phoiblí.

5.3.2. An tréimhse tar éis 2018

- (170) Ón 1 Eanáir 2018, thug INRAP samhail nua cuntasáiochta costála isteach chun deighilt chuntasáiochta níos déine agus níos iontaofa fós a áirithiú idir a ghníomhaíochtaí neamhbhrabúis (seirbhís phoiblí neamheacnamaíoch) agus a ghníomhaíochtaí brabúis (earnáil eacnamaíoch atá oscailte don iomaíocht), bunaithe ar chur chuige costais incrimintigh.

Céim 1: Leithdháiltear costais dhíreacha ar réimsí gníomhaíochta agus ar aonaid eagraíochtúla. Leithdháileann INRAP na costais dhíreacha uile ar dtús ar a réimse gníomhaíochta (tochailtí, meastóireachtaí, taighde, cur chun cinn, srl.) agus ar a aonad eagraíochtúil (stiúirtheachtaí ceanncheathrúna, stiúirtheachtaí idir-réigiúnacha nó ionaid taighde seandálaíochta). Déantar tomhaltas seirbhísí tacaíochta (lóistíocht, TF, oiliúint, srl.) agus forchostais a shannadh do chostais indíreacha agus do chostais struchtúracha.

Céim 2: Sanntar gníomhaíochtaí d'earnálacha (iomaíoch agus neamhiomaíoch). Sanntar gníomhaíochtaí d'earnáil:

Secteur économique ouvert à la concurrence	Secteur Non économique	Non affectable à l'un ou l'autre secteur
Charges de Fouilles loi 2003	Charges de Diagnostics loi 2003	Charges Indirectes
Charges de Conseil Expertise Formation	Charges de Diagnostics loi 2001*	Charges de Structure
	Charges de Fouilles loi 2001*	Fiscalité
	Charges de Valorisation	
	Charges de Recherche	
	Charges de Fouilles programmées initiative INRAP**	

⁽⁴⁹⁾ Tuarascáil bhliantúil 2016 ón gCúirt Iniúchóirí, lch. 566.

⁽⁵⁰⁾ Féach fonóta 29.

⁽⁵¹⁾ Luann an tÚdarás Iomaíochta an easpa 'uirlisí cuntasáiochta atá go hiomlán sásúil' agus na 'easnamh' atá fós ann i gcuntasáiocht chostála INRAP.

Céim 3: Déantar costais na bhfeidhmeanna tacaíochta agus na bhforchostais a phróiseáil. Tá dhá chéim i gceist leis an gcéim sin, ina bpróiseáiltear costais indíreacha agus forchostais:

- Ar an gcéad dul síos, leithdháileann INRAP na costais oibriúcháin indíreacha ar na gníomhaíochtaí seandálaíochta uile a dtacaíonn siad leo ar bhonn an líon laethanta duine atá tiomanta do gach gníomhaíocht.
- Sa dara céim, leithdháileann sé na forchostais choiteanna ansin, cuir i gcás forchostais na ceanncheathrún agus na feidhmeanna lárnaigh tacaíochta, ar costais iad is coiteann do na hearnálacha iomaíochta agus neamhiomaíochta. Leithdháiltear iad bunaithe ar chur chuige an chostais incrimintigh, ag úsáid eochair leithdháilte shonrach. Déantar forchostais nach féidir a leithdháileadh go díreach a mhiondealú de réir cóimheas [...] % don earnáil eacnamaíoch atá oscailte don iomaíocht agus [...] % don earnáil neamheacnamaíoch. Ríomhtar an cóimheas sin trí dhá chritéar a chur le chéile: critéar seachtach bunaithe ar thagarmharc de 12 iomaitheoir phríobháideacha, agus critéar inmheánach maidir le gníomhaíochtaí tacaíochta. Is é an cóimheas [...] % meán an dá chás sin, rud a fhágann go bhfuil leithdháileadh ann a sheasann an ghrinnscrúdú i bhfianaise phrionsabal na gcostas incriminteach.
- Leithdháiltear costais chánach de réir rialacha sonracha freisin:
 - Leithdháiltear 100 % den cháin ghnó réigiúnach (CET) ar an earnáil iomaíoch.
 - Leithdháiltear an creidmheas cánach taighde agus forbartha (CIR) ar an ngníomhaíocht 'tochailt'.
 - Leithdháiltear an cháin phárolla ina hiomláine ar an earnáil neamhiomaíoch.

Céim 4: Leithdháileadh ioncam. Sanntar ioncaim dhíreacha ar dtús dá réimse gníomhaíochta agus dá n-aonad eagraíochtúil. Leithdháiltear fóirdheontais mar seo a leanas:

- Ó 2019, leithdháiltear na deontais oibriúcháin uile ar an earnáil neamhiomaíoch.
- Leithdháiltear 100 % den fhóirdheontas taighde ar an ngníomhaíocht 'taighde'.

- (171) Maidir leis an tréimhse sin, cuireann údaráis na Fraince in iúl go sonraíonn an gnólacht cuntasáíochta a coimisiúnaíodh mar iniúcháir neamhspleách faoi chonradh INRAP 'Iniúchadh ar an tsamhail chuntasaíochta costála, costála agus deimhniúcháin', ina ráiteas comhlíontachta do 2018, go bhfuil cuntasáíocht chostála INRAP 'i gcomhréir le prionsabal na deighilte cuntasáíochta' agus 'nach nochtar léi gurb ann do thras-fhóirdheonú'.
- (172) Cuireann údaráis na Fraince in iúl gur luaigh an t-iniúcháir freisin 'amach anseo, ní mór an mhodheolaíocht chun costais indíreacha a leithdháileadh a fhorbairt a thuilleadh agus a fheabhsú'. Ina theannta sin, míníonn údaráis na Fraince, ina ráiteas comhlíontachta le haghaidh 2019, nár athdhearbhaigh an t-iniúcháir an iarraidh sin ar mhodheolaíocht níos mionsonraithe chun costais indíreacha a leithdháileadh, ar fianaise í gur cuireadh feabhas ar an modheolaíocht idir an dá linn agus gur cuireadh moladh an iniúcháir chun feidhme.
- (173) De réir údaráis na Fraince, tháinig an t-iniúcháir ar an gconclúid arís le haghaidh 2020 'go bhfuil cuntasáíocht chostála INRAP comhsheasmhach leis na cuntais ghinearálta agus go gcuimsítear inti na costais uile a thaifeadtar iontu agus go n-urramaítear prionsabal na deighilte cuntasáíochta', 'go gcomhlíonann cuntasáíocht chostála INRAP prionsabail chuntasaíochta ghinearálta' agus 'nach nochtar le cur i láthair reatha cuntasáíocht chostála INRAP go bhfuil tras-fhóirdheonú ann'.
- (174) Ina theannta sin, áitíonn údaráis na Fraince go nochtar leis an gcuntasáíocht chostála a cuireadh i bhfeidhm in 2018 mar chuid de na gealltanais a tugadh don Údarás Iomaíochta an t-ioncam agus na costais a bhaineann le gníomhaíochtaí neamheacnamaíochta agus eacnamaíochta INRAP de réir modha agus eochracha leithdháilte arna moladh ag gnólacht comhairliúcháin neamhspleách, nach mór don Údarás Iomaíochta glacadh lena phrionsabal, ós rud é nár chaith sé amhras go dtí seo ar chomhlíonadh INRAP leis na gealltanais a tugadh.
- (175) Cuireann údaráis na Fraince in iúl, i gcomhréir le prionsabal na deighilte cuntasáíochta, go gcinntear na costais a bhaineann le gníomhaíochtaí INRAP trí chostais na n-oibriúcháin a leithdháileadh go díreach agus trí chostais struchtúracha a leithdháileadh go hindíreach, ar bhonn eochracha leithdháilte sonracha, a n-áirítear lena gcomhsheasmhacht agus lena n-ábharthacht gaolmhaireacht chainníochtúil chúise leis na haonaid oibre.

- (176) De réir údaráis na Fraince, fágann cuntasáocht chostála INRAP dá bhrí sin, gur féidir na costais iomlána a bhaineann le gach ceann de ghníomhaíochtaí INRAP a chinneadh go beacht, lena gcuimsítear gníomhaíochtaí na hearnála neamheacnamaíoch.
- (177) Cuireann údaráis na Fraince i gcoinne líomhain an ghearánaigh, dá dtagraíonn an Coimisiún ina chinneadh tosaigh, go bhfuil modh cuntasáochta costála INRAP claonta.
- (178) Míníonn siad, seachas an nasc a tharraingítear idir cuntasáocht chostála agus méid na bhfóirdheontas poiblí, go gcuirtear iontas orthu mar gheall ar dhearbhuí gan bhunús maidir le leibhéal fóirdheontas poiblí a líomhnaítear a bheith ró-ard. Déanann an Aireacht Cultúir méid na bhfóirdheontas sin a mheas i bhfianaise na riachtanas oibríochtúil agus buiséadach a eascraíonn as misean seirbhíse poiblí INRAP. Cuirtear an meastachán sin faoi bhráid na Parlaiminte ansin, agus glacann an Pharlaimint é i bhfoirm leithreasuithe buiséid arna n-iontráil i ndlí buiséadach. Coinníodh deontais oibríocháin a íocadh le hearnáil neamheacnamaíoch INRAP ar leibhéal cobhsaí (gan tacaíocht a bhaineann le COVID-19 a áireamh) le linn bhlianta airgeadais 2018, 2019 agus 2020.
- (179) De réir údaráis na Fraince, tá líomhain an ghearánaigh níos míchirte fós ós rud é, le haghaidh na 3 bliana airgeadais sin, nár leor na fóirdheontais sin chun na costais uile arna nginiúint ag gníomhaíochtaí na hearnála sin a chumhdach, ós rud é gur cumhdaíodh na dliteanais le hioncaim na hearnála iomaíche ⁽⁷²⁾.
- (180) Ina theannta sin, áitíonn údaráis na Fraince go bhfuil an Chúirt Iniúcháirí, ar cúirt neamhspleách í, ann chun cuntais phoiblí a iniúchadh, a mheas agus breithiúnas a thabhairt ina leith i gcomhréir leis na caighdeáin náisiúnta agus Eorpacha atá i bhfeidhm, agus na caighdeáin sin a bhaineann le cuntasáocht chostála san áireamh (féach Forathne 2012 dá dtagraítear in aithris 169 thuas).
- (181) Níor thionscain an Chúirt Iniúcháirí imeachtaí i gcoinne INRAP, áfach. Os a choinne sin, mar a luadh thuas, i dtuarascáil bhliantúil 2016 uaithi, leag an Chúirt Iniúcháirí béim ar an bhfeabhas a cuireadh ar chóras bainistíochta buiséadaí INRAP.
- (182) Ina theannta sin, cuireann údaráis na Fraince in iúl gur dhíol sásaimh d'fheidhm rialaithe riosca inmheánaigh na hAireachta Cultúir (MCIMR) in 2020 na hiarrachtaí a rinne INRAP chun a chur chuige rialaithe inmheánaigh a choinneáil ar bun agus a fheabhsú. Ar an gcaoi chéanna, in 2021, chinn an tSeirbhís Ghinearálta um Iniúcháireacht Eacnamaíoch agus Airgeadais (*Contrôle Général Économique et Financier – CGefi*), a dhéanann feidhmeanna rialaithe, iniúcháireachta agus comhairleacha faoi údarás an Aire Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais i gcomhréir go háirithe le Forathne Uimh. 2017-510 an 7 Aibreán 2017 agus Forathne Uimh. 2012-1246 an 7 Samhain 2012, go raibh cur chun feidhme rialaithe inmheánaigh bhuiséadaigh agus cuntasáochta ag INRAP a ceapadh chun cáilíocht na gcuntas a tarraingíodh suas a ráthú éifeachtach agus thug sé dá aire ardchaighdeán shocruithe rialaithe inmheánaigh INRAP.
- (183) Ar bhonn an mhéid thuas, áitíonn údaráis na Fraince gur lean INRAP, a chomhlíon na caighdeáin dhlíthiúla agus rialála maidir le cuntasáocht cheana féin roimh 2018, den chóras cuntasáochta costála atá ann cheana a neartú agus a mhionchoigeartú chun na ceanglais mhéadaitheacha a chomhlíonadh, agus na ceanglais sin a rinne an tÚdarás Iomaíochta a fhorchur in 2018 san áireamh, agus chun idirdhealú a dhéanamh chomh beacht agus is féidir idir an caiteachas agus an t-ioncam a bhaineann lena ghníomhaíochtaí seirbhíse poiblí, arna maoiniú ó chistí poiblí, agus na caiteachais agus an t-ioncam a bhaineann le gníomhaíochtaí iomaíocha, mar a léirítear le ráitis na n-iniúcháirí.

5.4. Easpa tras-fhóirdheonaithe agus comhoiriúnacht na mbeart atá faoi chonspóid

5.4.1. Cás na Fraince maidir le heaspa tras-fhóirdheonaithe

- (184) Ina mbarúlacha maidir leis an gcinneadh tosaigh, míníonn údaráis na Fraince, i gcomhréir leis na prionsabail a bhaineann leis an dualgas cruthúnais in ábhair státchabhrach, gur faoin gCoimisiún Eorpach atá sé a chruthú gurb ann do chabhair.
- (185) De réir údaráis na Fraince, shonraigh Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh nach mór don fhianaise inchoiritheach agus don ráiteas ar chúiseanna le cinneadh ón gCoimisiún 'a chur ar a gcumas do na ndaoine lena mbaineann na cúiseanna atá leis an mbeart a fháil amach agus a chur ar a cumas don Chúirt inniúla a cumhacht athbhreithnithe a fheidhmiú' ⁽⁷³⁾. Míníonn siad freisin go leanann sé ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais nach mór don Choimisiún 'a áirithiú gurb ionann an fhaisnéis atá ar fáil dó, fiú má tá sí neamhiomlán agus ilroinnte, agus ... bonn leordhóthanach ar ar féidir teacht ar an gconclúid' ⁽⁷⁴⁾ gur tugadh cabhair.

⁽⁷²⁾ De réir na faisnéise a chuir údaráis na Fraince ar fáil, ghin gníomhaíochtaí neamheacnamaíocha INRAP cailteanas EUR 1,88 milliún le linn na tréimhse 2018-2020.

⁽⁷³⁾ Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 14 Iúil 2016, *Poblacht Chónaidhme na Gearmáine v an Coimisiún Eorpach*, T-143/12, ECLI:EU:T:2016:406, mír 59.

⁽⁷⁴⁾ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 17 Meán Fómhair 2009, *Coimisiún na gComhphobal Eorpach v MTU Friedrichshafen GmbH*, C-520/07 P, ECLI:EU:C:2009:557, mír 56.

- (186) De réir údaráis na Fraince, a mhéid a bhaineann lena chruthú gurb ann do thras-fhóirdheonú, shonraigh an Chúirt nach féidir a chur as an áireamh 'in éagmais aon chuntasaíocht ar leithligh dá ghníomhaíochtaí éagsúla, go raibh baol ann go ndéanfaí tras-fhóirdheonú [...] agus gur faoin gcúirt náisiúnta atá sé é sin a chinneadh freisin' ⁽⁵⁵⁾.
- (187) De réir údaráis na Fraince, áfach, ós rud é go raibh córas cuntasáiochta costais ag INRAP dá ghníomhaíochtaí iomaíocha agus neamhiomaíocha – fiú má d'admhaigh údaráis na Fraince féin go raibh an córas sin neamhfhoirfe – ní féidir nasc cúisíoch a shuí idir cuntasáiocht costais atá ann cheana ach atá neamhfhoirfe agus tras-fhóirdheonú a bheith ann.
- (188) Dá bhrí sin, áitíonn údaráis na Fraince, ós rud é gur chuir an Chúirt Iniúcháirí nó an tÚdarás Iomaíochta in iúl go bhféadfaí cuntasáiocht chostála INRAP a fheabhsú, nach cruthúnas ar thras-fhóirdheonú é sin ar bhealach ar bith.
- (189) I ndáil leis sin, cuireann siad in iúl gur chinn an Chúirt Ghinearálta 'murab ionann agus an méid a áitíonn na hiarratasóirí, ós rud é gur thathantaigh an Coimisiún ar Rialtas na Fraince a áirithiú go bhfeabhsófar córas cuntasáiochta La Poste amach anseo, ní sholáthraítear aon fhoras chun a thuiscint gur aithin an Coimisiún gurbh ann do thras-fhóirdheontas agus an cinneadh [atá faoi chonspóid] á ghlacadh' ⁽⁵⁶⁾.

5.4.1.1. Comhoiriúnacht an mhaoinithe ar bhonn Airteagal 53 RGBD

- (190) Ina mbarúlacha maidir leis an gcinneadh tosaigh, míníonn údaráis na Fraince go bhféadfadh sé gur deonaíodh státhchabhair do INRAP mar thoradh ar chuspóir chaomhnú na hoidhreacht — cé gur cuid bheag de chostais a ghníomhaíochtaí iomaíocha é.
- (191) Áitíonn údaráis na Fraince, áfach, murab ionann agus na barúlacha a thug EVEHA mar fhreagairt ar an gcinneadh tosaigh, nach gá dóibh cúiteamh dian agus riachtanach a chruthú as costais seirbhíse poiblí de réir bhrí Chinneadh SLEG ⁽⁵⁷⁾.
- (192) Agus iad den tuairim go bhféadfaí an maoiniú a deonaíodh do ghníomhaíochtaí iomaíocha INRAP a aicmiú mar státhchabhair, dhearbhaigh údaráis na Fraince é faoi Airteagal 53 RGBD agus, go sonrach, ar bhonn chreatacáim SA.42681 a glacadh chun Airteagal 53 RGBD a chur chun feidhme.
- (193) I ndáil leis sin, cuireann údaráis na Fraince in iúl go bhforáiltear le hAirteagal 53 RGBD go bhfuil cabhair le haghaidh caomhnú oidhreacht comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Áitíonn údaráis na Fraince go gcumhdaítear le hAirteagal 53(2)(b) RGBD 'oidhreacht inláimhsithe lena n-áirítear gach cineál oidhreacht cultúrtha sochorraithe nó dochorraithe agus láithreáin seandálaíochta, séadchomharthaí, láithreáin stairiúla agus foirgnimh; oidhreacht nádúrtha atá nasctha leis an oidhreacht chultúrtha nó má aithníonn údaráis phoiblí inniúla Ballstáit go foirmiúil í mar oidhreacht chultúrtha nó nádúrtha'.
- (194) Thairis sin, míníonn siad go bhforáiltear le hAirteagal 53(3) RGBD 'go bhféadfaidh an chabhair a bheith i bhfoirm', go sonrach, '(b) cabhair oibriúcháin', prionsabal ar cosúil go dtugann EVEHA faoi cheist ina aighneacht.
- (195) De réir údaráis na Fraince, a mhéid a bhaineann le costais incháilithe, tagann an chabhair a íoctar le INRAP mar chabhair oibriúcháin faoi Airteagal 53(5)(d), (e) agus (f) RGBD go príomha. Go sonrach, bhíothas in ann tacú le maoiniú na gcostas a bhaineann leis na háitribh is gá chun tochairt seandálaíochta a dhéanamh ar fud na críche náisiúnta a fháil ar cíós agus a fheistiú, le costais foirne chun infhaighteacht na speisialtachtaí eolaíocha agus na bhfoirne buana uile a áirithiú chun acmhainneacht oibriochtúil a áirithiú ar fud na críche agus i ngach timpeallacht.

⁽⁵⁵⁾ Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 10 Meitheamh 2010, *Fallimento Traghetti del Mediterraneo*, C-140/09, ECLI:EU:C:2010:335, mír 50.

⁽⁵⁶⁾ Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 25 Márta 1998, *FFSA agus Eile v an Coimisiún*, C-174/97 P, ECLI:EU:T:1998:130, mír 193.

⁽⁵⁷⁾ Cinneadh 2012/21/AE ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2011 maidir le hAirteagal 106(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm i ndáil le státhchabhair i bhfoirm cúitimh seirbhíse poiblí a dheonaítear do ghnóthais áirithe a bhfuil de chúram orthu seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a oibriú (IO L 7, 11.1.2012, lch. 3).

- (196) Dá bhrí sin, áitíonn údaráis na Fraince, murab ionann agus an méid a mhaíonn EVEHA ina bharúlacha, gur bunús dlí leordhóthanach é Airteagal 53 RGBD agus creatscéim SA.42681 chun costais oibriúcháin INRAP a mhaoiniú, toisc gur cosúil go gcomhlíontar na coinníollacha eile.
- (197) Thairis sin, cuireann údaráis na Fraince i dtábhacht go gcomhlíonann an chabhair a deonaíodh na coinníollacha déine a leagtar amach in Airteagal 53(6) agus (7) RGBD, lena ndéantar foráil maidir leis an bhféidearthacht don tairbhí brabús réasúnta a chur san áireamh. De réir údaráis na Fraince, ní féidir an brabús réasúnta a dhíospóid, i bhfianaise chorrach oibriúcháin íseal INRAP ⁽⁵⁸⁾ (i bhfianaise a ioncam) de [0,5-2,0] %, a dtugann an Coimisiún dá aire a chineál 'an-teoranta' in aithris 93 den chinneadh tosaigh.

5.4.1.2. Comhoiriúnacht an mhaoinithe ar bhonn Airteagal 107(3)(d) CFAE

- (198) Mar mhalairt air sin, míníonn údaráis na Fraince, d'ainneoin infheidhmeacht fhéideartha chreatscéim SA.42681, atá díolmhaithe ar bhonn Airteagal 53 RGBD, go bhfuil bunús maith le barúlacha an Choimisiúin, ina chinneadh tosaigh, maidir le comhoiriúnacht fhéideartha na cabhrach a dheonaítear do INRAP ar bhonn Airteagal 107(3)(d)
- (199) Míníonn údaráis na Fraince go bhforáiltear le hAirteagal 107(3)(d) CFAE go bhféadfar a dhearbhu go bhfuil cabhair chun cultúr agus caomhnú oidhreachta a chur chun cinn comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcás nach ndéanann an chabhair sin difear do dhálaí trádála agus iomaíocht san Aontas a oiread atá contrártha leis an leas coiteann.
- (200) Tugann údaráis na Fraince dá n-aire gur faoi na Ballstáit atá sé a chinneadh cé na tionscadail agus na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcultúr a chur chun cinn agus leis an oidhreacht a chaomhnú.
- (201) Míníonn siad, gan beann ar an scála ná ar an gcomhthéacs, go rannchuidíonn gach oibríocht a dhéanann INRAP, cibé acu sa réimse neamheacnamaíoch nó sa réimse eacnamaíoch, ar an láthair agus le linn céimeanna staidéir comhleanúnacha, le caomhnú na hoidhreachta seandálaíochta agus le cuspóirí beartais chultúrtha, cuir i gcás trí fheabhas foriomlán a chur ar an eolas eolaíoch, agus le cosaint na hoidhreachta seandálaíochta agus, dá bhrí sin, lena cur chun cinn.
- (202) Áitíonn siad go bhfuil an maoiniú, nach mbeadh INRAP in ann a chúraimí a chomhlíonadh dá uireasa, dírithe go hiomlán ar chultúr agus caomhnú oidhreachta a chur chun cinn.
- (203) Áitíonn siad go bhfuil gá leis an maoiniú chun go saothróidh INRAP a mhisin chun an oidhreacht seandálaíochta a chosaint, a chur chun cinn agus a choimirciú. Tá sé iomchuí agus comhréireach freisin. Gan an maoiniú sin, ní bheadh INRAP – a bhfuil sé d'oibleagáid air tochailtí a dhéanamh mar oibreoir na rogha deiridh – in ann, ina aonar, na costais a bhaineann go dlúth leis na hoibleagáidí sin a íoc ar bhonn an ioncaim a ghintear lena ghníomhaíochtaí tochailte seandálaíochta amháin. Dá bhrí sin, in éagmais an mhaoinithe sin, ní bheadh cuid de na misin chun an oidhreacht seandálaíochta atá á saothrú ag INRAP a chosaint, a chur chun cinn agus a choimirciú inbhuanaithe san fhadtéarma.
- (204) Comhfhreagraíonn an maoiniú a dheonaítear do INRAP chomh gar agus is féidir dá riachtanais bhuiséadacha, airgeadais agus oibríochtúla. Sular tionscnaíodh an próiseas imscrúdaithe foirmiúil, d'áitigh údaráis na Fraince go raibh an corrlach oibriúcháin (bunaithe ar ioncaim INRAP) le haghaidh 2008-2020 an-teoranta agus nach raibh ann ach [0,5-2,0] %, is é sin iarmhéid EUR [...] milliún. Dá bhrí sin, de réir údaráis na Fraince, ní dhéantar INRAP a 'rómhaoiniú' le cistí poiblí chun a ghníomhaíochtaí uile a dhéanamh.
- (205) Le linn an phróisis imscrúdaithe fhoirmiúil, sholáthair údaráis na Fraince freisin, don tréimhse 2008-2021, sonraí mionsonraithe maidir leis an ioncam agus an caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus neamheacnamaíocha INRAP:

⁽⁵⁸⁾ Ríomhtar an corrlach oibriúcháin mar a leanas: Corrlach oibriúcháin = (Ioncam – Costais)/Ioncaim.

Tábla 4

Ioncam agus caiteachas in earnáil neamheacnamaíoch INRAP le linn na tréimhse 2008-2021

	2008	2009	2010	2011	2012	2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	TOTAL
FINANCEMENTS PUBLICS DU SECTEUR NON-ECONOMIQUE															
Taxe affectée (RAP)															
Activité non-économique de l'INRAP	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
Subvention de fonctionnement MC	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
Activité non-économique de l'INRAP	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
Subvention Autres entités publiques	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
Projets de recherche et diffusion spécifiques de l'INRAP	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
Total financements	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
DEPENSES DU SECTEUR NON-ECONOMIQUE															
Diagnostics	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
Opérations 2001	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
Recherche	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
Valorisation	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
CCE	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
Total dépenses	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
Solde du secteur non-concurrentiel :															[...]

Tábla 5

Ioncam agus caiteachas in earnáil eacnamaíoch INRAP le linn na tréimhse 2008-2021

	2008	2009	2010	2011	2012	2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	TOTAL
RECETTES DU SECTEUR ECONOMIQUE															
Fouilles loi 2003	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
Fouilles AFAN	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
Prestations scientifiques	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
Conseil, expertise, formation	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
Sous total	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
Subvention pour charges de SP	0,00	0,00	0,00	0,00	0,00	0,00	0,00	3,85	5,80	5,80	7,24	0,00	0,00	0,00	22,69
Total recettes secteur concurrentiel	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
DEPENSES DU SECTEUR ECONOMIQUE															
Fouilles loi 2003	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
Fouilles AFAN	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
Prestations scientifiques	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
Conseil, expertise, formation	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
Sous total	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
CIR	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
Total dépenses après imputation du CIR	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
Solde du secteur concurrentiel :															[...]

- (206) Léiríonn an an fhaisnéis a chuir údaráis na Fraince ar fáil freisin gur thart ar EUR [...] milliún atá in iarmhéid (a thuigtear mar an difríocht idir ioncam agus caiteachas) earnáil eacnamaíoch INRAP le linn na tréimhse 2008-2021, rud a thugann corrlach oibriúcháin [2,8-4,6] % le linn na tréimhse ar fad.
- (207) Thairis sin, míníonn údaráis na Fraince nach ndéanann maoiniú ghníomhaíochtaí INRAP difear do dháláí trádála ná don iomaíocht a oiread atá contrártha leis an leas coiteann.
- (208) De réir údaráis na Fraince, tá éifeacht an-teoranta aige ar thrádáil, go háirithe ós rud é, mar gheall ar a chineál féin, go mbaineann sé le misin agus seirbhísí atá thar a bheith náisiúnta agus le misin a ghineann costais seirbhíse poiblí. Tá aon éifeacht dhiúltach ar an margadh thar a bheith teoranta, mar is léir ó na praghsanna a ghearrann INRAP ar an margadh tochairte nach ndéanann, de réir údaráis na Fraince, agus contrártha do líomhain an ghearánaigh, difear do choinníollacha trádála nó arb ionann iad agus praghsáil chreachach nó arb ionann iad agus éifeacht phlódaithe amach, go háirithe ós rud é go bhfuil siad níos airde ar an meán le linn na tréimhse faoi scrúdú ná na praghsanna a ghearrann oibreoirí eile i réimse na seandálaíochta coisctí. I ndáil leis sin, áitíonn údaráis na Fraince go bhfuil INRAP, i gcomhthéacs a ghníomhaíochtaí iomaíocha, aireach ar an bhfíoras go bhfuil aon bhrabúis ar dócha go bhfabhróidh sé ó gach oibriocht fós réasúnta. Míníonn siad, tar éis chinneadh an Údaráis Iomaíochta an 1 Meitheamh 2017, gur thug INRAP uirlis isteach chun a chorrlaigh a ríomh de réir oibriochta sular cuireadh isteach a thairiscintí le haghaidh conarthaí tochairte. Leis an uirlis sin, is féidir an mhodheolaíocht a chaighdeánú, agus a áirithiú ag an am céanna go ngineann INRAP brabús go huathoibríoch. Dá bhrí sin, i gcás gach oibriochta, áirithítear le INRAP go gcuirfead na costais uile ina n-iomláine san áireamh sa ghlanchorrlach réamh-mheasta. De réir údaráis na Fraince, fágann sé sin nach bhféadfadh sé go mbeadh INRAP in ann dul i mbun praghsáil chreiche riamh.

- (209) Thairis sin, a mhéid a bhaineann leis an rannchuidiú leis an gcuspóir leasa choitinn, de réir údaráis na Fraince, ní féidir aon amhras a bheith ann gur mó i bhfad na héifeachtaí dearfacha ná aon éifeacht dhiúltach a d'fhéadfadh a bheith ann, ós rud é gurb é atá i gceist cuspóir dlisteanach leasa ghinearálta a shaothrú i bhfoirm chaomhnú na hoidhreacht seandálaíochta, a bhfuil na modhanna ina leith le cinneadh ag na Ballstáit, agus a n-aithnítear a thábhachtaí atá sé freisin le CFAE, mar shampla in Airteagal 36 a mhéid a bhaineann le seoda náisiúnta a bhfuil luach seandálaíochta ag baint leo.
- (210) Ar deireadh, tháinig údaráis na Fraince ar an gconclúid go gcomhlíontar na critéir chomhoiriúnachta uile in Airteagal 107(3)(d) a mhéid a bhaineann leis an maoiniú a deonaíodh do INRAP.

6. MEASÚNÚ AR NA BEARTA ATÁ I gCEIST

6.1. Sainaithint na mbeart atá i gceist

- (211) Tugtar tuairisc i Ranna 3.1.1 agus 3.1.2 den Chinneadh seo ar an dá bheart atá i gceist, is iad sin (i) tras-fhóirdheonú a d'fhéadfadh a bheith ann idir gníomhaíochtaí neamheacnamaíocha INRAP agus a ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus (ii) fóirdheontais le haghaidh costais seirbhíse poiblí.
- (212) Tar éis tús a chur leis an bpróiseas, ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil ó EVEHA ná ón bhFrainc a chaith amhras ar shainaithint na mbeart sin
- (213) Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún an anailís seo a leanas.

6.2. Státchabhair a bheith ann

- (214) Faoi Airteagal 107(1) CFAE, 'aon chabhair arna deonú ag Ballstát nó arna deonú trí bhíthin acmhainní Stáit in aon fhoirm, agus a bhéarfadh nó is baolach a bhéarfadh saobhadh ar iomaíocht trí thaobhú le gnóthais áirithe nó le táirgeadh earraí áirithe, beidh sí neamh-chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach, sa mhéid go dtéann sí i gcion ar an trádáil idir Ballstáit'.
- (215) Dá bhrí sin, chun beart a bhreithniú mar státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, ní mór na critéir charnacha seo a leanas a chomhlíonadh:
- (a) ní mór an beart a bheith inchurtha i leith an Stáit agus ní mór é a dheonú trí acmhainní Stáit;
 - (b) ní mór an beart a bheith roghnaitheach agus ní mór dó dul chun tairbhe do ghnóthas atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha;
 - (c) ní mór buntáiste eacnamaíoch a thabhairt leis an mbeart; agus
 - (d) ní mór don bheart iomaíocht a shaobhadh nó bagairt a dhéanamh í a shaobhadh agus difear a dhéanamh do thrádáil idir na Ballstáit.
- (216) Ós rud é go bhfuil na critéir sin carnach, mura gcomhlíontar ceann amháin díobh ní féidir an beart a aicmiú mar státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

6.2.1. Fóirdheontais le haghaidh costais seirbhíse poiblí i ndáil le tochairtí seandálaíochta coiscthi

6.2.1.1. Coincheapa an ghnóthais agus na gníomhaíochta eacnamaíche

- (217) I gcomhréir le cásdlí socair, 'cumhdaítear le coincheap an ghnóthais aon eintiteas atá i mbun gníomhaíocht eacnamaíoch, gan beann ar stádas dlíthiúil an eintitis ná ar an mbealach a mhaoineítear é'⁽⁵⁹⁾. Dá bhrí sin, braitheann aicmiú eintitis áirithe mar ghnóthas go hiomlán ar chineál a ghníomhaíochtaí. Dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais 'gur gníomhaíocht eacnamaíoch í aon ghníomhaíocht arb é atá inti earraí agus seirbhísí a thairiscint ar mhargadh ar leith'⁽⁶⁰⁾.

⁽⁵⁹⁾ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 12 Meán Fómhair 2000, *Pavlov agus Páirtithe Eile*, Cásanna Uamtha C-180/98 go C-184/98, ECLI:EU:C:2000:428, mír 74.

⁽⁶⁰⁾ Féach an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 16 Meitheamh 1987, *an Coimisiún v an Iodáil*, 118/85, ECLI:EU:C:1987:283, mír 7; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 18 Meitheamh 1998, *an Coimisiún v an Iodáil*, C-35/96, ECLI:EU:C:1998:303, mír 36; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 12 Meán Fómhair 2000, *Pavlov agus Páirtithe Eile*, Cásanna Uamtha C-180/98 go C-184/98, ECLI:EU:C:2000:428, mír 75.

- (218) Mar a léirítear in aithrisí 19 go 21, osclaíodh an margadh le haghaidh tochairtí seandálaíochta coiscthí don iomaíocht le Dlí Uimh. 2003-707 an 1 Lúnasa 2003. I gcomhréir le hAirteagal L.523-8 den Chód Oidhreachta, féadfaidh forbróirí ceann de na hoibreoirí seo a leanas a roghnú chun ordú ón Stát a chur chun feidhme: (i) INRAP, (ii) roinn seandálaíochta áitiúil nó réigiúnach, nó (iii) aon eintiteas poiblí nó príobháideach eile, ar choinníoll go bhfuil a shaineolas eolaíoch creidiúnaithe ag an Stát.
- (219) Tugann an Coimisiún dá aire go gcuireann INRAP seirbhísí táillebhunaithe ar fáil ar an margadh dírialáilte le haghaidh tochairtí seandálaíochta coiscthí chun é a chur ar a gcumas d'fhorbróirí ordaithe rialtais a chomhlíonadh sula gcuirtear tionscadail forbartha talún i gcrích ⁽⁶¹⁾.
- (220) Dá bhrí sin, is gníomhaíochtaí eacnamaíocha iad gníomhaíochtaí tochairtí seandálaíochta coiscthí INRAP. Go deimhin, d'aithin an tÚdarás Iomaíochta an t-aicmiú sin mar ghníomhaíocht eacnamaíoch, ina chinneadh an 1 Meitheamh 2017, ⁽⁶²⁾ agus d'aithin a réamhtheachtaí (an Painéal Iomaíochta, *Conseil de la Concurrence*) é ina thuairim an 19 Bealtaine 1998 maidir le AFAN, réamhtheachtaí INRAP ⁽⁶³⁾.
- (221) Dá bhrí sin, níl aon amhras ach gur gnóthas é INRAP ar an margadh le haghaidh tochairtí seandálaíochta coiscthí chun críocha Airteagal 107(1) CFAE.
- (222) Ní easaontaíonn údarais na Fraince leis an gconclúid sin, ar tháinig an Coimisiún uirthi cheana ina chinneadh tosaigh.

6.2.1.2. Úsáid acmhainní Stáit agus a mhéid atá an beart inchurtha i leith an Stáit

- (223) I gcomhréir le hAirteagal 107(1) CFAE, ní fhéadfadh ach bearta arna ndeónú ag Ballstát nó trí acmhainní Stáit a bheith ina státchabhair. Is dhá choinníoll ar leith iad buntáiste a dheonú go díreach nó go hindíreach trí acmhainní Stáit agus a mhéid atá beart den sórt sin inchurtha i leith an Stáit, agus ní mór an dá choinníoll sin a chomhlíonadh chun a shuí gurb ann do státchabhair ⁽⁶⁴⁾.
- (224) Ar an gcéad dul síos, maidir leis an gcritéar a bhaineann le hinleagthacht don Stát, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhforáiltear do mhaoiniú INRAP le hAirteagal L. 524-1 den Chód Oidhreachta ⁽⁶⁵⁾. Thairis sin, is í an Aireacht Cultúir a dheonaíonn na fóirdheontais le haghaidh costais seirbhíse poiblí.
- (225) Dá bhrí sin, níl aon amhras ann go bhfuil an beart inchurtha i leith an Stáit.
- (226) Ar an dara dul síos, maidir le critéar na n-acmhainní Stáit, ba cheart a mheabhrú go gcuimsítear acmhainní uile na hearnála poiblí le hacmhainní Stáit ⁽⁶⁶⁾. Is iomaí cineál aistrithe acmhainní Stáit a d'fhéadfadh a bheith ann, ar nós deontais dhíreacha, iasachtaí, ráthaíochtaí, infheistíocht dhíreach i gcaipiteal cuideachtaí agus sochair chomhchineáil ⁽⁶⁷⁾. Is acmhainní Stáit iad fóirdheontais dhíreacha arna ndeónú ag eintiteas poiblí, de réir a gcineáil.
- (227) Dá bhrí sin, tá an beart atá i gceist a bhaineann le cabhair fhéideartha don earnáil iomaíoch inleagtha ar Stát na Fraince agus deonaítear é trí acmhainní Stáit.
- (228) Ar an gcaoi chéanna, ní easaontaíonn údarais na Fraince leis an gconclúid sin, ar tháinig an Coimisiún uirthi cheana ina chinneadh tosaigh.

⁽⁶¹⁾ I ndáil leis sin, féach aithrisí 19 go 20 den Chinneadh seo.

⁽⁶²⁾ Féach mír 57 den chinneadh ón Údarás Iomaíochta an 1 Meitheamh 2017: '... is éard atá i dtocairtí seandálaíochta coiscthí, a bhfuil a gcuspóirí agus a bpróiseas éagsúil ó na céimeanna eile sa phróiseas seandálaíochta, ... gníomhaíocht eacnamaíoch atá sainithe agus teorannaithe go sonrach le Dlí 2003'.

⁽⁶³⁾ Tuairim Uimh. 98-A-07 ón bPainéal Iomaíochta an 19 Bealtaine 1998 maidir le hiarraidh ar thuairim ar chur i bhfeidhm rialacha an dlí iomaíochta náisiúnta agus dlí iomaíochta an Aontais araon maidir le gníomhaíochtaí tochairtí seandálaíochta coiscthí: 'is gníomhaíocht eacnamaíoch é tochairtí seandálaíochta coiscthí a dhéanamh'.

⁽⁶⁴⁾ Féach, mar shampla, an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 16 Bealtaine 2002, *an Fhrainc v an Coimisiún* (Stardust), C-482/99, ECLI:EU:C:2002:294, mír 24; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 5 Aibreán 2006, *Deutsche Bahn AG v an Coimisiún*, T-351/02, ECLI:EU:T:2006:104, mír 103.

⁽⁶⁵⁾ Féach aithris 35 den Chinneadh seo.

⁽⁶⁶⁾ Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 12 Nollaig 1996, *Air France v an Coimisiún*, T-358/94, ECLI:EU:T:1996:194, mír 56.

⁽⁶⁷⁾ Fógra ón gCoimisiún maidir le coincheap na státchabhrach dá dtagraítear in Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (IO C 262, 19.7.2016, lch. 1) mír 51.

6.2.1.3. Roghnáíocht an bhirt

- (229) Chun a mheas gur státhabhair atá i gceist le beart, ní mór don bheart a bheith roghnaitheach, is é sin le rá ní mór dó a bheith i bhfabhar 'gnóthais áirithe nó táirgeadh earraí áirithe' de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.
- (230) Níor deonaíodh fóirdheontais le haghaidh costais seirbhíse poiblí ach do INRAP, cé go bhfuil gnóthais eile de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE gníomhach san earnáil chéanna leis an earnáil ina n-oibríonn INRAP. Ós rud é gur cabhair aonair é seo, glactar leis go bhfuil sé roghnaitheach ⁽⁶⁸⁾. Is é INRAP an t-aon eintiteas a fhaigheann na fóirdheontais sin. Dá bhrí sin, is beart roghnaitheach é de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE. Ar an gcaoi chéanna, ní easaontaíonn údaráis na Fraince leis an gconclúid sin, ar tháinig an Coimisiún uirthi cheana ina chinneadh tosaigh.

6.2.1.4. Buntáiste geilleagrach a bheith ann

- (231) Is é is buntáiste eacnamaíoch ann, de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, aon tairbhe nach bhféadfadh gnóthas a fháil faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh, is é sin in éagmais idirghabháil ón Stát ⁽⁶⁹⁾. D'fhéadfadh deonú buntáistí eacnamaíocha dearfacha agus faoiseamh ó ualaí eacnamaíocha ⁽⁷⁰⁾ araon a bheith ina mbuntáiste. Is catagóir leathan é an dara ceann lena gcuimsítear aon mhaolú ar mhuirir a áirítear de ghnáth i mbuiséad gnóthais ⁽⁷¹⁾.
- (232) Chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil buntáiste ann, ba cheart staid airgeadais an ghnóthais tar éis an bhirt a chur i gcomparáid lena staid airgeadais dá mba rud é nár tugadh an beart isteach ⁽⁷²⁾. Toisc nach ábhartha ach éifeacht an bhirt ar an ngnóthas, is neamhábharta é cé acu atá nó nach bhfuil an buntáiste éigeantach don ghnóthas sa chiall nach féidir leis é a sheachaint ná diúltú dó ⁽⁷³⁾.
- (233) Is féidir a mheas, i bprionsabal, go mbaineann costais a eascraíonn as oibleagáidí rialála arna bhforchur ag an Stát le costais bhunúsacha na gníomhaíochta eacnamaíche, ionas go dtabharfaidh aon chúiteamh as na costais sin buntáiste don ghnóthas ⁽⁷⁴⁾. Ciallaíonn sé sin nach n-eisiatar, i bprionsabal, buntáiste a bheith ann toisc nach dtéann an sochar thar chúiteamh ar chostas a eascraíonn as oibleagáid rialála a fhorchur. Tá feidhm ag an méid céanna maidir le faoiseamh i leith costas nach dtabhódh an gnóthas mura n-eascródh aon dreasacht as an mbeart Stáit toisc go ndéanadh sé a ghníomhaíochtaí a struchtúrú ar bhealach éagsúil gan an dreasacht sin.
- (234) Sa chás i dtrácht, is éard atá sa bheart fóirdheontas bliantúil chun INRAP a chúiteamh as cailleanais arna dtabhú mar thoradh ar na hoibleagáidí a fhorchuirtear air ina cháil mar oibreoir na rogha deiridh le haghaidh tochairtí seandálaíochta coiscthe. Dá bhrí sin, tugann cúiteamh as na costais sin, i bprionsabal, buntáiste eacnamaíoch do INRAP.
- (235) Eascraíonn an buntáiste eacnamaíoch as an bhfóras go scaoiltear INRAP ó ualaí eacnamaíocha áirithe a ghearrfaí ar a bhuiséad, agus go dtairbhíonn sé d'ioncam airgeadais nach bhfaigheadh sé faoi ghnáthdhálaí margaidh. Ar an gcaoi chéanna, ní easaontaíonn údaráis na Fraince leis an gconclúid sin, ar tháinig an Coimisiún uirthi cheana ina chinneadh tosaigh.

⁽⁶⁸⁾ Féach breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 4 Meitheamh 2015, *an Coimisiún v MOL*, C-15/14 P, ECLI:EU:C:2015:362, mír 60.

⁽⁶⁹⁾ Breithiúnas ón gCúirt Bheithiúnais an 11 Iúil 1996, *SFEI agus Páirtithe Eile*, C-39/94, ECLI:EU:C:1996:285, mír 60; breithiúnas ón gCúirt Bheithiúnais an 29 Aibreán 1999, *An Spáinn v an Coimisiún*, C-342/96, EU:C:1999:210, mír 41.

⁽⁷⁰⁾ Ar nós, mar shampla, buntáistí cánach nó laghduithe ar ranníocaíochtaí slándála sóisialta.

⁽⁷¹⁾ Breithiúnas ón gCúirt Bheithiúnais an 15 Márta 1994, *Banco Exterior de España*, C-387/92, ECLI:EU:C:1994:100, mír 13; breithiúnas ón gCúirt Bheithiúnais an 19 Meán Fómhair 2000, *An Ghearmáin v an Coimisiún*, C-156/98, ECLI:EU:C:2000:467, mír 25; breithiúnas ón gCúirt Bheithiúnais an 19 Bealtaine 1999, *an Iodáil v an Coimisiún*, C-6/97, ECLI:EU:C:1999:251, mír 15; Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 3 Márta 2005, *Heiser*, C-172/03, ECLI:EU:C:2005:130, mír 36.

⁽⁷²⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 2 Iúil 1974, *An Iodáil v An Coimisiún*, 173/73, ECLI:EU:C:1974:71, mír 13.

⁽⁷³⁾ Cinneadh 2004/339/CE ón gCoimisiún an 15 Deireadh Fómhair 2003 maidir leis na bearta arna gcur chun feidhme ag an Iodáil le haghaidh RAI SpA (IO L 119, 23.4.2004, lch. 1), aithris 69; tuairim ón Abhcóide Ginearálta Fennelly an 26 Samhain 1998, *an Fhrainc v an Coimisiún*, C-251/97, ECLI:EU:C:1998:572, mír 26.

⁽⁷⁴⁾ Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 25 Márta 2015, *an Bheilg v an Coimisiún*, T-538/11, ECLI:EU:T:2015:188, míreanna 74 go 78.

- (236) Ina mbarúlacha, áitíonn údaráis na Fraince nach cúiteamh seirbhíse poiblí é an cúiteamh as costais seirbhíse poiblí de réir bhrí rialú *Altmark*, ach cabhair oibriúcháin a chumhdaítear le hAirteagal 53 RGBD. Leis an réasúnaíocht sin, glacann údaráis na Fraince go hintuigthe leis go dtugann an fóirdheontas le haghaidh costais seirbhíse poiblí buntáiste eacnamaíoch do INRAP (ní chumhdaítear ach státchabhair le RGBD).
- (237) Mar sin féin, mar a chuir an Coimisiún in iúl ina chinneadh tosaigh, i gcás fóirdheontais a deonaíodh mar chúiteamh ar chostais seirbhíse poiblí, d'fhéadfaí measúnú a dhéanamh ar an mbuntáiste eacnamaíoch, mar mhalairt air sin agus ar mhaithe le hiomláine, i bhfianaise rialú *Altmark* ⁽⁷⁵⁾. Cinneadh sa rialú sin go bhféadfaí deonú buntáiste a chur as an áireamh i gcomhthéacs cúiteamh seirbhíse poiblí dá gcomhlíonfaí ceithre choinníoll charnacha:
- (1) ní mór oibleagáidí seirbhíse poiblí a bheith le comhlíonadh ag an ngnóthas faighteora iarbhír agus ní mór na hoibleagáidí sin a bheith sainithe go soiléir;
 - (2) ní mór na paraiméadair ar ar a mbonn a ríomhtar an cúiteamh a bhunú roimh ré ar bhealach oibiachtúil trédhearcach;
 - (3) ní fhéadfaidh an cúiteamh a bheith níos mó ná an méid is gá chun na costais uile nó cuid de na costais arna dtabhuí i gcomhlíonadh oibleagáidí seirbhíse poiblí a chumhdach, agus na fáiltais ábhartha agus brabús réasúnach as comhlíonadh na n-oibleagáidí sin á gcur san áireamh;
 - (4) más rud é, maidir leis an ngnóthas atá le hoibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh, nach roghnaítear é de bhun phróisis soláthair phoiblí, ní mór an leibhéal cúitimh is gá a chinneadh ar bhonn anailíse ar na costais a thabódh gnóthas tipiciúil, atá dea-riartha agus a soláthraítear modhanna iompair oiriúnacha dó ionas go bhfuil sé in ann na ceanglais seirbhíse poiblí is gá a chomhlíonadh, le linn dó na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, agus na fáiltais ábhartha agus brabús réasúnach as comhlíonadh na n-oibleagáidí á gcur san áireamh.
- (238) Mar gheall ar chineál carnach na gcoinníollacha a leagtar amach i mbreithiúnas *Altmark*, is leor ceann de na coinníollacha nach bhfuil le comhlíonadh chun gur státchabhair a bheidh sa chúiteamh, de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.
- (239) Gan dochar don anailís ar na coinníollacha eile, is léir nach gcomhlíontar an ceathrú critéar ar a laghad a mhéid nár cuireadh cúraimí INRAP de chúram air trí phróiseas soláthair phoiblí agus nach bhfuil aon fhianaise ann go gcomhfhreagraíonn méid an chúitimh do chostais gnóthais dea-riartha.
- (240) Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin go dtugann na fóirdheontais le haghaidh costais seirbhíse poiblí buntáiste eacnamaíoch do INRAP de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

6.2.1.5. Saobhadh iomaíochta agus éifeacht ar thrádáil

- (241) Meastar go ndéanann beart a dheonaíonn an Stát iomaíocht a shaobhadh nó bagairt go saobhfar iomaíocht léi i gcás ina bhfuil sé dóchúil go neartóidh sé staid iomaíoch an fhaighteora i gcomparáid le gnóthais eile lena bhfuil sé in iomaíocht ⁽⁷⁶⁾.
- (242) Chun críoch praiticiúil, go ginearálta, suitear go bhfuil saobhadh iomaíochta ann de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE nuair a dheonaíonn Stát buntáiste airgeadais do ghnóthas in earnáil léirscaoilte i gcás ina bhfuil iomaíocht, nó ina bhféadfadh iomaíocht a bheith ann ⁽⁷⁷⁾.
- (243) Mar a léirítear in aithrisí 19 go 21, osclaíodh an margadh le haghaidh tochairtí seandálaíochta coiscthí don iomaíocht le Dlí Uimh. 2003-707 an 1 Lúnasa 2003. Dá bhrí sin, aon bhuntáiste airgeadais a dheonaítear do INRAP i gcomhthéacs a ghníomhaíochtaí eacnamaíocha (ar nós fóirdheontais a dhámhachtain le haghaidh costais seirbhíse poiblí), is dócha go neartóidh sé a staid iomaíoch vis-à-vis oibreoirí seandálaíochta coiscthí eile, ón 1 Lúnasa 2003 ar a laghad.

⁽⁷⁵⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 24 Iúil 2003, *Altmark Trans*, C-280/00, ECLI:EU:C:2003:415, míreanna 87 go 95.

⁽⁷⁶⁾ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 17 Meán Fómhair 1980, *Philip Morris*, 730/79, ECLI:EU:C:1980:209, mír 11; Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 15 Meitheamh 2000, *Alzetta*, Cásanna Uamtha T-298/97, T-312/97 etc., ECLI:EU:T:2000:151, mír 80.

⁽⁷⁷⁾ Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 15 Meitheamh 2000, *Alzetta*, Cásanna Uamtha T-298/97, T-312/97 etc., ECLI:EU:T:2000:151, míreanna 141 go 147; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 24 Iúil 2003, *Altmark Trans*, C-280/00, ECLI:EU:C:2003:415.

- (244) A mhéid a bhaineann leis an gcritéar maidir le difear a dhéanamh don trádáil, is cásdlí socraithe é nach gá a shuí go bhfuil éifeacht iarbhrí ag an gcabhair ar an trádáil idir na Ballstáit, ach amháin an dócha go ndéanfaidh an chabhair difear don trádáil sin ⁽⁷⁸⁾.
- (245) Le Dlí Uimh. 2003/707 an 1 Lúnasa 2003 ceadaíodh d'oibreoirí ó Bhallstáit eile dul isteach i margadh na Fraince. Dá réir sin, leis an mbuntáiste airgeadais atá ag INRAP de bhua go ndéanfaidh cabhair dó in earnáil iomaíoch i bhfoirm fóirdheontas le haghaidh costais seirbhíse poiblí, is dócha go mbeidh sé níos deacra do na hoibreoirí sin dul isteach sa mhargadh agus go ndéanfar difear don trádáil idir na Ballstáit. Ar an gcaoi chéanna, ní easaontaíonn údarais na Fraince leis an gconclúid sin, ar tháinig an Coimisiún uirthi cheana ina chinneadh tosaigh.

6.2.1.6. Conclúid maidir le haicmiú na bhfóirdheontas le haghaidh costais seirbhíse poiblí mar chabhair

- (246) I gcomhthéacs an phróisis imscrúdaithe fhoirmiúil, níl aon bharúil faighte ag an gCoimisiún a athraíonn a mheasúnú sa chaoi gur cheart na fóirdheontas le haghaidh costais seirbhíse poiblí a aicmiú mar stáitchabhair.
- (247) Dá bhrí sin, ar na cúiseanna uile thuas, tagann an Coimisiún ar an gconclúid gur stáitchabhair i bhfabhar INRAP iad na fóirdheontas le haghaidh costais seirbhíse poiblí.

6.2.2. *Tras-fhóirdheonú féideartha idir gníomhaíochtaí neamhiomaíocha INRAP arna bhfóirdheonú ag an Stát agus a ghníomhaíochtaí iomaíocha*

6.2.2.1. Deighilt chuntasaíochta INRAP

- (248) Mar a mhínigh EVEHA (féach aithris 86), is é tras-fhóirdheonú féideartha idir gníomhaíochtaí neamheacnamaíocha INRAP agus a ghníomhaíochtaí eacnamaíocha croílár an ghearáin.
- (249) Ina chinneadh tosaigh, chuir an Coimisiún amhras mionsonraithe in iúl maidir le heaspa deighilte cuntasaíochta, ar nós an tras-fhóirdheonú idir gníomhaíochtaí 'neamhiomaíocha' INRAP agus a ghníomhaíochtaí 'iomaíocha' a chur as an áireamh. Níor tháinig sé ar chonclúid chinntitheach, áfach, maidir le heaspa deighilte den sórt sin agus, dá bhrí sin, maidir le cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí stáitchabhair a dheonú do INRAP ar an mbealach sin.
- (250) I bhfianaise na ndeacrachtaí a bhaineann le hoiriúnacht an chórais cuntasaíochta costála a chuir INRAP i bhfeidhm a fhionnadh, níor ghlac an Coimisiún, ina chinneadh tosaigh, seasamh cinntitheach maidir le stáitchabhair a bheith ann a eascraíonn as tras-fhóirdheonú a d'fhéadfadh a bheith ann, ach thug sé dá aire go bhféadfadh sé, in aon chás, measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht leis an margadh inmheánach.
- (251) Mar sin féin, ina bharúlacha mar fhreagairt ar an gcinneadh tosaigh, áitíonn EVEHA (féach aithrisí 75 et seq.) nach féidir leis an gCoimisiún seasamh a ghlacadh maidir le comhoiriúnacht birt go dtí go gcinntídh sé ar dtús an stáitchabhair é an beart sin. Dheimhnigh an Chúirt an seasamh sin i mbreithiúnas a tugadh le déanaí i gcás Vattenfall ⁽⁷⁹⁾.
- (252) Dá bhrí sin, ní mór don Choimisiún a chinneadh ar dtús cé acu atá nó nach bhfuil stáitchabhair ann sula ndéanfaidh sé cinneadh maidir le comhoiriúnacht fhéideartha aon chabhrach den sórt sin mar thoradh ar thras-fhóirdheonú a d'fhéadfadh a bheith ann.
- (253) Le linn an phróisis imscrúdaithe fhoirmiúil, fuair an Coimisiún barúlacha ó EVEHA ina leith sin (féach aithris 72), agus d'athdhearbhaigh sé a thuairim go raibh easpa deighilte cuntasaíochta iontaofa ann idir 2008 agus 2021.
- (254) Ar an gcaoi chéanna, fuair an Coimisiún argóintí údarais na Fraince (féach roinn 5.3) á rá go raibh córas cuntasaíochta costála i bhfeidhm cheana féin, idir 2008 agus 2018, ag INRAP, cé go bhféadfaí é a 'fheabhsú' (féach aithris (164), agus go raibh INRAP rannpháirteach ó roimh 2015 'chun cuntasaíocht chostála a bhunú, d'fhonn cáilíocht na faisnéise maidir lena phraghsanna costais agus a struchtúr agus a gcomhpháirteanna athraitheacha a fheabhsú.' (féach aithris 165). Luann údarais na Fraince freisin cinneadh ón Udarás Iomaíochta dar dáta 2017 ⁽⁸⁰⁾, cinneadh nár chinn go raibh 'easpa' deighilte cuntasaíochta iomchuí ann idir gníomhaíochtaí iomaíocha agus neamhiomaíocha ach thug siad dá n-aire mar sin féin go bhféadfaí 'an córas a fheabhsú'. Ar deireadh, tugann údarais na Fraince le fios, tar éis 2018 ar a laghad, go raibh cuntasaíocht chostála INRAP de

⁽⁷⁸⁾ Féach breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 14 Eanáir 2015, *Eventech v The Parking Adjudicator*, C-518/13, ECLI:EU:C:2015:9, mír 65; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 8 Bealtaine 2013, *Libert agus Páirtithe Eile*, Cásanna Uamtha C-197/11 agus C-203/11, ECLI:EU:C:2013:288, mír 76.

⁽⁷⁹⁾ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 13 Meitheamh 2024, *an Coimisiún v an Ísiltír*, C-40/23 P, ECLI:EU:C:2024:492, mír 35.

⁽⁸⁰⁾ Féach fonóta 29.

chineál a chuirfeadh cosc ar thras-fhóirdheonú a bhuí lena neartú sna blianta roimhe sin (féach aithris 170). Bhunaigh gnólacht cuntasaíochta é sin, a coimisiúnaíodh mar iniúchóir neamhspleách idir 2018 agus 2020 go háirithe (féach aithrisí 170 go 173).

- (255) Sa bhreis ar na breithnithe sin, sonraíonn an Coimisiún gur thug sé dá aire, le linn an phróisis imscrúdaithe fhoirmiúil, tuarascáil shaineolach an 18 Nollaig 2023, arna coimisiúnú ag *Tribunal de Commerce de Paris* (Cúirt Tráchtála Pháras) mar chuid de chaingean a thionscain EVEHA i gcoinne INRAP (an 31 Nollaig 2018) chun cúiteamh a fháil as damáiste a fulaingíodh mar thoradh ar chleachtais fhrithiomaíocha líomhnaithe INRAP.
- (256) Tá an tuarascáil ó na saineolaithe féin bunaithe ar an iniúchadh a rinne an t-iniúchóir neamhspleách dá dtagraítear in aithris 254 roimhe seo. Is mar seo a leanas conclúid an fhinné shaineolaigh:

‘Mar fhocal scoir, tar éis dúinn na seiceálacha uile a mheasamar a bheith iomchuí a dhéanamh, is féidir linn a dheimhniú go dtógtar na sonraí i dteachtaireacht INRAP an 1 Iúil 2021 óna chóras cuntasaíochta costála, atá comhsheasmhach leis na cuntais ghinearálta.

Ar na cúiseanna a leagtar amach sa tuarascáil seo agus a bhfuil achoimre orthu thuas, táimid in ann na figiúirí láimhdeachais a bhailíochtú (miondealú idir na hearnálacha brabús agus neamhbhrabús) [cló trom a chuir an finné saineolach leis].

Mar sin féin, ní féidir linn na sonraí costais a bhailíochtú (miondealú céatadán idir costais dhíreacha agus indíreacha le haghaidh gach ceann den dá earnáil gníomhaíochta), toisc nach bhfuil aon mhodheolaíocht ann chun costais indíreacha áirithe a leithdháileadh arna dtacú le critéir atá oibiachtúil agus láidir go leor [cló trom a chuir an finné saineolach leis].

Ní chiallaíonn sé sin ann féin gur gá go mbeadh na sonraí a sholáthraigh INRAP maidir le leithdháileadh costas indíreach mícheart. Ciallaíonn sé, mar atá cúrsaí faoi láthair, nach bhfuil bunús leordhóthanach leis an bpríomheochair leithdháilte a úsáidtear chun na costais sin a leithdháileadh idir an dá earnáil gníomhaíochta (brabúsach agus neamhbhrabúsach) chun bailíochtú a cheadú, go háirithe ós rud é go n-imíonn an eochair leithdháilte a úsáideann INRAP ón gcleachtas a fheictear go ginearálta in earnálacha eacnamaíocha inchomparáide.⁸¹ Líne curtha faoi ag an gCoimisiún

- (257) Tugann an Coimisiún dá aire, chun go dtiocfaidh maoiniú gníomhaíochta neamheacnamaíoch lasmuigh de na rialacha maidir le státchabhair, nach mór don Bhallstát lena mbaineann a áirithiú nach féidir an maoiniú a úsáid in imthosca ar bith chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha eile a thras-fhóirdheonú nó a fhóirdheonú go hindíreach.
- (258) Tugann an Coimisiún dá aire freisin gur féidir cosc a chur ar thras-fhóirdheonú trí chuntais ar leithligh a choinneáil, trí chostais agus ioncaim a leithdháileadh ar bhealach iomchuí agus trína áirithiú nach rachaidh aon chistiú poiblí chun tairbhe do ghníomhaíochtaí eile⁽⁸¹⁾.
- (259) Mar sin féin, léiríonn an fhaisnéis thuas, in ainneoin na mblianta grinnscrúdaithe, os comhair an Choimisiúin agus os comhair na n-údarás nó na gcúirteanna náisiúnta araon, nach raibh aon iniúchóir neamhspleách in ann a shuí go bhfuil bunús leordhóthanach leis an eochair leithdháilte nó leis na heochracha leithdháilte a úsáidtear chun na costais arna dtabhú ag INRAP idir an dá earnáil gníomhaíochta (eacnamaíocha agus neamheacnamaíocha) a leithdháileadh chun aon riosca tras-fhóirdheonaithe a chur as an áireamh.
- (260) Dá bhrí sin, cé go nglacann sé le hargóintí na Fraince maidir le córas cuntasaíochta costála a bheith ann arna chur i bhfeidhm ag INRAP agus maidir le hiarrachtaí údarais na Fraince é a fheabhsú (mar shampla don todhchaí), is amhlaidh fós go gceanglaítear ar an gCoimisiún, ag deireadh an phróisis imscrúdaithe fhoirmiúil, measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil státchabhair i bhfoirm tras-fhóirdheonú ann i bhfabhar INRAP.
- (261) Dá bhrí sin, is ar bhonn an chinnidh sin a dhéanfaidh an Coimisiún measúnú ar cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na coinníollacha uile a leagtar síos in Airteagal 107(1) CFAE.

6.2.2.2. Coincheapa an ghnóthais agus na gníomhaíochta eacnamaíche

- (262) Mar a léirítear in aithris 217, braitheann aicmiú eintitis ar leith mar ghnóthas go hiomlán ar chineál a ghníomhaíochtaí. Dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais ‘gur gníomhaíocht eacnamaíoch í aon ghníomhaíocht arb é atá inti earraí agus seirbhísí a thairiscint ar mhargadh ar leith’.

⁽⁸¹⁾ Féach mír 212 den fhógra ón gCoimisiún maidir le coincheap na státchabhrach.

- (263) Sa chás i dtrácht, maítear go n-eascaíonn an tras-fhóirdheonú féideartha a líomhnaíonn EVEHA as an maoiniú poiblí a dheonaigh Stát na Fraince d'earnáil 'neamhiomaíoch' INRAP.
- (264) Dá bhrí sin, is gá cineál na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an maoiniú sin a shainiú, is é sin na gníomhaíochtaí lena mbaineann meastóireachtaí seandálaíochta coiscthí, ullmhú tuarascálacha agus scaipeadh an eolais a thioctaidh astu (féach roinn 2.1.1).
- (265) Mar a mhínigh údaráis na Fraince, is seirbhís phoiblí leasa ghinearálta í an ghníomhaíocht mheastóireachta nach n-íocann an forbróir an t-oibreoir aisti.
- (266) Go deimhin, mar a mhínítear thíos, níl aon fhíormhargadh ann don ghníomhaíocht sin. Tá dlúthnasc idir an ghníomhaíocht mheastóireachta agus feidhmeanna poiblí an Stáit a bhaineann le forbairt talún arb é is aidhm dóibh oidhreacht seandálaíochta a chosaint.
- (267) Maoiníonn INRAP a ghníomhaíocht mheastóireachta trí fhóirdheontas oibriúcháin a íocann an Stát. Is seirbhís phoiblí leasa ghinearálta í an ghníomhaíocht seo atá dírithe ar an oidhreacht seandálaíochta a chaomhnú. Féachtar leis 'aon ghné den oidhreacht seandálaíochta a d'fhéadfadh a bheith ar an láithreán a shainithint agus tuairisc a thabhairt uirthi, trí bhíthin staidéar, suirbhéanna nó obair allamuigh, agus na torthaí a chur i láthair i dtuarascáil' (Airteagal R. 523-15(1) den Chód Oidhreachta).
- (268) Críochnaíonn an obair mheastóireachta le hullmhú tuarascála a chuirtear faoi bhráid an Stáit. Is cuid lárnach den mheastóireacht í an tuarascáil agus leagtar amach inti a torthaí. Is iad INRAP agus ranna údaraithe ábhartha na n-údarás áitiúil nó réigiúnach a tharraingíonn suas na tuarascálacha. Tá faisnéis eolaíoch iontu a chuireann ar a chumas don Stát ordú a thabhairt d'fhorbróirí bearta iomchuí cosanta oidhreachta a dhéanamh (tochailtí seandálaíochta coiscthí, leasuithe ar an tionscadal forbartha nó liostú mar shéadchomhartha stairiúil).
- (269) Déanann an Stát dianrialú ar an obair sin; déanann sé na meastóireachtaí a ordú agus a údarú agus déanann sé monatóireacht ar a gcur chun feidhme, rud a chuirtear de chúram ar roinn údaraithe d'údarás áitiúil nó réigiúnach nó ar INRAP. Ní roghnaíonn forbróirí cé a dhéanann an mheastóireacht. Leagtar síos an próiseas ainmniúcháin go docht leis an dlí: is iad ranna údaraithe na n-údarás áitiúil nó réigiúnach is tuisce a dhéanann an mheastóireacht; mura bhfuil siad in ann é sin a dhéanamh, is é INRAP a dhéanann é.
- (270) Is éard atá sa tuarascáil mheastóireachta sonraí seandálaíochta eolaíoch, doiciméad riaracháin agus taifead poiblí. Dá bhrí sin, is féidir le taighdeoirí seandálaíochta é a úsáid le haghaidh staidéir eolaíoch nach mbaineann le forbairt talún, gan aon srian.
- (271) Déanann INRAP gníomhaíochtaí taighde (tionscadail taighde a sheoladh, ailt a scríobh, páirt a ghlacadh i siompóisiamai eolaíoch, srl.) agus tionscnaimh chun torthaí seandálaíochta a phoibliú (cuidiú le taispeántais a eagrú srl.) go neamhspleách ar a ghníomhaíocht seandálaíochta coiscthí. Maoinítear iad go hiomlán le fóirdheontas oibriúcháin INRAP agus ní íocann tríú páirtithe astu.
- (272) Dá bhrí sin, ní gníomhaíocht eacnamaíoch ná iomaíoch í an ghníomhaíocht meastóireachta seandálaíochta coiscthí, i bhfianaise an bhealaigh a rialaíonn agus a eagraíonn an Stát í:
- (1) Ar an gcéad dul síos, níl aon mhargadh ann le haghaidh seirbhísí meastóireachta seandálaíochta coiscthí toisc gur chinn an Stát an tseirbhís sin a chur de chúram go heisiach ar INRAP nó ar údaráis áitiúla nó réigiúnacha.
 - (2) Ar an dara dul síos, tagann an ghníomhaíocht sin faoi fheidhmiú shainchumais an údaráis oifigiúil, de réir bhrí mhír 17 den fhógra ón gCoimisiún maidir le coincheap na státchabhrach: 'Níl feidhm ag Airteagal 107(1) den Chonradh nuair a ghníomhaíonn an Stát "i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil"; nó nuair a ghníomhaíonn eintitis phoiblí "ina gcáil mar údaráis phoiblí" (⁸²). Tá dlúthnasc idir an ghníomhaíocht meastóireachta seandálaíochta coiscthí agus feidhmiú shainchumais na cumhachta poiblí maidir leis an gcaoi ar mian leis an Stát pleanáil bailte agus tuaithe a bhainistiú agus a oidhreacht seandálaíochta agus

(⁸²) Sonraítear sa mhír chéanna den fhógra ón gCoimisiún 'Féadfar a mheas go bhfuil eintiteas ag gníomhú trí chumhacht phoiblí a fheidhmiú i gcás ina bhfuil an ghníomhaíocht i gceist ina cuid d'fheidhmeanna fíor-riachtanacha an Stáit nó i gcás ina bhfuil baint aici leis na feidhmeanna sin de réir a cineáil, a haidhme agus na rialacha a bhfuil sí faoina réir. Go ginearálta, mura rud é gur chinn an Ballstát lena mbaineann sásraí margaidh a thabhairt isteach, ní gníomhaíochtaí eacnamaíoch iad gníomhaíochtaí atá ina gcuid dhílis de shainchumais údaráis oifigiúil agus a dhéanann an Stát.'

stairiúil a chaomhnú. I ndáil leis sin, is é cuspóir na gníomhaíochta meastóireachta seandálaíochta coiscthí a fháil amach go soiléir an bhfuil rianta de lonnáoicht an duine san am a chuaigh thart ar láithreán ag baint úsáid as trealamh iomchuí agus ag tarraingt ar eolas eolaíoch an-speisialaithe. Tá gá leis an tasc anailíse sin chun an oidhreacht seandálaíochta a chaomhnú agus saothraíonn sé cuspóir leasa phoiblí nach bhfuil aon ghné eacnamaíoch ag baint leis. Is gníomhaíocht seandálaíochta í chun an oidhreacht a chosaint atá doscartha ó 'taighde le haghaidh tuilleadh eolais agus tuiscint níos fearr' agus 'scaipeadh torthaí taighde' de réir bhrí mhír 31 den fhógra ón gCoimisiún maidir le coincheap na stáitchabhrach.

- (3) Ar deireadh, i bhfianaise chineál agus ról sonrach na meastóireachtaí seandálaíochta coiscthí a dhéantar ar bhealach caighdeánaithe ar fud na tíre, agus ós rud é nach bhfuil fiormhargadh ann don chineál sin seirbhísi, is cosúil go bhfuil an ghníomhaíocht mheastóireachta neamh-inionadaithe de réir bhrí mhír 36 den fhógra ón gCoimisiún maidir le coincheap na stáitchabhrach ⁽⁸³⁾.
- (273) Dá bhrí sin, ní bhaineann sé le gníomhaíocht a bhaineann le hearraí agus seirbhísi a thairiscint ar mhargadh ar leith. Dá bhrí sin, na cúraimí cultúrtha agus eolaíoch sin a shaothraíonn cuspóir neamhbhrabúis leasa phoiblí, is cúraimí de chineál neamheacnamaíoch iad de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.
- (274) Thairis sin, i gcomhréir le mír 34 den fhógra ón gCoimisiún maidir le coincheap na stáitchabhrach, 'Ag cur san áireamh a gcineál ar leith, féadfar gníomhaíochtaí áirithe a bhaineann leis an gcultúr, leis an oidhreacht agus le caomhnú an dúlra a eagrú ar bhealach neamhthráchtála agus, dá bhrí sin, féadfaidh siad a bheith de chineál neamheacnamaíoch', rud is cosúil gurb amhlaidh i gcás gníomhaíochtaí meastóireachta INRAP.
- (275) Thairis sin, foráiltear le mír 37 den fhógra ón gCoimisiún 'I gcásanna ina ndéanann eintiteas gníomhaíochtaí caomhnaithe cultúrtha nó oidhreacht, ar gníomhaíochtaí neamheacnamaíoch a cuid acu mar a leagtar amach i míreanna 34 agus 36 agus ar gníomhaíochtaí eacnamaíoch a cuid acu, ní thiocfaidh maoiniú poiblí a fhaigheann sé faoi na rialacha maidir le stáitchabhair ach amháin a mhéid a chumhdaíonn sé na costais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí eacnamaíoch.'
- (276) Ós rud é, sa chás atá idir lámha, nach gcumhdaítear gníomhaíochtaí eacnamaíoch de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE leis an maoiniú poiblí atá nasctha leis na gníomhaíochtaí meastóireachta, measann an Coimisiún gur cheart, mar phrionsabal, é a eisiamh ó raon feidhme na rialacha maidir le stáitchabhair.
- (277) Baineann an chonclúid chéanna leis na gníomhaíochtaí a bhaineann le taighde agus le cur chun cinn na dtorthaí, ós rud é gur 'taighde le haghaidh tuilleadh eolais agus tuiscint níos fearr' agus 'scaipeadh torthaí taighde' iad de réir bhrí mhír 31 den fhógra ón gCoimisiún.
- (278) Ar an mbonn sin, measann an Coimisiún nach gníomhaíochtaí eacnamaíoch a iad na gníomhaíochtaí sin de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE agus, dá bhrí sin, nach dtagann siad faoi raon feidhme na rialacha maidir le stáitchabhair.
- (279) Mar sin féin, bheadh tionchar ag aon tras-fhóirdheonú idir gníomhaíochtaí neamheacnamaíoch INRAP – a bheadh, i bprionsabal, lasmuigh de raon feidhme Airteagal 107(1) CFAE – agus a ghníomhaíochtaí eacnamaíoch ar an margadh le haghaidh tochairtí seandálaíochta coiscthí a mhéid a chuirfeadh sé ar chumas INRAP tacaíocht a fháil ó Stát na Fraince a d'fhéadfadh sé a úsáid ar an margadh le haghaidh tochairtí seandálaíochta coiscthí.
- (280) Mar a léirítear in aithrisí 217 go 221, níl aon amhras ach, ar an margadh le haghaidh tochairtí seandálaíochta coiscthí, gur gnóthas é INRAP atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.
- (281) Dá bhrí sin, i bhfianaise anailís an Choimisiúin in aithrisí 248 go 261 thuas agus a chonclúide nach bhfuil aon ráthaíocht ann go mbeidh deighilt chuntasaíochta iontaofa ann a d'fhéadfadh tras-fhóirdheonú a chosc, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go dtéann cuid den mhaoiniú poiblí le haghaidh gníomhaíochtaí neamheacnamaíoch INRAP chun tairbhe gnóthais de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE ós rud é go bhféadfaí an mhaoiniú sin a úsáid le haghaidh tochairtí seandálaíochta.

⁽⁸³⁾ Mír 36 den fhógra ón gCoimisiún maidir le coincheap na stáitchabhrach: 'Ina theannta sin, tá go leor gníomhaíochtaí caomhnaithe cultúir nó oidhreacht neamh-inionadaithe go hoibiachtúil (mar shampla, cartlanna poiblí a choinneáil ina bhfuil doiciméid uathúla) agus dá bhrí sin ní áirítear fiormhargadh a bheith ann. Dar leis an gCoimisiún, cháileodh gníomhaíochtaí den sórt sin mar ghníomhaíochtaí de chineál neamheacnamaíoch freisin.'

6.2.2.3. Úsáid acmhainní Stáit agus a mhéid atá an beart inchurtha i leith an Stáit

- (282) Aon tras-fhóirdheonú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar INRAP le linn na tréimhse ó 2008 go 2021, is éard a bheadh ann cuid den mhaoiniú poiblí seo a leanas a deonaíodh le haghaidh ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha INRAP (féach aithris 36):
- (a) go dtí an 31 Nollaig 2015, cuid de na fáltais ón muirear seandálaíochta coiscthí (RAP);
 - (b) fóirdheontais ó leithreasuithe buiséid;
 - (c) ón 1 Eanáir 2016, fóirdheontas oibriúcháin arna íoc ag an Aireacht Cultúir i bhfoirm leithreasuithe buiséid dá bhforáiltear sa Dlí Buiséadach (Clár 175) ⁽⁸⁴⁾;
 - (d) fóirdheontas oibriúcháin arna íoc ag an Aireacht Cultúir i bhfoirm leithreasuithe buiséid dá bhforáiltear sa Dlí Buiséadach (Clár 186) ⁽⁸⁵⁾;
 - (e) fóirdheontais éagsúla ó eintitis phoiblí seachas na haireachtaí líne, bídís Francach nó ná bídís ⁽⁸⁶⁾.
- (283) Ar an gcéad dul síos, tugann an Coimisiún dá aire, mar a léirítear in aithris 224, go bhforáiltear do mhaoiniú INRAP le hAirteagal L. 524-1 den Chód Oidhreacht ⁽⁸⁷⁾ agus gurb é Stát na Fraince nó eintitis phoiblí a dheonaíonn an maoiniú.
- (284) Ar an dara dul síos, measann an Coimisiún gur acmhainní Stáit atá sa mhaoiniú dá dtagraítear thuas (aithris 282). Chuir údarais na Fraince in iúl gur oibrigh RAP, go dtí an 31 Nollaig 2015 ar a laghad, mar cháin a cuireadh in áirithe chun tairbhe dhíreach iad seo a leanas: (i) an Ciste Náisiúnta um Seandálaíocht Choisctheach (dá ngairtear 'FNAP' anseo feasta); agus (ii) oibreoirí meastóireachta (INRAP agus údarais áitiúla nó réigiúnacha). Is cásdlí socraithe é gur acmhainn Stáit í cáin a bhunaítear agus a leithdháiltear ar na faighteoirí (sa chás seo FNAP agus oibreoirí meastóireachta) ar bhealach ceangailteach leis an reachtaíocht náisiúnta ⁽⁸⁸⁾.
- (285) Thairis sin, mar a léirítear in aithris 226 den Chinneadh seo, is acmhainní Stáit de réir a gcineáil iad fóirdheontais a dheonaíonn eintiteas poiblí (an Aireacht Cultúir nó eintiteas poiblí eile).

6.2.2.4. Roghnaíocht an bhirt

- (286) Chun a mheas gur stáitchabhair atá i gceist le beart, ní mór don bheart a bheith roghnaitheach, is é sin le rá ní mór dó a bheith i bhfabhar 'gnóthais áirithe nó táirgeadh earraí áirithe' de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.
- (287) Ní bhaineann saincheist an tras-fhóirdheonaithe idir ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha INRAP agus a ghníomhaíochtaí eacnamaíocha ach le INRAP, cé go bhfuil gnóthais eile de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE gníomhach san earnáil eacnamaíoch agus iomaíoch chéanna leis an earnáil ina n-oibríonn INRAP.
- (288) Ós rud é gur cabhair aonair é seo, glactar leis go bhfuil sé roghnaitheach ⁽⁸⁹⁾. Is é INRAP an t-aon fhaighteoir amháin den mhaoiniú, agus ní féidir a chur as an áireamh go dtéann an maoiniú chun tairbhe dá ghníomhaíochtaí eacnamaíocha.
- (289) Dá bhrí sin, is beart roghnaitheach é de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

⁽⁸⁴⁾ Chuir údarais na Fraince in iúl, amhail ón 1 Eanáir 2016, go bhfuil an fóirdheontas sin curtha in ionad bhailiú díreach RAP ag INRAP, atá á íoc isteach i mbuiséad ginearálta an Stáit ó shin.

⁽⁸⁵⁾ Chuir údarais na Fraince in iúl gur rannchuidigh an fóirdheontas sin le cúraimí taighde agus scaipthe cultúrtha INRAP a chistiú.

⁽⁸⁶⁾ Tá sé ráite ag údarais na Fraince gur íocadh na fóirdheontais sin as oibríochtaí spriocdhírthe neamhiomaíocha a dhéanamh, go háirithe trí ghlaonna ar thograí, ar shuimeanna réasúnta beag.

⁽⁸⁷⁾ Féach aithris 35.

⁽⁸⁸⁾ Féach, mar shampla, breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 22 Márta 1977, *Steinike & Weinlig v an Ghearmáin*, C-78/76, míreanna 21-22.

⁽⁸⁹⁾ Féach breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 4 Meitheamh 2015, *an Coimisiún v MOL*, C-15/14 P, ECLI:EU:C:2015:362, mír 60.

6.2.2.5. Buntáiste geilleagrach a bheith ann

- (290) Is éard is buntáiste eacnamaíoch ann, de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, aon tairbhe eacnamaíoch nach bhféadfadh gnóthas a fháil faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh, is é sin in éagmais idirghabháil Stáit. D'fhéadfadh deonú tairbhí eacnamaíocha dearfacha agus faoisimh ó ualaí eacnamaíocha araon a bheith ina bhuntáiste. Is catagóir leathan é an dara ceann lena gcuimsítear aon mhaolú ar mhuirir a áirítear de ghnáth i mbuiséad gnóthais.
- (291) Ar an gcéad dul síos, tugann an Coimisiún dá aire go gciallaíonn an easpa ráthaíochta nach ann do thras-fhóirdheonú ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha INRAP trí chuid den chistiú Stáit a liostaítear in aithris 282 nach féidir a chur as an áireamh go bhféadfaí INRAP a shaoradh ó chostais a bhaineann go dlúth le feidhmiú a ghníomhaíochtaí eacnamaíocha.
- (292) Ar an dara dul síos, tagraíonn an Coimisiún dá mheasúnú in aithrisí 237 go 240 maidir le neamhchur i bhfeidhm rialú *Altmark* maidir leis na fóirdheontais le haghaidh costais seirbhíse poiblí, agus tá sé den tuairim nach bhfuil an rialú sin infheidhme maidir leis an mbeart sin ach oiread.
- (293) Ós rud é go bhfuil buntáiste eacnamaíoch ag INRAP nach mbeadh faighte aige faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh agus go bhfuil feabhas tagtha ar a staid airgeadais mar thoradh ar idirghabháil Stáit nó idirghabháil ó eintitis phoiblí eile, ní mór teacht ar an gconclúid go bhfuil buntáiste eacnamaíoch ag INRAP de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

6.2.2.6. Saobhadh iomaíochta agus éifeacht ar thrádáil

- (294) Meastar go ndéanann beart a dheonaíonn an Stát an iomaíocht a shaobhadh nó go bhfuil an baol ann go ndéanadh sé sin i gcás inar dócha go bhfeabhsóidh sé staid iomaíoch an fhaighteora i gcomparáid leis na gnóthais eile lena bhfuil sé in iomaíocht.
- (295) Chun críoch praiticiúil, go ginearálta, suitear go bhfuil saobhadh iomaíochta ann de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE nuair a dheonaíonn Stát buntáiste airgeadais do ghnóthas in earnáil léirscaoilte i gcás ina bhfuil iomaíocht, nó ina bhféadfadh iomaíocht a bheith ann.
- (296) Mar a léirítear in aithrisí 19 go 21 den Chinneadh seo, osclaíodh an margadh le haghaidh tochailtí seandálaíochta coiscthí don iomaíocht le Dlí Uimh. 2003-707 an 1 Lúnasa 2003. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh aon bhuntáiste a dheonaítear do INRAP san earnáil iomaíoch (go háirithe trí thras-fhóirdheonú ó mhaoiniú a fhaightear le haghaidh gníomhaíochtaí neamheacnamaíocha) a staid iomaíoch vis-à-vis oibreoirí seandálaíochta coiscthí eile a neartú.
- (297) A mhéid a bhaineann leis an gcritéar maidir le difear a dhéanamh don trádáil, is cásdlí socraithe é nach gá a shuí go bhfuil éifeacht iarbhrí ag an gcabhair ar an trádáil idir na Ballstáit, ach amháin an dócha go ndéanfaidh an chabhair difear don trádáil sin.
- (298) Le Dlí Uimh. 2003/707 an 1 Lúnasa 2003 ceadaíodh d'oibreoirí ó Bhallstáit eile dul isteach i margadh na Fraince. Dá réir sin, d'fhéadfadh an buntáiste airgeadais atá ag INRAP, as a n-eascaíonn cabhair dá earnáil iomaíoch i bhfoirm tras-fhóirdheonú, iontráil sa mhargadh a dhéanamh níos deacra do na hoibreoirí sin agus difear a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit.
- (299) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nach mór a mheas go bhféadfadh an beart an iomaíocht a shaobhadh agus difear a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit.

6.2.2.7. Conclúid maidir le haicmiú mar chabhair toisc nár sholáthair córas cuntasaíochta costála INRAP aon ráthaíocht maidir le heaspa tras-fhóirdheonaithe

- (300) Ar bhonn na mínithe thuas, measann an Coimisiún, tar éis an phróisis imscrúdaithe fhoirmiúil, nach bhfuil aon fhianaise dhochloíte faighte aige a chuirfeadh ar a chumas a chur as an áireamh go cinntitheach gurb ann do thras-fhóirdheonú. Cuirtear i dtábhacht sna tuarascálacha cuntasaíochta arna dtarraingt suas ag iniúchóirí neamhspleácha, go háirithe an tuarascáil is déanaí an 18 Nollaig 2023 dá dtagraítear thuas (féach aithrisí 255 agus 256), nach bhfuil aon mhodheolaíocht ann chun costais indíreacha áirithe a leithdháileadh le tacaíocht ó chritéir atá oibiachtúil agus láidir go leor. Dá bhrí sin, ní bhailíochtaíonn na tuarascálacha an eochair leithdháilte a úsáidtear chun na costais arna dtabhú ag INRAP dá ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus neamheacnamaíocha a leithdháileadh.

- (301) Ós rud é (i) nach ndearna iniúcháirí neamhspleácha bailíochtú ar an bpríomheochair leithdháilte costas, arb é an t-aon mhodh é chun tras-fhóirdheonú a chosc, d'ainneoin roinnt iniúchtaí a bheith déanta, agus (ii) go gcomhlíontar na coinníollacha uile a leagtar síos in Airteagal 107(1) CFAE, tagann an Coimisiún ar an gconclúid gur stáitchabhair é cuid den mhaoiniú poiblí a fuair INRAP i ndáil lena ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha de réir bhrí an Airteagail sin, ós rud é go bhféadfadh sé go n-úsáidfí é i ndáil lena ghníomhaíochtaí eacnamaíocha ar an margadh le haghaidh tochairtí seandálaíochta coiscthí.

6.3. Neamhdhleathacht na mbeart atá i gceist

- (302) Tugann an Coimisiún dá aire gur dheonaigh údarais na Fraince na fóirdheontais le haghaidh costais seirbhíse poiblí⁽⁹⁰⁾ cheana féin chomh maith leis an maoiniú a d'fhéadfaí a úsáid chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha INRAP a thras-fhóirdheonú.
- (303) Ós rud é nár thug údarais na Fraince fógra faoi na bearta sin sular chuir siad chun feidhme iad, theip orthu a n-oibleagáid faoi Airteagal 108(3) CFAE a chomhlíonadh, agus tá an stáitchabhair a deonaíodh do INRAP neamhdhleathach.

6.4. Comhoiriúnacht na mbeart atá i gceist

- (304) Áitíonn údarais na Fraince go gcumhdaítear na costais seirbhíse poiblí atá i gceist le creatscéim SA.42681 (arna glacadh ar bhonn Airteagal 53 RGBD) (féach aithrisí 192 go 197).
- (305) Mar sin féin, i bhfianaise a chonclúide nach raibh an deighilt chuntasaíochta iontaofa agus doshéanta (féach Roinn 6.2.2.1), measann an Coimisiún nach gcomhlíontar ceann amháin ar a laghad de choinníollacha Airteagal 53 RGBD. Foráiltear le hAirteagal 53(7) RGBD '... ní rachaidh an méid cabhrach thar a bhfuil riachtanach chun na cailteanais oibriúcháin agus brabús réasúnta a chumhdach le linn na tréimhse ábhartha. Déanfar é sin a áirithiú *ex ante*, ar bhonn réamh-mheastacháin réasúnta, nó trí shásra aisghlámtha'. I bhfianaise na heaspa deighilte cuntasaíochta doshéanta agus iontaofa idir na gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus neamheacnamaíocha, bheadh sé dodhéanta na costais agus na hioncaim sin a chinneadh go beacht le haghaidh gníomhaíochtaí tochairtí seandálaíochta, go háirithe i gcásanna ina ngníomhaíonn INRAP mar oibreoir na rogha deiridh. Go sonrach, foráiltear le hAirteagal 53(5) RGBD, i gcás cabhair oibriúcháin, go gcuimsítear le costais incháilithe 'costais oibriúcháin a bhaineann go díreach leis an tionscadal...', 'costais le haghaidh pearsanra atá ag obair do... thionscadal' agus 'costais le haghaidh seirbhísí comhairleacha agus tacaíochta arna soláthar ag comhairleoirí seachtracha agus ag soláthraithe seirbhíse seachtracha'. Sa chás i dtrácht, ní féidir na tionscadail a ngníomhóidh INRAP mar oibreoir na rogha deiridh ina leith a shainathint roimh ré, agus níl cuid de na costais a bhaineann leis an ngníomhaíocht áirithe sin (féach Table 3 thíos), ar nós costais bhreise a bhaineann le háitreabh a reáchtáil, nasctha le tionscadail shonracha, toisc gur costais bhuana struchtúracha iad.
- (306) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún, cé gur chuir údarais na Fraince ar aghaidh í mar chúis lena mheas go bhfuil an chabhair comhoiriúnach, nach bhfuil an bunús dlí sin infheidhme maidir leis an gcás atá idir lámha.
- (307) Mar thoradh air sin, is gá scrúdú a dhéanamh ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear an maoiniú a fhaigheann INRAP le ceann de na forais a leagtar amach in Airteagal 107(3) CFAE. Féadfar a mheas go bhfuil cabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach má mheasann an Coimisiún go gcumhdaítear í le ceann de na forais a liostaítear in Airteagal 107(3) CFAE⁽⁹¹⁾.
- (308) Le hAirteagal 107(3)(d) CFAE foráiltear go bhféadfar a mheas go bhfuil 'cabhair chun cultúr agus caomhnú na hoidhreacht a chur chun cinn, i gcás nach ndéanann an chabhair sin dífeall do dhálaí trádála agus iomaíocht san Aontas a oiread atá contrártha leis an leas coiteann, comhoiriúnach leis an margadh inmheánach'.
- (309) Ós rud é go dtagann na bearta a chonspóideann EVEHA — maidir leis na fóirdheontais le haghaidh costais seirbhíse poiblí agus aon tras-fhóirdheonú a d'fhéadfadh a bheith ann araon — faoi raon feidhme an mhaoinithe phoiblí le haghaidh gníomhaíochtaí tochairtí seandálaíochta, is maoiniú iad, ina n-iomláine, ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá nasctha le caomhnú cultúir agus oidhreacht a chur chun cinn. Dá bhrí sin, ní mór comhoiriúnacht an dá bheart a scrúdú ar bhonn Airteagal 107(3)(d).

⁽⁹⁰⁾ Ar na cúiseanna a leagtar amach in aithris (305) thíos, measann an Coimisiún nach gcumhdaítear an chabhair atá i gceist le socrú díolúine ar nós RGBD agus, dá bhrí sin, go bhfuil sí neamhdhleathach de réir bhrí Airteagal 108(3) CFAE.

⁽⁹¹⁾ Baineann na díolúintí a leagtar amach in Airteagal 107(3) CFAE leis an méid seo a leanas: (a) cabhair chun forbairt eacnamaíoch réigiún áirithe a chur chun cinn; (b) cabhair chun cuidiú le tionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a chur i gcrích nó chun suaithéadh tromchúiseach i ngeilleagar Ballstáit a leigheas; (c) cabhair chun forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe nó limistéar eacnamaíoch áirithe a éascú; (d) cabhair chun cultúr agus caomhnú oidhreacht a chur chun cinn; agus (e) cabhair eile, arna cinneadh le cinneadh ón gComhairle.

- (310) D'agair údaráis na Fraince an bunús dlí sin chun a áitiú go raibh an dá bheart comhoiriúnach leis an margadh inmheánach (féach aithrisí 199 go 210).
- (311) Go háirithe, mhínigh údaráis na Fraince gur rannchuidigh gach oibríocht a rinne INRAP san earnáil eacnamaíoch le caomhnú na hoidhreacht seandálaíochta agus le cuspóirí beartais chultúrtha, go háirithe tríd an oidhreacht seandálaíochta a chosaint agus a chur chun cinn (féach aithris 201) sa Fhrainc.
- (312) Mhínigh siad freisin, go háirithe, maidir leis na tochailtí seandálaíochta ar ghníomhaigh INRAP mar oibreoir na rogha deiridh ina leith, nach mbeadh sé in ann a chúraimí a chomhlíonadh murach an maoiniú atá faoi chonspóid ag EVEHA. D'áitigh údaráis na Fraince gurbh é cuspóir iomlán an mhaoinithe a fuair INRAP cultúr a chur chun cinn agus oidhreacht a chaomhnú (féach aithris (202)).
- (313) Ar deireadh, luaigh siad go raibh an maoiniú a deonaíodh do INRAP teoranta dá cheanglais bhuiséadacha, airgeadais agus oibríochtúla a chumhdach, a mhéid a bhí corrlach oibríocháin INRAP le haghaidh 2008-2020 an-teoranta agus nach raibh sé ach [0.5-2] %, is é sin iarmhéid EUR [...] milliún a thabhairt (féach aithris 204), agus nár dhócha go ndéanadh an maoiniú difear do dhálaí trádála agus iomaíocht a oiread a bheadh contrártha don leas coiteann (féach aithrisí 207 agus 208).
- (314) Os a choinne sin, ina bharúlacha mar fhreagairt ar an gcinneadh tosaigh, d'áitigh EVEHA nach raibh an cur chuige sin maidir le measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht fóna ó thaobh an dlí de (féach Ranna 4.1 agus 4.2).

6.4.1. *Maidir leis an bhféidearthacht scrúdú comhpháirteach a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na mbeart atá i gceist ar bhonn Airteagal 107(3)(d) CFAE*

- (315) Sula ndéanfar anailís ar chomhoiriúnacht na mbeart atá i gceist, ní mór don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar argóintí EVEHA chun a shuí an bhfuil bunús maith leo agus, má tá, an mbeadh an measúnú comhoiriúnachta comhpháirteach, a bheartaítear sa chinneadh tosaigh ar bhonn Airteagal 107(3)(d) CFAE infheidhme ar deireadh.

6.4.1.1. *Argóintí EVEHA maidir le neamhfheidhmeacht cur chuige chomhpháirtigh*

- (316) Áitíonn EVEHA, sula ndéantar measúnú comhoiriúnachta, nach mór beart a aicmiú ar dtús mar státhabhair (féach aithrisí 74 go 75), nach mór dul i ngleic leis an aicmiú sin ar bhonn gníomhaíocht ar ghníomhaíocht ag féachaint ar gach margadh ábhartha (féach aithrisí 76 go 78) agus, ós rud é go n-áitíonn na húdaráis gur de chineál neamheacnamaíoch iad cuid de na gníomhaíochtaí a dhéanann INRAP, nach féidir an maoiniú uile a aicmiú mar státhabhair (féach aithrisí 79 go 81). Thairis sin, áitíonn EVEHA, de réir a anailíse féin ar chinntí an Choimisiúin maidir le státhabhair, go gceanglaítear ar an gCoimisiún, i bprionsabal, agus scrúdú á dhéanamh aige ar chomhoiriúnacht sraithe beart, gach beart a shainaithint agus a scrúdú ar a sheal chun a chinneadh an státhabhair é agus an bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach (féach aithris 82).

6.4.1.2. *Anailís an Choimisiúin mar fhreagairt ar na hargóintí a chuir EVEHA chun cinn*

- (317) Ar an gcéad dul síos, ós rud é, ar na cúiseanna a leagtar amach i Roinn 6.2, nach mór na bearta atá i gceist a aicmiú mar státhabhair, tá an chéad argóint a chuir EVEHA chun cinn (féach aithris 316), chun críoch praiticiúil, gan éifeacht.
- (318) Ar an dara dul síos, ós rud é go gcumhdaítear leis na fóirdheontais le haghaidh costais seirbhíse poiblí agus le haon tras-fhóirdheontais araon gníomhaíochtaí tochairle seandálaíochta coiscthí, arb ionann iad agus an ghníomhaíocht chéanna (gan beann ar an gcaoi a maoinítear iad) agus margadh ábhartha aonair, tá an argóint a chuirtear chun cinn ar an bpointe sin gan éifeacht freisin.
- (319) Ar an tríú dul síos, gan beann ar sciar suntasach den mhaoiniú a fuair INRAP a bheith ann le haghaidh gníomhaíochtaí neamheacnamaíocha (féach aithrisí 262 go 278), tá sé beartaithe leis an státhabhair a shainaithin an Coimisiún (féach Roinn 6.2) gan tacú ach le gníomhaíochtaí tochairle seandálaíochta coiscthí nach bhfuil a gcineál eacnamaíoch faoi dhíospóid. Dá bhrí sin, ar an gcúis chéanna, tá an argóint a chuir EVEHA chun cinn gan éifeacht.

- (320) Ar deireadh, maidir leis an argóint a bhaineann le hoibleagáid líomhnaithe an Choimisiúin (nó lena chleachtas cinnteoireachta) maidir le gach beart cabhrach a shainaithint agus ansin gach beart cabhrach a scrúdú ar a sheal chun a chinneadh ar cheart é a aicmiú mar státchabhair agus an bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach, tugann an Coimisiún dá aire gur shainaithin sé na bearta cabhrach ar leithligh (fóirdheontais le haghaidh costais seirbhíse poiblí agus tras-fhóirdheontais a d'fhéadfadh a bheith ann), agus gur tháinig sé ar an gconclúid gur dhírigh siad ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha céanna – is iad sin gníomhaíochtaí tochailte seandálaíochta coiscthí INRAP – agus gur féidir na gníomhaíochtaí sin a aicmiú mar ghníomhaíochtaí cultúrtha sa mhéid go rannchuidíonn siad le caomhnú na hoidhreachta. Dá bhrí sin, arís eile, measann an Coimisiún nach bhfuil éifeacht leis an argóint a chuir EVEHA chun cinn.

6.4.1.3. Argóintí EVEHA maidir le neamhfheidhmeacht Airteagal 107(3)(d)

- (321) Ar an gcéad dul síos, áitíonn EVEHA ina bharúlacha nach bhfuil feidhm ag Airteagal 107(3)(d) CFAE maidir leis na bearta atá i gceist, toisc go n-eascaíonn 'toirmeasc ginearálta dian' ar aon chineál tras-fhóirdheonaithe as cásdlí bunaithe agus as cleachtas cinnteoireachta an Choimisiúin araon (féach aithrisí 86 go 89).
- (322) Ar an dara dul síos, áitíonn EVEHA go bhfuil Airteagal 107(3)(d) CFAE le cur i bhfeidhm go docht agus nach bhfuil feidhm aige maidir le fóirdheontais 'ghinearálta' i réimse an chultúir (féach aithrisí 91 agus 92). Thairis sin, áitíonn EVEHA nach féidir le hAirteagal 107(3)(d) cabhair atá curtha in áirithe d'oibreoir aonair a chumhdach, ach amháin cabhair a dheonaítear do ghrúpa oibreoirí a rannchuidíonn le forbairt na hearnála (féach aithris 93).
